

**An Ghníomhaireacht um
Chaomhnú Comhshaoil**
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

2025

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2025

© An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2026

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a e ráthú. Ní ghlacann an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le haon fhreagracht de dheasca caillteanais ná damáiste a tharla nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó ina iomláine, de thoradh aon duine a bheadh i mbun gníomhaíochta nó gan bheith ag gníomhú de dheasca aon ábhar de chuid an fhoilseacháin seo. Féadfar an foilseachán seo a atáirgeadh go hiomlán nó go páirteach gan cead breise, ar choinníoll go ndéanfar an fhoinsé a admháil.

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Arna dhearadh ag Clever Cat

An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil,
Bosca Oifige Poist 3000,
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin,
Co. Loch Garman,
Éire

Íomhánna le caoinchead Paula T. Nolan agus baill foirne an GCC

Íomhá chlúdaigh: Loch Léin, Cill Áirne

Grianghraf de chuid: Tadhg O'Mahony

ISBN: 978-1-80009-350-8

Rinneadh struchtúrú agus ailíniú ar leagan amach na tuarascála seo chun Plean Straitéiseach an GCC 2022–2026 a léiriú



Ár gCuspóir

An comhshaol a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú trí rialúchán, eolas ar an eolaíocht agus obair le dreamanna eile



Ár bhFís

Mairimid ar bhealach inbhuanaithe i gcomhshaol sláintiúil a n-aithníonn gach duine a luach agus atá á chosaint ag gach duine

Ár Luachanna & Iompar



Gairmiúil

Bíonn ardchaighdeán ag baint lenár gcaidrimh agus lenár gcuid oibre

- Glacaim freagracht as mo chuid oibre agus táim freagrach as mo chuid cinntí
- Éistim le daoine eile agus tá meas agam ar éagsúlacht tuairimí



Iontaofa

Bímid ag gníomhú ar bhealach ionraic mar cheannaire neamhspleách agus cuirimid an comhshaol chun cinn

- Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise agus fíricí is fearr atá ar fáil
- Tá mé ionraic agus trédhearcach i mo chaidreamh le dreamanna eile



Dírithe ar an gCustaiméir agus ar Pháirtithe Leasmhara

Éistimid go gníomhach lenár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara agus tuigimid iad chun seirbhísí iontacha a dhearadh agus a chur ar fáil

- Cuirim dearcthaí ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara san áireamh i ngach rud a dhéanaim
- Oibrím chun luach pobail agus ár bhfís a chur ar fáil



Comhoibríoch

Oibrímid i dteannta dreamanna eile chun ár gcomhshaol agus sláinte a chosaint

- Oibrím le dreamanna eile chun torthaí níos fearr a chur ar fáil
- Roinnim mo chuid ama, acmhainní agus eolais chun tacú le mo chomhghleacaithe



Nuálach

Bímid i mbun nuálaíochta agus téimid i dtaithí ar chúrsaí chun ár bhfís agus straitéis a chur ar fáil

- Bainim triail as smaointe nua chun an bealach a ndéanaim mo chuid oibre a fheabhsú, agus mé eolach nach mbeidh sé i gceart agam i gcónaí
- Tacaím le agus cosnaím nuálaíocht chun ár bhfís a chur ar fáil

LIOSTA NA NGIORRÚCHÁN

ÁC2.5, ÁC10	Ábhar Cáithníníneach	ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
AMR	Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach	EDS	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
AQUILA	Líonra Eorpach na Saotharlanna Tagartha Náisiúnta um Cháilíocht an Aeir	EIONET	Gréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaoil
ASF	Aigéad Sárfhluarochtánóch	ELV	Teorainnluachanna Astaíochtaí
B2B	Gnólacht le Gnólacht	ENR	Eagraíocht Neamhrialtasach
B2C	Gnólacht le Tomhaltóir	ENSREG	Grúpa Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach
BAT	Na Teicnící is Fearr atá ar Fáil	EPR	Freagracht níos mó ar an Táirgeoir
CBC	Córas Bainistíochta Comhshaoil	ETIEM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus Matamaitic
CBTE	Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach	ETIM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
CCBC	Córas Comhtháite Breathnaithe Carbóin	FFU	Fógra Fiuchta Uisce
CCFT	Córais Chóireála Fuíolluisce Tí	F-ghás	Gás fluairínithe
CCIM	Athrú Aeráide i Meon na hÉireann	FLAG	Bearta Feirme agus Tírdhreacha le haghaidh uirlis léarscáilithe Talmhaíochta
CCNAAA	Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide	FNT0	Fóram Náisiúnta an Taighde Oscailte
CCTN	Clár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta	FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
CENAE	Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip	GCT	Gáis Ceaptha Teasa
CERTEX	Córas Malartaithe Deimhnithe	GEC	An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán
CFR	An Coiste Feidhmiúcháin Riosca	GEC	An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil
CIR	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	GIFA	An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach
CMÚSC	Na Rialacháin maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán	GLOBE	Foghlaim Dhomhanda agus Breathnóireachtaí a théann chun Tairbhe don Chomhshaoil
Coibhéis Mt CO2	Coibhéis Dé-ocsaíd Charbóin Milliún Tonna	GNCTC	An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um Thaighde Comhshaoil
CS	Comhaontú Seirbhíse	HIA	Hidreacarbóin Iltimthriallacha Aramatacha
CSAT	An Clár um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán	ICAS	Innéacs Chaighdeán an Aeir don tSláinte
CTA AE	Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí	IÉDE	Ionad na hÉireann um an Dlí Eorpach
CTA1, CTA2	An Córas Trádála Astaíochtaí	iNAP3	An tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Sláinte Amháin na hÉireann maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach 2026-2030
CTFTA	An Coinbhinsiún ar Thruailliú Fadraoin Trasteorann an Aeir	IPCC	An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide
CTU	An Chreat-treoir Uisce	ISSCOP	Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann
CÚIECR	Ceannairí na nÚdarás Inniúil Eorpach um Chosaint ar Radaíocht	ITES	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
DA	Díleá Anaeróbach		
DTLL	Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach		

JAI	Junior Achievement Ireland
LAB	Líonra Ardbhainistíochta
LBC	An Líonra Bainistíochta agus Ceannaireachta
LBC	Liosta na mBeart Ceartaitheach
LCFCÉ	An Líonra um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann
LEAP	Tairseach Rochtana um Cheadúnas agus Forfheidhmiú
LOAÉ	Líonra Oiriúnaithe Aeráid Éireann
MÉAA	Measúnú na hÉireann ar Athrú Aeráide
MRDC	Measúnú Riosca ar Dhliteanais Chomhshaoil
MST	Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
MT	Meabhrán Tuisceana
MWh	Meigeavatauaireanta
NEC	An Treoir maidir le Gealltanais Náisiúnta Laghdaithe ar Astaíochtaí
NEPanna	Tosaíocht Náisiúnta Forfheidhmithe
NMVOC	Comhdhúile Orgánacha So-ghalaithe Neamh- Mheatáin
NRNAA	Measúnú Riosca Náisiúnta ar an Athrú Aeráide
OGM	Orgánach Géinmhodhnaithe
OSPAR	Coinbhinsiún Osló (1972) agus Pháras (1974) chun an tAtlantach Thoir Thuaidh a chosaint
PARC	Comhpháirtíocht chun Rioscaí ó Cheimiceáin a Mheasúnú
PBDAI	Plean Bainistíochta Dúnadh, Athchóirithe agus larchúraim
PianoForte	An Chomhpháirtíocht Eorpach um Thaighde ar Chosaint Radaíochta
POS	An Phríomh-Oifig Staidrimh
RAFC	An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil
RCD	An Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill
RCT	Rialú Comhtháite ar Thruailliú
RFC	Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil
RNI	Radaíocht Neamhianúcháin
RS	An Roinn Sláinte

RSFGN	An Roinn Slándála Fuinnimh agus Glan-Nialas
RTBM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
RTRÁO	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
SA	Soláthar Airgeadais
SARC	Seirbhís Athbhreithnithe Rialála Chomhtháite
SBI	an Fochomhlacht um Chur Chun Feidhme
SBSTA	an Fochomhlacht um Chomhairle Eolaíoch agus Teicneolaíoch
SCCT	Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha
SETU	Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
SF	Saoráil Faisnéise
SÍÓ	Substaintí Ídithe Ózóin
SIP	Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
SNRR	An Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin
SPG	Soláthar Poiblí Glas
SSG	Srian ar Shubstaintí Guaiseacha
SSPF	Substaintí sár- agus pola-fhluarailcilithe
SUP	Plastigh Aonúsáide
T&S	Tógáil agus Scartáil
TAT	An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha
TCC	Tionscnaimh Chomhchláraithe
TDTN	Tomhasairí dlúis taise núicléach
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
THM	Tríhalaimeatáin
TLL	Trealamh Leictreach agus Leictreonach
TOManna	Truailleáin Orgánacha Mharthanacha
UÉ	Uisce Éireann
ÚFCS	an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
ÚSS	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
ÚTAÚTF	Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht
WAM	Le Bearta Breise
WEM	Le Bearta Reatha
WRZ	Crios Taighde Uisce





CLÁR NA NÁBHAR

LIOSTA NA NGIORRÚCHÁN	2
1. RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA	7
2. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN	8
3. COMHSHAOL ATÁ SLÁINTIÚIL AGUS FAOI CHOSAINT	13
3.1 Údarú Gníomhaíochtaí	13
3.2 Forfheidhmiú	15
3.3 Monatóireacht agus Measúnú	25
4. GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE	35
4.1 Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Stairiúla	35
4.2 Oiriúnú Aeráide	36
4.3 Léargais Iompraíochta	37
4.4 Eolaíocht Aeráide	37
4.5 Córas Bainistíochta Comhshaoil an GCC	38
5. TÁIRGEADH AGUS CAITHEAMH INBHUANAITHE	41
5.1 Clár an Gheilleagair Chiorclaigh	41
5.2 Rialáil	41
5.3 Staidreamh Dramhaíola	42
5.4 Cur i bhFeidhm	43
6. TIONCHAR ÉIFEACHTACH	47
6.1 Comhpháirtíochtaí agus Líonrú	47
6.2 Sonraí agus Faisnéis Thráthúil, Spriocdhírthe	49
6.3 Cumarsáid agus For-rochtain	53
6.4 Taighde	55
7. CULTÚR SÁRMHAITHEASA	59
7.1 Struchtúr na hEagraíochta	59
7.2 Acmhainní Daonna	61
7.3 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	63
7.4 Rialachas	63
8. AGUISÍNÍ	69
8.1 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997	69
8.2 Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí a Ceapadh	70
9. RÁITIS AIRGEADAIS	77
9.1 Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí 2025	77
9.2 Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach 2025	83
9.3 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le faoi bhráid Thithe an Oireachtais	87
9.4 Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	90
9.5 Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	91
9.6 Ráitis ar an Staid Airgeadais	92
9.7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	93
9.8 Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais	94



1. RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA



Ba bhliain eile í 2025 don GCC, nach raibh a sárú le fáil. Rinne ár bhfoirne monatóireacht ar cháilíocht an aeir agus an uisce ar fud na tíre, agus rinne cinn eile anailís ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus measúnú ar dhul chun cinn na hÉireann i dtreo spriocanna aeráide. Chinn an GCC líon méadaitheach de phríomhchinntí rialála a chuimsíonn earnálacha iolracha, agus chinntigh foirne forfheidhmithe go gcomhlíontar coinníollacha ceadúnais, lena n-áirítear ionchúisimh a ghlacadh nuair ba ghá. Bhí ár ngníomhaíochtaí fairsing i gcónaí agus tá siad ag leathnú gach bliain ar fud rialáil an chomhshaoil, ag soláthar eolas eolaíoch thráthúil agus ábhartha ar chomhshaol na hÉireann agus ag obair le daoine eile.

Cé go bhfuil móiminteam ag dul i méid san eolas agus sa ghníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil, tá easnaimh shuntasacha fós ann. Tá athrú ag teacht ar an aeráid in Éirinn cheana féin agus athléimneacht na haeráide ag éirí níos tábhachtaí fós. In 2025, d'fhoilsigh an GCC an chéad Mheasúnú Riosca Náisiúnta ar an Athrú Aeráide (MRNAA) in Éirinn a sholáthair measúnú cuimsitheach, fianaise-bhunaithe ar rioscaí aeráide reatha agus amach anseo d'Éirinn. Léiríonn monatóireacht an GCC gur chomhlíon cáilíocht aeir na hÉireann riachtanais reatha an AE, ach nár chomhlíon sí na treoirlínte ní ba dhéine an EDS, a bhféadfadh impleachtaí féideartha a bheith acu do shláinte daoine agus do chosaint an chomhshaoil. Maidir le cáilíocht an uisce, léiríonn monatóireacht agus measúnú an GCC go bhfuil laghdú leanúnach tagtha ar cháilíocht an uisce ar an iomlán, cé go bhfuil feabhsuithe áitiúla ann ina ndírítear ar ghníomhaíochtaí. Rinneamar dul chun cinn suntasach maidir le hiarratais cheadúnais thráthúla agus láidre a phróiseáil d'earnálacha tionsclaíocha agus laghdaíomar riaráistí faoi 30% in 2025. Tá ár gcuid oibre forfheidhmithe bunaithe ar riosca agus cigireachtaí ar an láthair dírithe ar shuíomhanna neamhchomhlíontacha agus freagraíonn siad ar theagmhais agus gearáin shuntasacha chomhshaoil. In 2025, thionscain an GCC imeachtaí dlíthiúla i roinnt cásanna, rud a d'fhág go raibh naoi gciontuithe ann mar thoradh.

Tá muintir na hÉireann níos buartha ná riamh maidir le timpeallacht ghlan agus shláintiúil. Tá cuid de na dúshláin chomhshaoil atá romhainn mar thír casta ach níl siad dosháraithe. Éilíonn réitigh uailmhian, tosaíocht agus cur i bhfeidhm cinntitheach. Tá an GCC tiomanta d'fhaisnéis thráthúil a sholáthar faoin gcomhshaol, gníomhú mar rialtóir comhshaoil iontaofa agus éifeachtach agus oibriú le daoine eile. Téann gníomhú chun ár gcomhshaol a chosaint chun tairbhe dár bhfolláine, dár ngeilleagar agus dár slite beatha.

Is é saineolas agus dúthracht fhoireann an GCC an rud a fhágann gur féidir ár gcuid oibre a dhéanamh, agus a spreagann ár misean chun timpeallacht shláintiúil, ghlan agus athléimneach a chinntiú do gach duine in Éirinn.

An Dr Eimear Cotter
Ard-Stiúrthóir an GCC¹

¹ Ceapadh ina Ard-Stiúrthóir í ar an 8 Márta 2026

2. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Leagtar béim sa Tuarascáil Bhliantúil seo le haghaidh 2025 ar an gcaoi a bhfuil an GCC ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin nua agus ar dhúshláin sheanbhunaithe, i ngach réimse den chomhshaoil in Éirinn.

Tá sé mar aidhm ag an GCC uisce níos glaine agus aer níos glaine a chur ar fáil agus neamhchosaint ar radaíocht, torann, ceimiceáin agus pataiginí díobhálacha a laghdú trí rialáil, forfheidhmiú, faireachán agus measúnú.

Ceadúnú

Tá ceadúnú agus rialáil chomhshaoil agus raideolaíoch i measc phríomhfheidhmeanna an GCC. Eisíodh 121 údarú san iomlán ar fud córais cheadúnaithe agus cheadaithe an GCC in 2025, lena n-áirítear astaíochtaí tionsclaíocha, dramhaíl, sceitheadh fuíolluisce, astarraingtí uisce, dumpáil ar muir, agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe. Chomh maith leis sin, is é an GCC údarás forfheidhmithe agus cur chun feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an AE.

Tá feabhsuithe leanúnacha ar phróisis ar siúl chun feabhas a chur ar chumas na Gníomhaireachta iarratais a phróiseáil níos tapúla agus chun soiléireacht níos fearr a thabhairt d'iarratasóirí agus do pháirtithe leasmhara maidir le hamlínte cinntí. Léirítear é seo sa laghdú 30% ar líon na n-iarratas atá fós idir lámha agus ag fanacht le cinneadh beartaithe do na hearnálacha Astuithe Tionsclaíocha, Rialú Comhtháite ar Thruailliú agus dramhaíola ag deireadh na bliana 2025 i gcomparáid le deireadh na bliana 2024.



Forfheidhmiú

Glacann an GCC cur chuige bunaithe ar riosca i leith cigireachtaí ar an láthair, atá ag díriú ar láithreáin neamhchomhlíontacha agus ag freagairt do theagmhais agus gearáin shuntasacha chomhshaoil. Rialaigh an GCC breis is 900 saoráid thionsclaíoch agus dramhaíola agus dhírigh sé ar bhainistiú dramhaíola, slándáil soláthair fuinnimh agus tionchair cáilíochta uisce. Chomh maith le láithreáin cheadúnaithe, cuireann an GCC reachtaíocht i bhfeidhm a bhaineann le húsáid, bainistíocht agus i gcásanna áirithe deireadh a chur de réir a chéile le substaintí ídithe ózóin agus gáis fhlúairínithe, micreaplaistigh agus ábhair nó táirgí eile a d'fhéadfadh a bheith truaillithe. In 2025, thionscain an GCC imeachtaí dlíthiúla i roinnt cásanna, rud a d'fhág go raibh naoi gciontuithe ann.

Dhírigh cigireachtaí cosanta radaíochta ar chomhlíonadh na Rialachán um Radaíocht Ionúcháin in earnálacha ardriosca amhail raideolaíocht idirghabhálach, cairdeolaíocht agus radagrafaíocht suímh thionsclaíoch.

Déanann an GCC maoirseacht ar ghníomhaíochtaí comhshaoil na n-údarás áitiúil agus aithníonn sé a ról ríthábhachtach i gcosaint an chomhshaoil. Rinne údaráis áitiúla dul chun cinn láidir i réimsí amhail dul i ngleic le gníomhaíochtaí dramhaíola mídhleathacha agus dramhaíl tógála agus scartála in 2025. Mar sin féin, tá gá le fócas méadaithe ar fhorfheidhmiú uisce, aer agus torainn chun na Tosaíochtaí Forfheidhmithe Náisiúnta a sheachadadh go hiomlán.

Lean an GCC ag cur acmhainní suntasacha ar fáil in 2025 chun dul i ngleic le baint móna ar mhórsála mídhleathach. Thug an GCC cuairt ar 46 suíomh ina n-iomlán, ar thailte portaigh ar fud seacht gcontae. Chuir an GCC caingean dlí chun cinn i gcoinne oibreoirí a measadh a bheith ag baint móna in éagmais ceadúnas RCT ón GCC. D'éirigh le caingne dlí sna Cúirteanna Dúiche agus sna hArd-Chúirteanna stop a chur le baint móna mídhleathach ar roinnt suíomhanna.

Caighdeán an Aeir

Cuireann an Clár Náisiúnta Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh de chuid an GCC sonraí fíor-ama ar fáil ó 115 stáisiún monatóireachta. Foilsíodh an Treoir maidir le hAer Comhthimpeallach (2024/2881/AE) ar an 23 Deireadh Fómhair 2024 agus tagann sí i bhfeidhm go dlíthiúil faoin 11 Nollaig 2026. Ceanglóidh an reachtaíocht athbhreithnithe monatóireacht bhreise ar pharaiméadair nua, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, cáithníní ultra-mhíne, amóinia, hidreacarbóin aramatacha ilchioclacha (PAHanna), carbón dubh, mearcair, agus miotail, chomh

maith le bunú dhá shár-shuíomh nua agus cúig limistéar ardtionchair. Cuireann an Treoir seo riachtanais samhaltaithe cáilíochta aeir ar gach Ballstát anois, agus Éire chun tosaigh ar thíortha eile, trí úsáid a bhaint as an mbonneagar a forbraíodh faoin tionscadal LIFE Emerald chun léarscáileanna cáilíochta aeir fíor-ama, réamhaisnéise laethúla agus ardaígh in aghaidh na huairé a tháirgeadh. Léirigh Tuarascáil Cáilíocht an Aeir in Éirinn 2024 gur chomhlíon Éire riachtanais reatha an AE, ach nár chomhlíon sí na treoirlínte ní ba dhéine an EDS. D'fhonn caighdeán atá le teacht agus spriocanna Straitéis Aeir Ghlain na hÉireann féin a chomhlíonadh, ní mór aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí ó théamh cónaithe agus ní mór infheistíocht a dhéanamh i gcórais iompair ar fud na tíre chun ár spleáchas ar ghluaisteáin a laghdú.

Uisce Óil

Tá cáilíocht an uisce óil i soláthairtí poiblí fós ard, rud a chinntíonn uisce óil sábháilte do thithe. Rinne Uisce Éireann dul chun cinn maidir le soláthairtí ar an Líosta na mBearta Ceartaitheach (LBC) a laghdú in 2025. Cé go bhfuil uasghrádú de dhíth fós ar 35 ionad cóireála le haghaidh athléimneacht amach anseo, is é seo an líon is ísle soláthairtí ar an LBC ó tugadh isteach é in 2008. Leanann clár cigireachta agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe an GCC ag sainaitheint ionaid atá i mbaol. Tá infheistíocht sna hionaid sin riachtanach chun soláthar óil slán a chinntiú amach anseo. Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe maidir le huisce óil le linn 2025, baineadh deich soláthar den LBC, rud a laghdaigh an daonra atá i mbaol faoi thart ar 58,500 duine.

Go luath in 2024, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur theip ar Éirinn an Treoir um Uisce Óil a chur chun feidhme go hiomlán maidir le Tríhalaimeatáin (THM). As na 21 soláthar atá sa ghearán, tá 19 gcinn réitithe anois, agus tá an dá cheann eile le réiteach faoi dheireadh 2026. Leanann an GCC ag diriú ar chomhlíonadh THM ina ghníomhaíochtaí forfheidhmithe. Tá an dul chun cinn maidir le luaidhe a bhaint dár líonra soláthair uisce rómhall fós. Ní mór don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil dul chun cinn ar an Straitéis Náisiúnta Luaidhe a thuairisciú, agus ní mór d'Uisce Éireann dlús a chur le gníomhartha faoina bPlean Maolaithe Luaidhe chun nochtadh daoine do luaidhe ina n-uisce óil a laghdú.

Cuireadh tuarascálacha ar an measúnú ar sceitheadh agus ar an bhféidearthacht maidir le feabhsuithe ar laghdú sceitheadh uisce faoi bhráid an AE i mí na Nollag 2025 mar a cheanglaítear faoin Treoir maidir le hUisce Óil (Treoir (AE) 2020/2184).

Cáilíocht an Uisce

Tá Clár Uisce an GCC freagrach as an gclár náisiúnta monatóireachta ar cháilíocht uisce a chomhordú agus a chur i bhfeidhm agus as tabhairt faoi mheasúnuithe teicniúla agus eolaíocha chun tuiscint a fháil ar na brúnna a théann i bhfeidhm ar uisce. Foilsíodh an Tuarascáil Shuaitheanta ar [Cháilíocht Uisce in Éirinn 2019-2024](#) i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus chuir sé an measúnú comhtháite trí bliana is déanaí ar fáil ar cháilíocht aibhneacha, lochanna, inbhir, uiscí

cósta, canálacha agus screamhuiscí na hÉireann. Léiríodh an tuarascáil go bhfuil laghdú leanúnach tagtha ar cháilíocht an uisce ar an iomlán, cé go ndearnadh roinnt feabhsuithe. Léiríonn na tuarascálacha is déanaí ón GCC roinnt feabhsuithe ar leibhéil na gcothaitheach inár n-uiscebhealaí le blianta beaga anuas, go háirithe sna ceantair ina bhfuiltear ag diriú ar ghníomhaíochtaí go háitiúil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha maidir le cáilíocht an uisce. Tá gá le tuilleadh laghduithe ar leibhéil na gcothaitheach chun tacú le héiceachórais shláintiúla, agus tá sé rithábachtach go mbaileoidh na páirtithe leasmhara go léir faisnéis níos fearr, maidir le cathain agus cá háit a bhfuil gníomhaíochtaí dearfacha á gcur chun feidhme ar an talamh.

Uisce Snámha

Léiríodh i [dTuarascáil](#) 2024 ar [Uisce Snámha](#), a foilsíodh i mí na Bealtaine 2025, go raibh cáilíocht an uisce den scoth ag 81% de na láithreacha snámha agus gur chomhlíon 96% díobh an t-íoschaighdeán. Tugadh le fios sa tuarascáil go bhfuil báisteach throm an tsamhraidh ag cur brú ar cháilíocht ár n-uisce snámha agus go bhfuil gá le hathléimneacht aeráide a ionchorprú i mbainistíocht éifeachtach uiscí snámha chun sláinte na snámhóirí a chosaint.

Fuíolluisce Uirbeach

Theip ar sceitheadh ó 59% de na gléasraí cóireála ceadúnaithe na caighdeáin cháilíochta eisiltigh a leag an GCC síos chun an comhshaol a chosaint a chomhlíonadh go comhsheasmhach. Is iad na príomhchúis leis na teipeanna seo ná bonneagar neamhleor, rud a thógfaidh tamall le réiteach, agus drochoibriú agus drochchothabháil na ngléasraí cóireála, nach mór d'Uisce Éireann aghaidh a thabhairt orthu mar ábhar práinne.

Leanann feabhsuithe spriocdhírithé ag ceantair tosaíochta ar thug an GCC aird orthu ag seachadadh torthaí dearfacha, agus thit líon na gceantar a bhí ag scaoileadh séarachais amh go laethúil ó 16 go 12 in 2025. Le linn 2025, rinne an GCC 287 cigireacht ar oibreacha cóireála fuíolluisce, méadú os cionn 30% ar an mbliain roimhe sin.

Tá an gléasra cóireála fuíolluisce is mó in Éirinn ag an Rinn i mBaile Átha Cliath ar cheann de 14 limistéar móra uirbeacha nár chomhlíon na caighdeáin éigeantacha chóireála agus cháilíochta eisiltigh sa Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Críochnaíodh uasghrádú mór acmhainne a ceapadh le go mbeadh an gléasra comhlíontach ag deireadh 2025.

Tháinig an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh athmhúnlaithe i bhfeidhm i mí Eanáir 2025 agus ní mór í a thrasú sa reachtaíocht náisiúnta faoi mhí Iúil 2027. Tugann sé isteach roinnt oibleagáidí nua agus níos déine ar bhonn céimnithe thar an dá scór bliain atá romhainn. Ní mór na riachtanais seo a chur san áireamh i bpleanáil agus i seachadadh sheirbhísí fuíolluisce na hÉireann amach anseo.

D'aithin [Cigireachtaí Chóras Cóireála Fuíolluisce Tí \(CCFT\) an GCC in 2024](#), a eisíodh i mBealtaine 2025, gur chríochnaigh údaráis áitiúla 1,390 cigireacht ar DWWTsanna in 2024.

Eisíonn údaráis áitiúla fógraí comhairleacha chun aghaidh a thabhairt ar CCFtanna a bhí ag teip, tháinig laghdú ar líon na bhfógraí comhairleacha a bhí oscailte ar feadh níos mó ná dhá bhliain ó 576 ag deireadh 2023 go 523 ag deireadh 2024, rud atá dearfach.

Radaíocht Ianúcháin agus Neamhianúcháin

Maidir le radaíocht ianúcháin, cuirtear sonraí ráta dáileoige gáma ó Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta an GCC ar fáil go poiblí trí shonraí a aistriú go huathoibríoch chuig an gCoimisiún Eorpach tríd an Ardán Eorpach um Malartú Sonraí Raideolaíochta agus trí shuíomh gréasáin an GCC ar bhonn uair an chloig. Foilsítear torthaí ó chlár mhonatóireachta radaíochta a chlúdaíonn an t-aer, an mhuir, timpeallacht, bia, agus uisce óil ar líne.

Déanann an GCC monatóireacht ar fhorbairtí a bhaineann le sábháilteacht núicléach trí theagmháil le páirtithe leasmhara idirnáisiúnta agus trí chórais fógra idirnáisiúnta. Áirítear leis na forbairtí sin oibriú fadtéarmach stáisiún cumhachta núicléacha, tógáil núicléach nua sa RA agus san Eoraip agus imeachtaí san Úcráin a dhéanann difear d'áiseanna núicléacha.

Le linn 2025, bhí an GCC i mbun plé le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta chun radaíocht neamh-ianúcháin a phlé agus lean sé de bheith ag freagairt ceisteanna a fuarthas ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile.

Gníomhú ar son na hAeráide

Tugann an GCC aghaidh ar Athrú Aeráide trí fhardail gháis cheaptha teasa na hÉireann a ullmhú, astaíochtaí a rialáil lena n-áirítear an Córas Eorpach Trádála Astaíochtaí agus an tSásra Coigeartaithe Teorainneacha Carboin a riar in Éirinn, tacú le taighde ar an eolaíocht aeráide, Measúnú Riosca Náisiúnta um Athrú Aeráide na hÉireann a ullmhú, líonra agus ardán Aeráide Éireann a chomhordú, agus an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide a éascú.

Fardail agus Réamh-mheastacháin ar Astaíochtaí

I mí Iúil 2025, foilsíodh [Fardal Sealadach gáis Cheaptha Teasa do 1990-2024](#) an GCC. Ba iad na príomhthorthaí ná gur tháinig laghdú 2% ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa i gcomparáid le 2023, agus tuairiscíodh laghduithe i ngach príomhearnáil seachas Foirgnimh.

Léiríodh i [Réamh-mheastacháin Gás Ceaptha Teasa 2024-2055](#), an GCC a foilsíodh i mí na Bealtaine 2025 go dtacódh na bearta atá curtha chun feidhme cheana ('reatha') le laghdú 9% ar astaíochtaí in 2030 i gcomparáid le 2018, agus go mbeadh bearta breise i bPleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 mar bhonn le laghdú 23%.

Léargais Oiriúnaithe agus Iompraíochta

D'fhoilsigh an GCC a chéad [Mheasúnú Riosca Náisiúnta ar an Athrú Aeráide \(MRNAA\)](#) in 2025, ag soláthar measúnú cuimsitheach, fianaise-bhunaithe ar rioscaí aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo d'Éirinn agus ag tacú le hoiriúnú aeráide eolasach agus pleanáil athléimneachta. Leanadh ar aghaidh ag tacú le pleanáil oiriúnaithe tríd an ardán um Aeráid Éireann agus trí Líonra Oiriúnaithe Aeráide Éireann (LOAÉ) a thacaíonn le grúpaí oibre, ag cur ar chumas comhoibriú ar fud earnálacha maidir le dúshláin oiriúnaithe comhroinnte agus cur i bhfeidhm faisnéise aeráide i mbeartas agus i gcleachtas a chur chun cinn.

Eolaíocht Aeráide

Lean an GCC ar aghaidh ag bainistiú rannpháirtíochta na hÉireann le Bonneagar Taighde Eorpach (ERIC) an Chórais Comhtháite Breathnaithe Carboin (CCBC), lena n-áirítear seoladh oifigiúil CCBC-Éire i mí na Nollag 2025, atá comhdhéanta d'eagraíochtaí agus de chomhlachtaí ar leo nó a bhainistíonn láithreáin CCBC nó a úsáideann sonraí ó na láithreáin sin i ngníomhaíochtaí taighde nó oibríochtúla. Lean sé seo ainmniú rathúil na bpríomhshuíomhanna in Éirinn mar shuíomhanna a chomhlíonann CCBC.

Thacaigh an GCC freisin le rannpháirtíocht na hÉireann i bpróisis iltaobhacha amhail an IPCC agus cruinniú COP30 sa Bhrasaíl.

Clár Inbhuanaitheachta an GCC

Tá an GCC ar an mbóthar ceart chun a astaíochtaí carbóin a laghdú thar an sprioc 35% faoi 2026 atá leagtha síos ina phlean straitéiseach agus a úsáid fuinnimh a laghdú tuilleadh thar an laghdú 58% a baineadh amach go dtí seo. I measc na dtionscadal éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe a cuireadh i gcrích go dtí seo, tá soilsiú LED atá tiosach ar fhuinneamh, téamh ísealcharboin (e.g., bithmhais agus teaschaidéil leictreacha) agus ár bhflít a aistriú chuig feithiclí atá go hiomlán leictreach. Suiteáladh PV gréine ar fhormhór fhoirgnimh an GCC in 2025 agus meastar go nginfidh siad 28% den riachtanas bliantúil leictreachais go neamhspleách.”.

Bhí na hastaíochtaí carbóin iomlána ó ghníomhaíochtaí an GCC in 2024, 35% ní b'íse ná an bhuntréimhse 2016-2018 mar gheall ar mheascán de dhícharbónú, bearta éifeachtúlachta fuinnimh, agus obair chumaisc.

Guilleagar Ciorclach

Tionsaíonn an GCC staitisticí oifigiúla maidir le giniúint agus cóireáil dramhaíola in Éirinn. Úsáidtear iad seo chun tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht na hÉireann maidir lena hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, críocha pleanála beartais agus bainistíochta dramhaíola agus chun an pobal a chur ar an eolas. Léirigh sonraí a eisíodh in 2025 go bhfuil giniúint dramhaíola fós ró-ard agus táthar ag tuar nach mbainfidh Éire spriocanna amach maidir le dramhaíl bhardasach agus phacáistithe a athchúrsáil do 2025.

Baintear úsáid mhaith as forálacha rialála chun ábhair a dhearbhu mar ábhar deireadh dramhaíola nó mar sheachtháirgí, rud a chabhraíonn leis an ngeilleagar ciorclach. Rinneadh breis is 300 measúnú agus cinneadh ar fhotháirgí chomh maith le hocht gcinneadh maidir le cás aonair deireadh dramhaíola a faomhadh. Tá feidhmiú céimneach trí chinneadh náisiúnta maidir le hábhair thógála (comhiomláin athchúrsáilte, asfalt fuarthas ar an suíomh, agus ithir agus cloch úrnua) faoi lánseol, ag barrfheabhsú úsáid acmhainní agus ag tacú le cosc dramhaíola i dtionscadail tógála.

Faoi Straitéis Soláthair Phoiblí Ghlas (SPG) an rialtais, tuairiscíonn an GCC gach bliain ar chur i bhfeidhm SPG ag Ranna Rialtais. Sa bhliain tagartha 2023, chuimsigh 49% de líon iomlán na gconarthaí ar luach os cionn €50k critéir ghlasa (in earnálacha ina bhfuil critéir ghlasa náisiúnta foilsithe ina leith).

Trína chlár náisiúnta um chosc ar dhramhaíl bia, thacaigh an GCC le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe san earnáil bia agus dí. Leanann gnólahtá sa slabhra soláthair bia de bheith páirteach sa Chairt um Chur Amú Bia, comhaontú deonach tionscail ina ngeallann baill cur amú bia a laghdú. Ag deireadh na bliana, bhí 90 ball a rinne ionadaíocht ar bhreis is 74,000 fostaí tar éis clárú.

Comhpháirtíochtaí agus Líonrú

In 2025, d'fhreastail an GCC ar Chomhchoistí Oireachtais éagsúla ar ábhair ar nós an mharú éisc i nDubhabhann i gCo. Chorcaí agus eastóscadh mídhleathach móna.

Comhordaíonn an GCC rannpháirtíocht na hÉireann i líonra tíortha LEE a athchóiríodh le déanaí, an Líonra Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (EIONET). Is líonra comhpháirtíochta é an EIONET de chuid an LEE agus a 38 ball agus a thíortha comhoibríocha. Tríd an líonra, bailíonn an LEE sonraí agus cuireann sé eolas agus comhairle ar fáil do lucht déanta beartas faoi chomhshaol na hEorpa. Faoi dheireadh 2025, bhí saineolaithe ó 24 eagraíocht Éireannach tar éis páirt a ghlacadh san Eionet, lena n-áirítear ó 11 eagraíocht atá nua sa líonra.

Taighde

Reáchtáilann an GCC clár taighde freagrúil a thacaíonn le forbairt beartais comhshaoil agus cinnteoireacht. Tá méadú ag teacht ar thábhacht ról an taighde eolaíoch maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le díghrádú comhshaoil. In 2025, bhronn an GCC €17 milliún ar 57 tionscadal taighde nua agus d'fhoilsigh sé 34 tuarascáil taighde, lena n-áirítear cloch mhíle 500ú Tuarascáil Taighde an GCC. Comhoibríonn an GCC le heagraíochtaí éagsúla freisin chun taighde comhshaoil a chómhaoiniú agus díríonn sé ar fhianaise eolaíoch ó thaighde arna mhaoiniú ag an GCC a ghlacadh isteach i mbeartas.

Cumarsáid agus For-rochtain

Is é suíomh gréasáin an GCC an príomhbhealach cumarsáide don Ghníomhaireacht i gcónaí, agus bhí breis agus 1,300,000 cuairt i rith 2025. Leanadh leis na hiarrachtaí chun lucht féachana nua a bhaint amach trí na meáin shóisialta, rud a chuir le hobair an GCC.

Tacaíodh le tionscadail eolaíochta saoránach trí chomhoibriú le heagraíochtaí éagsúla. I gCathair Luimnigh, d'fhoilsigh an tionscadal Aer Glan le Chéile, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, torthaí ó bhreis is 400 cónaitheoir a rinne monatóireacht ar leibhéil Dé-ocsaíde Nítrigine (NO₂). Leathnaigh an tionscadal go Cathair Phort Láirge in 2025, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, áit ar ghlac breis is 300 eolaí saoránach páirt sa staidéar i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Agus é ag plé le daoine óga agus lucht féachana nua, rinne an GCC urraíocht ar ghradam comhshaoil ag comórtas Eolaí Óg BT, agus lean sé ag obair i gcomhpháirtíocht le ECO-UNESCO agus Junior Achievement Ireland chun feachtas comhshaoil a mhéadú.

Cultúr Sármhaitheasa

Cuireann an GCC ionad oibre tacúil agus cuimsitheach chun cinn, a chuireann ar chumas na foirne luach poiblí a sholáthar agus fíis le haghaidh comhshaol inbhuanaithe a bhaint amach.

Tosaíocht straitéiseach don GCC is ea forbairt foirne agus ár saineolas a chothabháil. Tá meas ag ár lucht saothair ardoilte ar an bhfoghlaim agus leanann an GCC ag cur leis na deiseanna chun tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach.



3

Comhshaol atá Sláintiúil agus Faoi Chosaint

Cuirimid comhshaol atá sláintiúil agus faoi chosaint ar fáil.

Cuirimid uisce níos glaine, aer níos glaine ar fáil agus tá nochtadh laghdaithe ann maidir le radaíocht dhíobhálach, torann, ceimiceáin agus pataigin agus rialú, forfheidhmiú, monatóireacht agus measúnú á dhéanamh againn.

3. COMHSHAOL ATÁ SLÁINTIÚIL AGUS FAOI CHOSAINT

3.1 Údarú Gníomhaíochtaí

Tá téarmaí tagartha fairsinge ceadúnaithe ag an GCC agus tá sé freagrach as raon cúraimí a bhaineann le húdarú gníomhaíochtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol nó ar shláinte an duine. Cuimsítear san obair seo oibleagáidí na hÉireann a chur chun feidhme faoi Threoracha AE éagsúla trí mheasúnachtaí comhshaoil a dhéanamh sula gceadaítear nó sula ndiúltaítear údaruithe. Cuimsítear san obair seo Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chúil.

Ceadúnú agus Ceadú

Déanann an GCC a dhícheall ár bpróisis údaraithe a fheabhsú go leanúnach chun cinnteoireacht thráthúil a chinntiú, tréchar a mhéadú agus soiléireacht níos fearr a sholáthar d'iarratasóirí ar amlínte cinntí. Léirítear é sin i laghdú 30% ar líon na n-iarratas atá ar láimh (Cinneadh Réamh-Mholta) d'earnálacha na n-astaíochtaí tionsclaíocha (AT) agus an rialaithe comhtháite ar thruailliú (RCT) agus dramhaíola ag deireadh 2025 i gcomparáid le deireadh 2024. Cuidíonn córas ar líne na Gníomhaireachta chun iarratais ar cheadúnais a chur isteach agus próiseáil agus cumarsáid leictreonach le hiarratasóirí agus le páirtithe leasmhara d'fhonn seirbhís éifeachtúil do chustaiméirí agus tuairisciú cruinn agus tráthúil sonraí a chinntiú don Choimisiún Eorpach.

Tugtar achoimre i dTábla 1 ar na húdaruithe comhshaoil a dheonaigh an GCC in 2025 ar fud ár gcóras ceadúnaithe agus ceadaithe éagsúla, mar aon le líon na n-iarratas a fuarthas.

Eisíodh 121 údarú san iomlán, a chlúdaigh raon leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí lena n-áirítear astaíochtaí tionsclaíocha, diantalmhaíocht, dramhaíl, sceitheadh fuíolluisce, dumpáil ar muir, astarraingtí uisce agus Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (OGManna). Leanann an GCC de thosaíocht a thabhairt d'iarratais ar cheadúnais thionsclaíocha agus dramhaíola de réir na gcritéar foilsithe. Foilsítear liosta na n-iarratas tosaíochta go ráithiúil. Deonaíodh 34 ceadúnas AT, RCT agus dramhaíola san iomlán in 2025. Ina theannta sin, tugadh 12 áis cheadúnaithe earnáil na cóireála adhmaid agus 45 in earnáil an bhia agus dí i gcomhréir le Cinntí Cur Chun Feidhme ábhartha an Choimisiúin, rud a chinntíonn go ndéantar na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT) chun ardleibhéal cosanta comhshaoil a chinntiú.

In 2025, díriodh go háirithe ar mheasúnú a dhéanamh ar cheadúnais na hearnála dramhaíola chun an riaráiste iarratas a bhí idir lámha a laghdú. D'éirigh leis an gcomhroinnt ualaigh agus an cur chuige solúbtha seo 16 cheadúnas san earnáil dramhaíola a sheachadadh in 2025, rud atá ina mhéadú suntasach ar na blianta roimhe sin.

Tá sé i gceist leasú 2024 ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (TAT) a thrasú i reachtaíocht na hÉireann faoin 1 Iúil 2026 agus tá obair ullmhúcháin ar bun ag an GCC lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais.

I réimse na rialála uisce, tháinig an córas rialála nua maidir le hastarraingtí uisce i bhfeidhm in 2025 agus eisíodh cúig cheadúnas, iad ar fad chuig Uisce Éireann maidir le hastarraingtí uisce óil. Eisíodh aon údarú déag um sceitheadh fuíolluisce agus dhá cheadúnas dumpála ar muir in 2025 freisin.

D'éisigh an GCC 31 toiliú OGM in 2025 freisin; 30 le haghaidh gníomhaíochtaí úsáide srianta agus ceann amháin i ndáil le scaoileadh d'aon ghnó.

Tugtar achoimre i dTábla 2 ar raon gníomhaíochtaí rialála eile a rinne an GCC in 2025, lena n-áirítear leasuithe agus aistrithe ceadúnais, fógraí fotháirgí, cinntí deireadh dramhaíola agus clárúcháin meánghléasra dócháin.

Tábla 1. Údaruithe eisithe in 2025

Cineál an Cheadúnais	Iarratais a Fuarthas	Údaruithe Eisithe (cinntí deiridh)
Ceadúnais AT agus RCT ¹	24	31
Ceadúnais Dramhaíola	5	3
Údaruithe um Sceitheadh Fuíolluisce	5	11
Ceadúnais Astarraingthe	43	5
Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige	2	2
Ceadanna OGM	27	31
Deimhnithe Clárúcháin Dramhaíola	5	5
Ceadanna Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa (CTA1 agus CTA2)	33	33
Iomlán	144	121

¹ Áirítear leis sin ceadúnais AT le haghaidh gníomhaíochtaí dramhaíola áirithe

Tábla 2. Gníomhaíochtaí rialála eile an GCC in 2025

Gníomhaíocht Rialála	Líon
Cinntí Airteagal 11	51
Leasuithe ar cheadúnas AT agus RCT	106
Leasuithe ar cheadúnas dramhaíola	2
Leasuithe ar Údarú um Sceitheadh Fuíolluisce	10
De Réir Fógraí Táirge – Cás Aonair	318
Clárúcháin Náisiúnta Fotháirgí (Ithir agus Cloch, Asfalt ó Phlánáil Bóithre)	1,238 ²
Iarratas Deiridh Dramhaíola – Cás Aonair	8
Iarratais Deireadh Dramhaíola – Clárúcháin Náisiúnta (Comhiomláin Athchúrsáilte)	73
Aistrithe ceadúnais	11
Achomhairc an Achta um Thruailliú Aeir	1
Comhfhreagras pleanála fiosraithe	17
Gléasra Dócháin Meánmhéide cláraithe	140

Gníomhaíochtaí um Chosaint Radaíochta

Feidhmíonn an córas údaraithe um chosaint radaíochta ar chur chuige grádaithe, lena soláthraítear dhá chineál údaraithe: clárú agus ceadúnú. Léiríonn Tábla 3 na húdaruithe a eisíodh in 2025. Is próiseas níos simplí agus a bhfuil ualach níos lúo thaobh riaracháin ag baint leis, é an clárú, atá oiriúnach do chleachtais nach bhfuil chomh casta sin den chuid is mó agus a bhfuil sé léirithe go bhfuil leibhéil riosca níos ísle ag baint leo, amhail mamagrafaíocht. Tá ceadúnú ag teastáil le haghaidh gníomhaíochtaí ardriosca, lena n-áirítear radagrafaíocht tionsclaíoch a bhaineann úsáid as Foinsí Ardghníomhaíochta Séalaithe. Freagraíonn táillí údaraithe don leibhéal riosca a bhaineann le gach cineál cleachtais agus, dá bhrann sin, do mhéid na maoirseachta rialála.

Tábla 3. Údaruithe cosanta radaíochta a eisíodh in 2025

Ceadúnais	Clárúcháin	Leasú Údaraithe	Údarú Dúnta
18	70	682 (592 ceadúnas, 90 clárúchán)	14 (7 gceadúnas, 7 gclárúchán)

² Léiríonn an figiúr seo líon iomlán na gclárúchán ag deireadh 2025 ó foilsíodh gach ceann de na cinntí náisiúnta. Ní áirítear leis 100 clárú a díchláraíodh ina dhiaidh sin.

Sábháilteacht núicléach

Misean GIFA SARC go hÉirinn: In 2025, rinne an GCC agus an RAFC, mar aon le ÚFCS agus RS, ullmhúcháin fhairsinge do Mhisean na Seirbhíse Athbheithnithe Rialála Comhtháite (SARC) de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh Adamhach (GIFA) go hÉirinn i mí Eanáir 2026. Tá rialachán radaíochta ianúcháin na hÉireann roinnte idir GCC (nochtadh ceirde agus poiblí) agus ÚFCS (nochtadh leighis). Déanfaidh an Misean measúnú ar shábháilteacht núicléach agus radaíochta in Éirinn i gcoinne Chaighdeáin Sábháilteachta GIFA.

Tuarascáil tíre GIFA: Chuidigh an GCC le RAFC le tuarascáil náisiúnta tíre na hÉireann a ullmhú do Chruinniú Athbheithnithe Choinbhinsiún an GIFA um Shábháilteacht Núicléach a bheidh ar siúl in 2026.

Dualgais Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach agus Bainistíocht Dramhaíola Radaighníomhaí: Cuireadh Ochtú Tuarascáil Náisiúnta na hÉireann faoi théarmaí an Chomhchoinbhinsiúin um Shábháilteacht Bainistiú Breosla Núicléach Spíonta agus um Shábháilteacht Bainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí i láthair ag cruinniú de chuid an GIFA i mí an Mhárta 2025. Mar thír a úsáideann foinsí radaíochta thar earnálacha amhail leigheas, tionscal agus ardoideachas, ceanglaítear ar Éirinn comhlíonadh an Choinbhinsiúin a léiriú agus páirt a ghlacadh in athbheithniú píaraí. I measc na réimsí dea-fheidhmíochta a cuireadh san áireamh, bhí oscailteacht agus trédhearcacht mhéadaithe trí thairseach ar líne Phainéal Rochtana Ceadúnais agus Forfheidhmithe (LEAP) an GCC ina bhfoilsítear tuarascálacha cigireachta.

3.2 Forfheidhmiú


Forfheidhmiú Ceadúnas Tionsclaíoch agus Ceadúnas Dramhaíola

Chuir an GCC cúraimí rialála a bhain le breis is 900 saoráid thionsclaíoch agus dramhaíola i gcrích i rith 2025. Is é cuspóir an GCC ná a chinntiú go gcuireann oibritheoirí a gcuid gníomhaíochtaí i gcrích de réir a gceadúnas. Cuirtear obair ar na cuspóirí seo a leanas i gcrích trí mheascán de chigireachtaí agus de threoir agus trí ghníomhartha forfheidhmithe a chur i gcrích más gá. Mar bhonn le cur chuige forfheidhmithe an GCC i leith na saoráidí seo, tá na prionsabail atá foilsithe ina [Bheartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe](#) agus atá leagtha amach i bhFíor 1. Tugtar achoimre i dTábla 4 ar líon na gcigireachtaí a rinneadh maidir le gníomhaíochtaí ceadúnaithe tionsclaíocha agus dramhaíola i rith 2025.

Tugann an GCC tosaíocht don iarracht forfheidhmithe ar na láithreáin a chruthaíonn an riosca is mó don chomhshaoil bunaithe ar an gcineál gníomhaíochta atá ceadúnaithe, suíomh na gníomhaíochta (i.e. gaireacht do dhaoine nó limistéir chosanta) agus stair forfheidhmithe an láithreáin

(i.e. cibé acu ar tharla nó nár tharla neamhchomhlíonadh ag an láithreán roimhe sin). Le linn 2025, dhírigh an GCC a aird ar bhainistíocht dramhaíola ag saoráidí bainistíochta dramhaíola, baint neamhúdaraíthe

móna, slándáil an tsoláthar fuinnimh agus aon áit a raibh tionchar ag gníomhaíochtaí ceadúnaithe ar cháilíocht an uisce.




Fíor 1. Prionsabail fhorfheidhmithe an GCC

Tríd is tríd, bhí an leibhéal comhlíontachta ag láithreáin thionsclaíocha agus dramhaíola ceadúnaithe in 2025 an-mhaith, agus níor braitheadh ach 40% de na neamhchomhlíonta ag 5% de na láithreáin. Léiríonn láithreáin san earnáil dramhaíola na rátaí neamhchomhlíontachta is airde i measc an phobail ceadúnaithe.

Baintear úsáid as Liosta Náisiúnta na Láithreán Tosaíochta chun iarracht forfheidhmithe an GCC a spriocdhíriú ar na láithreáin is measa ó thaobh feidhmíochta de chun dlús a chur le feabhsúcháin ar chomhlíonadh comhshaoil. Sa liosta rangaítear láithreáin tionsclaíocha agus dramhaíola in ord tosaíochta forfheidhmithe, bunaithe ar fhachtóirí cosúil le: gearáin (Tábla 5), teagmhais, imscrúduithe comhlíonta agus neamhchomhlíonadh leis an gceadúnas. Foilsítear an liosta seo gach ráithe, agus áirítear 10 láithreán ceadúnaithe ar an liosta uair amháin ar a laghad le linn 2025, ó na hearnálacha bia agus dí (3), díleá anaeróbach dramhaíola (3), ceimiceán (2), próiseála dramhaíola (1) agus bratú dromchla (1). Tá achoimre ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe an GCC le fáil sa ghrafaic eolais i bhFíor 3.

Don chéad uair riamh, d'eisigh an GCC fógra faoin Acht GCC 1992, arna leasú, chuig láithreán ceadúnaithe ag cur fionraí ar a sceitheadh eisiltigh, toisc gur measadh go raibh an sceitheadh ina bhagairt láithreach don chomhshaoil.

- Earnáil na Stroighne
- Earnáil na gCeimiceán
- Earnáil Fuinnimh
- Earnáil Bia & Dí
- Earnáil na mBreoslaí Iontaise
- Earnáil Diantalmhaíochta
- Earnáil na Miotail
- Earnáil na Mianraí agus Ábhair Eile
- Eile
- Earnáil an Chumhdaigh Dromchla
- Cóireáil Adhmaid
- Dramhail
- Earnáil Adhmaid, Páipéir, Teicstílí & Leather



Fíor 2. Suíomh na saoráidí tionsclaíocha agus dramhaíola ceadúnaithe

Tábla 4. Líon na gcigireachtaí a rinneadh de réir earnála in 2025

Gníomhaíocht	Líon na gcigireachtaí
Ceadúnais Thionsclaíocha agus Dramhaíola	1,681
Údarú faoi Sceitheadh Fuíolluisce Uirbeach	287
Ionaid Chóireála Uisce Óil	197
Ceadanna do Chomhdhúile Orgánacha So-Ghalaithe	3
Faireachas Margaidh – Ceimiceáin	100
Substaintí a Ídithe Ózóin (SÍÓ) agus F-ghás	29
Tionscnamh um Fhreagracht Táirgeoirí	225
Cuairteanna Monatóireachta Aeir	118
Cuairteanna Aerthaiscéalaíochta ('Recci')	21
Láithreáin Ghléasra Dócháin Meánmhéide	1

Tábla 5. Líon na ngearán a fuarthas in 2025 agus líon na saoráidí a bhí faoi réir na ngearán sin de réir earnála

Gníomhaíocht	Líon na nGearán	Líon na saoráidí faoi réir na ngearán sin
Ceadúnais Thionsclaíocha agus Dramhaíola	1181	117
Fuíolluisce Uirbeach	467	86
Uisce Óil	34	12
Substaintí a Ídionn Ózón agus Gás Fluairínithe	3	3
Líon iomlán na ngearán	1,685	

Cigireachtaí

1,681

Rinneadh cigireachtaí ar láithreacha tionsclaíochta agus dramhaíola ceadúnaithe i rith na bliana 2025

71 Tugadh cuairt ar láithreáin neamhcheadúnaithe (46 móin, 25 dramhail)


656 Rinneadh cigireachtaí ar láithreáin i ngach ceann de na 26 chontae le linn 2025

96% Bhí de na cigireachtaí go léir le linn 2025 gan fógra

Láithreáin ar tugadh cuairt orthu 10 n-uaire nó níos mó le linn 2025

North Cork Co-Op Creameries Limited	50
Arrow Group	18
ABP Phort Láirge	17
ERAS ECO Ltd	17
Aurivo Dairy Ingredients Limited	15
Arrabawn Tipperary Co-Op Nenagh	14
Arrabawn Tipperary Co-Op	13
Wellman International Teo	13
Starrus Eco Holdings Limited (Cúige Mumhan)	12
Alert Packaging Ltd	11
Kepak Athleague	11
Aurivo Consumer Foods Ltd	10
Lionadh Talún Iarmharach Bhaile na gCrann	10

Cineálacha Cigireachtaí 2025



Fíor 3. Achoimre ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe an GCC i ndáil le Ceadúnas Tionsclaíoch agus Dramhaíola



Baint Móna Neamhdhleathach

Lean an GCC ag cur acmhainní suntasacha ar fáil in 2025 chun dul i ngleic le baint móna ar mhórsála mídheathach. Thug an GCC cuairt ar 46 suíomh ina n-iomlán, ar thailte portaigh ar fud seacht gcontae. Chuir an GCC caingean dlí chun cinn i gcoinne oibreoirí a measadh a bheith ag baint móna in éagmais ceadúnas RCT ón GCC. D'éirigh le caingne dlí sna Cúirteanna Dúiche agus sna hArd-Chúirteanna stop a chur le baint móna mídheathach ar roinnt suíomhanna.

Leag an GCC béim arís ar an easpa gnímh na n-údarás áitiúil maidir le baint móna mídheathach. D'eisigh an GCC Alt 63(5) Treoracha Beartaithe faoi Acht an GCC 1992 seacht n-údarás áitiúil eadhon Comhairle Contae an Longfoirt, Comhairle Contae na hIarmhí, Comhairle Contae Chill Dara, Comhairle Contae Ros Comáin, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Contae Uíbh Fhailí agus Comhairle Contae Shligigh. Leanfaidh an GCC ag úsáid a chumhachtaí chun a chinntiú go gcuirfidh na seacht n-údarás áitiúla riachtanais chomhshaoil a bhaineann le baint móna ar scála mór i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go hiomlán.

Ceadáíodh trí phlean athshlánúcháin déag de chuid Bhord na Móna in 2025 (a chlúdaíonn 3,184 heicteár), rud a thugann líon na bpleananna atá ceadaithe faoin Scéim Tailte Móna um Ghníomhú ar son na hAeráide go 73, a chlúdaíonn achar 27,386 heicteár ar fud naoi gcontae. Ba í 2025 bliain leathdhéanach de Scéim Tailte Móna um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus tá an scéim le críochnú i Meán Fómhair 2026. Ón bpointe sin ar aghaidh, leanfaidh Bord na Móna le hathshlánú a dhéanamh gan maoiniú d'oibreacha athshlánúcháin breise ón Roinn Aeráide Fuinnimh agus Comhshaoil.

Dúshlán in Earnáil an Uisce

Bhí feidhmíocht chomhshaoil ag saoráidí bainistíochta dramhaíola ceadúnaithe ag an GCC fós ina príomhthosaíocht in 2025. Dhírigh an forfheidhmiú ar na hearnálacha is neamhchomhlíontacha, lena n-áirítear díleá anaeróbach (DA), líonta talún dúnta agus áiseanna tógála agus scartála (T&S).

Díleá Anaeróbach: Cé go dtacaíonn beartas náisiúnta le díleá anaeróbach ábhar agus dramhaíola, ba é an phríomhthosaíocht forfheidhmithe a chinntiú go gcomhlíontar coinníollacha ceadúnais agus tionchar ar an gcomhshaoil a sheachaint. D'éirigh leis an gcur chuige seo infheistíocht shuntasach a dhéanamh i mbonneagar laghdaithe agus comhlíonadh feabhsaithe agus rioscaí comhshaoil laghdaithe,



rud a d'fhág gur baineadh láithreáin fhadhbacha de liosta Láithreáin Tosaíochta Náisiúnta an GCC.

Líonta Talún Dúnta: Tá 71 líonadh talún atá dúnta ceadúnaithe ag an GCC, a bhformhór acu seo faoi smacht na n-údarás áitiúil. Aithníodh faoin gCreat-treoir Uisce go bhfuil deich líonadh talún dúnta ina n-údar le cuid mhaith brú ar dhobharlaigh screamhuisce nó dromchla. Ní mór d'údarás áitiúla tosaíocht agus acmhainní leordhóthanacha a thabhairt do bhainistíocht agus d'athchóiriú na láithreán seo. Ar na ceisteanna comhlíonta áirítear, athchré a bhfuil droch-chaighdeán ag baint leis, láisteáit a heisiúint agus ascnamh gás líonta talún. In 2024/25, tharla bainistíocht níos fearr ar láisteáit agus gás ag cúpla líonadh talún éagsúla na n-údarás áitiúil mar gheall ar ár mbéim straitéiseach ar an earnáil seo; cé gur aithníodh go raibh deacrachtaí le cuid eile acu agus go mbeadh gníomhaíocht fhorfheidhmithe sa bheis de dhíth in 2026.

Acmhainn Dramhaíola: Rinne an GCC monatóireacht réamhghníomhach ar acmhainn dramhaíola ag áiseanna ceadúnaithe GCC agus ag bunú socrúithe teagmhasacha a bhaineann go sonrach le láithreán. Ag glacadh páirte sa Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Acmhainn Dramhaíola, bhí ár gcuid oibre mar bhonn eolais ag réamh-mheastacháin ar an easnamh náisiúnta maidir le hacmhainneacht téarnaimh agus diúscairthe do 2025. Ba iad na príomhthiománaithe a saináithníodh ná líonta talún a shroicheann acmhainn nó a chailleann cead pleanála, cothabháil leathnaithe ar loisceoirí teirmeacha, tinte i stáisiúin aistrithe dramhaíola agus gníomhaíocht easpórtála teoranta. Leanfaimid le rannpháirtíocht ghníomhach, ag soláthar sonraí tráthúla chun tacú le measúnuithe acmhainne na hOifige Réigiúnaí um Bainistíú Dramhaíola.

Coireacht ag Áiseanna Dramhaíola: Threoraigh an GCC imscrúduithe spriocdhírith ar ghoid miotail leanúnach ag áiseanna dramhaíola trí fhreagairt ilghníomhaireachta aontaithe a chomhordú. D'ardaíomar an cheist ar ardáin náisiúnta, lena n-áirítear an Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola, Fóram Straitéiseach um Ghoid Miotail an Gharda Síochána agus Fóram Ilghníomhaireachta Réigiúnach an Gharda Síochána, ag cinntiú ailiníú idir sainordú cosanta comhshaoil an GCC agus sainchúram ceartais choiriúil an Gharda Síochána. Neartaíomar comhoibriú trasna líonraí náisiúnta, d'fheabhsaíomar comhroinnt faisnéise agus chomhordaíomar cigireachtaí comhpháirteacha, rud a d'fhág go raibh díspreagadh éifeachtach ann. Chuir an straitéis réitigh ar fáil ag láithreáin iomadúla agus cuireadh imscrúduithe breise

chun cinn a ceapadh chun díriú ar choireacht eagraithe agus ar ghnóthachan aindleathach airgeadais.

Dóiteán ag Áiseanna Dramhaíola: Rinneadh tinte tromchúiseacha ag stáisiúin aistrithe dramhaíola a bhainistiú trí fhreagairt thapa ar an láthair agus trí chomhordú láidir tras-oifige. Chuir comhoibriú leis an tionscal ar chumas bearta teagmhasacha tráthúla chun acmhainn dramhaíola náisiúnta a chosaint. Rinne cuairteanna láithreáin an GCC measúnúar chomhlíonadh na gceanglas measúnaithe riosca dóiteáin agus na bPleananna Stórála Dramhaíola agus Ábhair. Ag an am céanna, tá nóta treorach athbhreithnithe maidir le riosca dóiteáin do stáisiúin aistrithe dramhaíola beagnach críochnaithe, agus tá sé seo bunaithe ar rannpháirtíocht fhairsing leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála, seirbhís dóiteáin, ÚSS, Uisce Éireann, agus ionadaithe tionscail.

Dramhaíl Tógála agus Scartála: Díriodh go háirithe in 2025 ar chinntí náisiúnta a bhaineann le hAirteagal 27 (Fotháirge) agus Airteagal 28 (Deireadh Dramhaíola) a fhorfheidhmiú. D'fhorbair an GCC cur chuige forfheidhmiúcháin chun glacadh le fotháirgí agus ithreach agus cloch dramhaíola ag Áiseanna Aisghabhála Ithreach atá ceadúnaithe ag an GCC a rialáil. Rinneadh clár comhpháirteach idir an GCC agus na nÚdarás Áitiúil maidir le cuairteanna láithreáin ar áiseanna a tháirgeann comhiomláin athchúrsáilte chun forfheidhmiú comhsheasmhach a chinntiú. Go ginearálta, dheimhnigh na cuairteanna ar láithreáin go raibh ardchaighdeán comhlíonta ann; tugadh bearnaí faoi deara, áfach, i dtéarmaí monatóireachta ar mhinicíocht agus nósanna imeachta samplála, agus mar thoradh ar theipeanna monatóireachta ag dhá láithreáin, tugadh treoracha do na hoibreoirí deireadh a chur le díol comhiomlán Deireadh Dramhaíola. Mar thoradh ar an obair seo, tá soiléireacht agus comhsheasmhacht fheabhsaithe don tionscal agus leathnófar í in 2026.

Forfheidhmiú Uisce Óil agus Fuíolluisce

Is é an GCC rialtóir comhshaoil Uisce Éireann, atá freagrach as údaruithe sceite fuíolluisce agus rialacháin uisce óil a fhorfheidhmiú. Tá os cionn 1,000 ionad cóireála fuíolluisce agus beagnach 700 soláthar uisce poiblí in Éirinn.

Uisce Óil Poiblí

Ag deireadh 2025, bhí thart ar 467,000 duine ag freastal ar 35 soláthar uisce poiblí ar Liosta Beart Ceartaitheach (LBC) an GCC, i gcomparáid le breis agus 496,000 agus 45 soláthar ag deireadh 2024. Is laghdú 10 soláthar é seo agus is ionann é agus an líon is ísle suíomhanna ar an liosta LBC ó bunaíodh é in 2008.

Le linn 2025, bhí 66 Fógra Fiuchta Uisce (FFU) i bhfeidhm ag 48 soláthar a raibh tionchar acu ar bheagnach 266,000 tomhaltóir. Is méadú é seo ó 59 a bhí i bhfeidhm le linn 2024 (95,000 duine buailte – Tábla 6). Is cosúil go bhfuil nasc idir an líon níos mó fógraí a eisíodh le blianta beaga anuas agus feasacht níos fearr ag UÉ ar theagmhais agus tuairisciú teagmhais de bhun níos mó gníomhaíochtaí forfheidhmithe

a bheith a ndéanamh ag an GCC. Tá gá le FFUnna chun sláinte an phobail a chosaint nuair a chuirtear soláthairtí uisce óil i gcontúirt.

Tábla 6. Srianata Uisce agus Fógraí Fiuchta

Fógraí Comhairleacha eisithe ag Uisce Éireann	2022	2023	2024	2025
Fógraí maidir le hUisce a Fhiuchadh	79 fógra a raibh tionchar acu ar 182,000 duine	91 fógra a raibh tionchar acu ar 254,000 duine	59 fógra a raibh tionchar acu ar 95,000 duine	66 fógra a raibh tionchar acu ar 266,000 duine
Srianata uisce	10 fógra a raibh tionchar acu ar 8,700 duine	12 fógra a raibh tionchar acu ar 2,500 duine	24 fógra a raibh tionchar acu ar 21,000 duine	34 fógra a raibh tionchar acu ar 1,970 duine

Bhí tionchar ag 34 srian uisce ar 26 soláthar ar thart ar 1,970 duine le linn 2025, i gcomparáid le thart ar 21,000 duine a raibh tionchar ag 24 srian uisce orthu le linn 2024.

In 2025, d'athsholáthair UÉ beagnach 3,500 nasc luaidhe (i gcomparáid le 4,700 in 2024), rud a chiallaigh go raibh líon iomlán na n-athsholáthairtí cothrom le thart ar 69,000 as an meastachán bunaidh de 180,000. Is beag seans atá ann go gcomhlíonfaidh UÉ a ghealltanas an phibobair luaidhe phoiblí ar fad a bhaint faoi 2026 má leantar leis an ráta athsholáthair seo. Ní mór tús áite práinneach a thabhairt d'obair phíobáin luaidhe a bhaint mar gheall ar na rioscaí sláinte a bhaineann le luaidhe agus an teorainn níos déine atá le teacht, mar a cheanglaítear faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil) 2023.

Ar an 25 Eanáir 2024, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go raibh teipthe ar Éirinn maidir le Treoir um Uisce Óil a chuir i bhfeidhm go hiomlán i ndáil le sáraithe ar an teorainn 100 ug/l THManna i 30 soláthar. Tá rialála maoirseachta ag an GCC maidir le 21 den 30 soláthar uisce phoiblí, agus tá na cinn eile á rialáil ag na húdaráis áitiúla. Tá réitithe curtha i gcrích maidir le 21 den 30 soláthar agus tá sé beartaithe go mbeadh réiteach faighte maidir leis an dá cinn eile faoi dheireadh 2026.

I láthair na huaire, tá 18 soláthar ag freastal ar bheagnach 280,000 tomhaltóir ar an LBC le haghaidh leibhéil arda THManna os cionn an chaighdeáin atá sonraithe sna Rialacháin maidir le hUisce Óil. Is méadú é seo de bheagnach 35,000 tomhaltóir atá i mbaol ó THManna ó dheireadh 2024 mar gheall ar sholáthar amháin a chur leis agus coigeartú UÉ ar na daonraí a bhfreastalaítear orthu. Leanfaidh an GCC ar aghaidh ag díriú ar chomhlíonadh THM mar chuid dá gníomhaíochtaí forfheidhmithe.

Fuíolluisce Uirbeach

Tá feabhas tagtha ar chóireáil fuíolluisce le blianta beaga anuas ach tá i bhfad níos mó oibre le déanamh fós. Is é fuíolluisce uirbeach an ceathrú brú is coitianta ar cháilíocht uisce in Éirinn, rud a théann i bhfeidhm ar bheagnach 200 dobharlach uisce. D'aithin tuarascáil an GCC maidir le [Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh in 2024](#), a eisíodh i mí Dheireadh Fómhair 2025, gur theip ar sceitheadh ó 59% de ghléasraí cóireála ceadúnaithe na caighdeáin cháilíochta eisiltigh atá leagtha síos ag an GCC chun an comhshaol a chosaint a chomhlíonadh go comhsheasmhach. Tá na teipeanna seo go príomha mar gheall ar bhonneagar neamhleor agus droch-oibriú agus cothabháil na ngléasraí cóireála.


Tá béim curtha ag an GCC ar an ngá atá le hUisce Éireann feabhas a chur ar oibriú agus ar chothabháil na ngléasraí cóireála mar ábhar práinne. Tógfaidh sé níos mó ama aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna bonneagair agus d'aithin an GCC na réimsí tosaíochta is mó ina bhfuil gá le feabhsuithe chun stop a chur le sceitheadh séarachais amh, chun dobharlaigh is mó a bhfuil tionchar ag sceitheadh fuíolluisce orthu a athbhunú, chun uiscí sliogéisc agus diúilicíní péarla fionnuisce atá i mbaol criticiúil a chosaint agus chun neamhchomhlíonadh leis an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a réiteach. Éilíonn an GCC ar Uisce Éireann dlús a chur leis an luas ag a bhfuil uasghrúduithe riachtanacha i gceantair tosaíochta á ndearadh agus á seachadadh.

Leanann feabhsuithe spriocdhírthe i gceantair tosaíochta ag tabhairt torthaí dearfacha. In 2025, ceanglaíodh ceithre bhaile agus sráidbhaile a bhí ag sceitheadh séarachais amh go laethúil le gléasraí cóireála nua. Chuir sé seo stop le sceitheadh laethúil séarachais amh ó dhaonra atá coibhéiseach le breis agus 21,000. Mar a léirítear i bhFíor 4, tá laghdú tagtha ar líon na ngeantar a scaoileann séarachas amh gach lá ó 50 in 2014 go 12 ag deireadh 2025.

Déanann an gléasra cóireála fuíolluisce is mó in Éirinn ag an Rinn i mBaile Átha Cliath cóireáil ar bhreis is 40% d'fhuíolluisce na tíre, agus tá sé ar cheann de 14 cheantar uirbeacha móra nár chomhlíon na caighdeáin éigeantacha chóireála agus cháilíochta eisiltigh sa Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Críochnaíodh uasghrádú mór acmhainne a ceapadh le go mbeadh an gléasra comhlíontach ag deireadh 2025.


Le linn 2025, rinne an GCC 287 cigireacht ar oibreacha cóireála fuíolluisce chun comhlíonadh údaruithe sceite a mheas, brúnna truaillithe ar cháilíocht uisce dromchla a imscrúdú agus obair leantach ar eachtraí agus ar ghearáin a chinntiú. Is méadú é seo de bhreis is 30% ar líon na gcigireachtaí an bhliain roimhe sin.

Tháinig an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh athmhúnlaith i bhfeidhm i mí Eanáir 2025 agus ní mór í a thrasú sa reachtaíocht náisiúnta faoi mhí Iúil 2027. Tugann sé isteach roinnt oibleagáidí nua agus níos déine ar bhonn céimnithe thar an dá scór bliain atá romhainn. Ní mór na riachtanais seo a chur san áireamh i bpleanáil agus i seachadadh sheirbhísí fuíolluisce na hÉireann amach anseo.



Fíor 4. Líon na ngeantar a scaoileann séarachas amh 2014-2025

Teipeanna ar Chórais Cóireála Fuíolluisce Baile atá oscailte ar feadh breis is dhá bhliain



Fíor 5. Teipeanna an Chórais Cóireála Fuíolluisce Baile oscailte níos mó ná dhá bhliain ag deireadh gach bliain, 2016 go dtí 2024

Córais Chóireála Dramhuisse Tí (Dabhcha Séarachais)

D'fhoilsigh an GCC [tuarascáil Cigireachtaí ar Chórais Cóireála Fuíolluisce Baile \(CCFT\) 2024](#) ar na 1,390 cigireacht a chuir údaráis áitiúla i gcrích. Leagadh béim sa tuarascáil ar an méid seo a leanas:

- Bhain teip le 56% de na córais i dtaca leis an gcigireacht in 2024.
- Socraíodh 82% de CCFT ar theip orthu le linn 2013–2024 faoi dheireadh 2024, suas ó 78% ag deireadh 2022 agus 80% in 2023.
- Is ábhar imní leanúnach é an teip fógraí comhairleacha níos sine a réiteach. Léirítear i bhFíor 5, áfach, go bhfuil laghdú tagtha den chéad uair ar líon na bhfógraí comhairleacha a osclaítear ar feadh níos mó ná dhá bhliain ó 576 ag deireadh 2023 go 523 ag deireadh 2024. Teastaíonn iarracht fhorfheidhmithe dhíríthe leanúnach ó údaráis áitiúla chun na fógraí comhairleacha seo a dhúnadh agus dabhcha séarachais lochtacha a reiteach.

Cainníocht an Uisce

Forfheidhmiú Sceite

I dtuarascáil a chuir an GCC faoi bhráid an AE maidir le measúnú ar sceitheadh do 2024, leagadh amach ráta sceite 33.8% sna 23 crios acmhainní uisce is mó (WRZanna). Thug an measúnú ar sceitheadh do 2024 breac-chuntas ar ráta náisiúnta sceite 36%. Cuireadh tuarascáil ó UÉ maidir leis an bhféidearthacht feabhsúcháin a dhéanamh ar laghdú sceitheadh uisce faoi bhráid an AE freisin mar a cheanglaítear faoin Treoir maidir le hUisce Óil (Treoir (AE) 2020/2184).


Forfheidhmiú ar Astarraingtí Uisce

Bhunaigh an GCC foireann nua um Fhorfheidhmiú Astarraingtí le linn 2025. Tacóidh an fhoireann le ceadúnú astarraingtí trí acmhainní a ath-imscaradh, cuirfidh siad forálacha na Rialachán um Timpeallacht Uisce (Astarraingtí agus Gaibhnithe Uisce Gaolmhara) i bhfeidhm, déanfaidh siad an chéad chigireacht ar shuíomh astarraingtí a dhéanamh i mí na Samhna.

Dochar don Chomhshaol a Chosc

Soláthar Airgeadais do Dhliteanais Chomhshaoil

D'aithin an GCC gníomhaíochtaí tosaíochta tionsclaíocha agus dramhaíola a bhfuil sé de dhualgas orthu soláthar airgeadais leordhóthanach a fháil agus a chothabháil do dhliteanais chomhshaoil aitheanta agus anaithnide. Cinntíonn an soláthar airgeadais den sort sin gur féidir na bearta riachtanacha a dhéanamh chun an láithreán a thabhairt ar ais i riocht sásúil chun aon riosca truaillithe comhshaoil a sheachaint agus, i gcás ina bhfuil truailliú mar thoradh air, chun an láithreán a thabhairt ar ais i riocht sásúil. Ag deireadh 2025, sháraigh méid an tSoláthar Airgeadais urraithe ag an GCC €1.2 billiún (Fíor 6).



Fíor 6. Soláthar Airgeadais do Láithreáin Tosaíochta

Faireachas Margaidh agus Ceimiceáin sa Chomhshaol

Rialacháin maidir le Breosla Soladach

Tháinig na Rialacháin maidir le Breosla Soladach (leasú) i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2022. Is é ról an GCC clár breosla de tháirgeoirí a tháirgeann, a chóireálann nó a iompórtálann breosla soladacha, chothabháil. Tá céad is ceathair táirgeoir cláraithe go dtí seo don séasúr téimh ó Mheán Fómhair 2025 go Lúnasa 2026. Tá an GCC ag obair leis an RAFC agus údaráis áitiúla chun tacú le hiarrachtaí forfheidhmithe.

Ceimiceáin sa Chomhshaol agus Truailleáin Orgánacha Mharthanacha

Tá sainchúram rialála ag an GCC maidir le roinnt rialuithe rialála ar shubstaintí guaiseacha sa timpeallacht agus táirgí. Áirítear ina measc ceimiceáin cosúil le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (TOManna) agus roinnt substaintí a bhfuil measúnú déanta orthu faoin Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH).

Ceann de na hábhair cheimicí is mó atá ag teacht chun cinn a bhfuil cúpla foireann ar fud an GCC ina bhun ná substaintí sár- agus pola-fhluarailcilithe (SSPF). Le linn 2025 bhí rannpháirtíocht leanúnach ar thograí éagsúla ar leibhéal an AE le haghaidh srianta breise ar SSPF faoi REACH. Tá ceithre ghrúpa sonracha de SSPF rialaithe anois mar TOManna faoi Choinbhinsiún Stócólm na Náisiún Aontaithe. In 2025, leanadh ar aghaidh leis an obair a bhain le díriú ar an gcéim chun deireadh a chur le PFOA, ceann de cheimiceáin shrianta SSPF na TOManna seo. Bhí an obair seo dírithe ar dheireadh a chur le húsáid a bhaint astu i gcúir comhraicthe dóiteáin agus a chinntiú go bhfuil

siad á dtuairisciú don GCC agus á n-úsáid, á mbainistiú agus á ndiúscairt i gceart: in 2025 tuairiscíodh go ndearnadh thart ar 240 tona a dhiúscairt go freagrach agus gur baineadh den chlárann stoc-chairn iad ina dhiaidh sin.

Leanadh ar aghaidh leis an obair in 2025, i gcomhar le comhaltaí an Fhórait Náisiúnta TOManna, chun Plean Forfheidhmithe Náisiúnta TOManna na hÉireann a nuashonrú. Eisíodh dréachtphlean le haghaidh comhairliúcháin phoiblí i mí na Nollag 2025 agus leagtar amach ann gníomhartha nuashonraithe chun oibleagáidí na hÉireann faoi Choinbhinsiún Stócólm agus Rialachán TOManna an AE a chomhlíonadh.

Chomhordaigh agus d'ullmhaigh an GCC roinnt tuarascálacha nuashonraithe maidir le mearcair lena n-áirítear Tuarascáil Náisiúnta iomlán na hÉireann i ndáil le Mearcair do Choinbhinsiún Minamata na Náisiún Aontaithe (le cur isteach ag RAFC).

Faireachas Margaidh

Baineann cuid mhór d'obair an GCC i ndáil le faireachas margaidh ar cheimiceáin le faireachas ar cheimiceáin i dtáirgí agus measúnú iar-iniúchta ar fholáirimh Safety Gate AE. Tugann córas mear-rabhaidh Safety Gate an Aontais fógra do Bhallstáit, cuideachtaí agus tomhaltóirí, sa chás go sainaithnítear táirgí nach gcomhlíonann teorainneacha maidir le substaintí guaiseacha áirithe san Aontas Eorpach. Le linn 2025, rinneadh cigireacht ar 100 áitreabh tráchtála (i.e. mórdhioltóirí/dáileoirí/miondhioltóirí etc.) in Éirinn le haghaidh 140 táirge neamhchomhlíontacha a ardaíodh mar fholáirimh ar chóras an Safety Gate. Bhain na cigireachtaí seo le táirgí ar nós giuirleáidí leictreonacha, a sainaithníodh nár chomhlíon siad reachtaíocht ceimiceáin faoi RoHS, TOManna agus REACH. Ghlac an GCC páirt in dhá

fheachtas faireachais margaidh ar fud na hEorpa a dhírigh ar dhíolacháin ar líne giuirléidí leictreacha agus leictreonacha agus teicstílí tí. Ar leithligh, chuardaigh an GCC ar líne d'aon mhiondíoltóir a chuireann na táirgí ar fáil do thomhaltóirí Éireannacha. Ar an iomlán, bhain ráta íseal brathadóireachta leis an líon táirgí a raibh amhras fúthu, a bhí á ndíol.

Díreach mar a bhí amhlaidh le roinnt blianta anuas, bhí rannpháirtíocht i gcoistí ábhartha náisiúnta a bhain le ceimiceáin agus faireachas margaidh, lena n-áirítear Fóram Náisiúnta Faireachas Margaidh agus ag leibhéal na hEorpa bhí Grúpa Comhoibrithe Faireachán Margaidh RoHS, cruinnithe Ghrúpa Údarás Inniúil TOManna, agus Grúpa Téamach Ceimiceán EIONET Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (GEC). Le déanaí, ghlac an GCC páirt i bhFóram um Mhalartú Faisnéise ar Fhorfheidhmiúna Ghníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (GEC), grúpa a dhíríonn ar REACH agus ar réimsí faireachais mhargaidh.

Freagracht Táirgeoirí

Tá freagrachtaí forfheidhmithe ag an GCC faoi na Rialacháin ar Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), Ceallraí agus Boinn agus Táirgí Plaisteacha Aon Úsáide. Tá achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2025 le fáil i dTábla 7. Tá iarrachtaí forfheidhmithe dírithe ar tháirgeoirí neamhchomhlíontacha. Is comhlachtaí iad táirgeoirí a dhéanann nó a iompórtálann táirgí leictreonacha, ceallraí, boinn nó Táirgí Plaisteacha Aon Úsáide ábhartha (SUP) agus a chuireann ar díol iad den chéad uair in Éirinn.

Dhírigh iniúchtaí ar tháirgeoirí Gnólacht go Gnólacht (B2B) ar tháirgeoirí a thuairiscíonn aisghabháil nialasach/íseal de DTLL. Dhírigh forfheidhmiú Gnó go Custaiméirí (B2C) ar earnálacha miondíola a bhfuil aisghabháil íseal DTLL acu agus suíomhanna gréasáin díoltóirí cianda. Le linn 2025, bhí rannpháirtíocht shuntasach ag an GCC le táirgeoirí ionchasacha in earnálacha na rothair leictreacha, na dtoitíní eictreonacha/galtoitíní agus na bpainéal gréine. Rinne an GCC cigireachtaí ar 25 allmhaireoir bonn/gluaisteán chun a n-oibleagáidí faoi na rialacháin maidir le bonn agus cadhnraí a fhorfheidhmiú.

D'oibrigh an GCC ar roinnt ardán ar líne, atá cláraithe mar ghnólachtaí in Éirinn, chun a bhfreagrachtaí leathnaithe táirgeora (EPR) a fhorfheidhmiú.

Ghlac an GCC páirt i ngrúpa oibre faoi stiúir an RAFC maidir le cur i bhfeidhm Rialachán nua Ceallraí an AE, a thiocfaidh i bhfeidhm go substaintiúil i mí Lúnasa 2025. Ghlac an GCC páirt freisin i ngrúpa oibre faoi stiúir RTRÁO maidir leis an scéim freagrachta leathnaithe táirgeora atá beartaithe do chógais agus do chosmaidí faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh.

Tábla 7. Staitisticí achoimre ar fheachtais fhorfheidhmithe um fhreagracht táirgeora in 2025

Tasc	Líon iomlán na ngníomhaíochtaí
Athbhreithniú ar Phleananna Bainistíochta Dramhaíola ó Tháirgeoirí Trealamh Leictreach agus Leictreonach (TLL) Gnólacht go Gnólacht	257
Athbhreithniú ar Thuarascálacha Bainistíochta Dramhaíola Léiritheoirí TLL Gnólacht go Gnólacht	720
Iniúchtaí Táirgeoirí TLL Gnólacht go Gnólacht	59
Cigireachtaí ar láithreáin ghréasáin de chuid ciandíoltóirí TLL/ceallraí Gnó le Tomhaltóir	70
Cigireachtaí miondíola in earnálacha gur bhain aisghabháil íseal stairiúil leo i dtaca le DTLL	41
Litir chomhairleach eisithe chuig táirgeoirí ionchasacha san earnáil Painéal Gréine	108
Ríomhphost Treorach/Cumarsáide a eisithe chuig táirgeoirí B2B	6
Scrúduithe ar Tháirgeoirí Bonn	25
Neamhchomhlíonadh faoi rialacháin boinn eisithe chuig allmhaireoirí boinn/cairr	40
Neamhchomhlíonadh faoi rialacháin ceallraí eisithe chuig allmhaireoirí boinn/cairr	86
Rannpháirtíocht le táirgeoirí ionchasacha earraí plaisteacha aon úsáide toirmiscthe – miondíoltóirí/táirgeoirí	58

Substaint Ídithe Ózóin agus Gás Ceaptha Teasa Fluairínithe

In 2025, cuireadh an Tuarascáil Bhliantúil Náisiúnta ar Thrádáil Neamhdhleathach ar Shubstaintí Ídithe Ózóin (SÓI) agus an Tuarascáil Náisiúnta ar Úsáid Chriticiúil Halóin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, mar a cheanglaítear faoi Rialacháin SÓI an AE agus Prótacal Montréal chun aghaidh a thabhairt ar ídiú an chiseal ózóin.

D'eisigh an GCC 99 Réamhfhógra Bliantúil in 2025, ag údarú teicneoirí seirbhíse SÓI agus F-gháis chun cuisneáin dramhaíola a iompar. Phléigh an Fhoireann SÓI agus F-gháis le breis is 150 Atreorú Custaim agus fiosrúchán ón tionscal agus ó pháirtithe leasmhara ábhartha. Chríochnaigh an OEE feachtas bliantúil eile de shuíomhanna ceadúnaithe GCC chun suirbhé a dhéanamh ar úsáid agus cothabháil trealamh ina bhfuil SÓlanna agus F-gháis.

Le linn 2025, d'oibrigh an OEE go dlúth leis an RAFC agus leis an gCoimisiún Eorpach chun reachtaíocht athbheithnithe SÓI agus F-Gháis a fhorbairt. Leis an reachtaíocht seo tugtar isteach srianta níos leithne ar allmhairiú, onnmhairiú, táirgeadh, úsáid, aisghabháil, athchúrsáil agus scrios F-Gháis, deimhniú agus oiliúint. Tá 30,000 úsáideoir suntasach SÓI agus F-Gháis ar a laghad in Éirinn in earnálacha lena n-áirítear eitlíocht, leigheas, cuisniú, téimh, smachtú dóiteáin agus úsáideoirí tionscail, a dteastaíonn rannpháirtíocht leanúnach uathu maidir le riachtanais rialála nua.

In 2026, tá córais chustaim nua CERTEX AE á dtabhairt isteach chun seiceálacha custaim ar SÓI agus F-Gháis a mhéadú go suntasach chun dul i ngleic le méadú ar thrádáil mhídhleathach idirnáisiúnta.

Cuairteanna Cigireachta maidir le Cosaint ar Radaíocht

Reáchtálann an GCC clár bliantúil cigireachtaí cosanta radaíochta chun comhlíonadh reachtaíochta agus coinníollacha údaraithe a mheas. Cuireann na cigireachtaí seo ar chumas an GCC measúnú a dhéanamh ar chaighdeán na cosanta radaíochta ag áiseanna, saincheisteanna coitianta nó saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a aithint, agus tacú le cultúr láidir cosanta radaíochta a fhorbairt.

Le linn 2025, rinneadh cigireachtaí cosanta radaíochta i roinnt earnálacha (Tábla 8), lena n-áirítear trí chigireacht slándála a rinneadh le cúnamh ó Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta An Gharda Síochána.

Tábla 8. Catagóirí ceadúnaithe um chosaint radaíochta agus cigireachtaí a rinneadh i rith 2025

Earnáil cheadúnaithe	Líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích
Áiseanna ospidéil agus leighis (lena n-áirítear cigireacht slándála amháin)	19
Tionsclaíoch agus tráchtála (lena n-áirítear dhá chigireacht slándála)	19
Ceadúnaithe eile (oideachas & taighde, fiaclóirí, dáileoirí/cuideachtaí seirbhíse), lena n-áirítear trí chigireacht a bhaineann le dramhaíl	12
Imoibríoch (freagairt theagmhais agus imscrúduithe leantacha)	4
Cuairteanna eile ar shuíomhanna áiseanna neamhcheadúnaithe (réamhcheadúnú)	1
Iomlán	55

Le linn 2025, cuireadh 40 teagmhas radaíochta intuairiscithe in iúl don GCC. I measc na dtorthaí ó chlár cigireachta 2025 bhí:

- Tá leibhéil chomhlíonta san earnáil fiaclóireachta fós ina ndúshlán i roinnt réimsí ar leith amhail oiliúint agus seirbhísiú/DC.
- Saincheisteanna maidir le húsáid tomhasairí dlúis taisce núicléach (TDTN). Is tomhasairí beaga iniompartha iad seo a úsáidtear go coitianta ar láithreáin tógála chun taisce agus dlús samplaí ithreach a thomhas ar an láthair. Tá naoi n-úsáideoir de chuid TDTN a bhfuil ceadúnas GCC acu. In 2025, reáchtáil an GCC seimineár gréasáin chun úsáid shábháilte TDTN a chur chun cinn mar thoradh ar thorthaí cigireachta láithreáin.


Feidhmíocht na nÚdarás Áitiúil

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) [an Tuarascáil ar Fheidhmíocht Forfheidhmithe Comhshaoil na nÚdarás Áitiúil 2024](#) ina leagtar amach na héachtaí agus na dúshláin araon maidir le gníomhaíocht forfheidhmithe chomhsheasmhach agus éifeachtach a chur i gcrích ag na 31 údarás áitiúil. Fuair an tuarascáil feabhas 20% ar fheidhmíocht forfheidhmithe comhshaoil thar an gcéad timthriall trí bliana de Chreat Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil (2022-2024), agus bhain 79% de na measúnuithe Tosaíochta Forfheidhmithe Náisiúnta (NEP) an caighdeán riachtanach amach in 2024.

Rinne údaráis áitiúla dul chun cinn láidir i réimsí amhail dul i ngleic le gníomhaíochtaí dramhaíola mídhleathacha agus dramhaíl tógála agus scartála. Mar sin féin, tá gá le fócas méadaithe ar fhorfheidhmiú uisce, aeir agus torainn chun na Tosaíochtaí Forfheidhmithe Náisiúnta a sheachadadh go hiomlán.

Bhain sé údarás áitiúil scoir ardfeidhmíochta amach in 2024 eadhon Comhairlí na Mí, Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath Theas, Chill Dara, Fhine Gall agus Chorcaí. Ba iad Liatroim, Cathair na Gaillimhe, Sligeach, an Clár agus Dún na nGall na sé údarás áitiúla leis an bhfeidhmíocht is ísle.

Chríochnaigh an OEE 12 iniúchadh feidhmíochta reachtúla ar údaráis áitiúla agus 12 chruinniú athbheithnithe iniúchta in 2025. Tá na hiniúchtaí tairbheach don GCC agus d'údaráis áitiúla araon, rud a chuireann ar chumas plé mionsonraithe a dhéanamh ar dhul chun cinn an NEP, faisnéis luachmhar a sholáthar ar na struchtúir agus an cultúr i ngach eagraíocht, agus léargas maith ar láimhseáil gearán agus ar chórais bhainistíochta sonraí atá i bhfeidhm. Baintear forfheidhmiú éifeachtach amach nuair a bhíonn struchtúir leordhóthanacha foirne, oiliúna, rialachais agus tacaíochta i bhfeidhm.



Fíor 7. Torthaí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil 2022-2024

Clár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta

Tá sprioc ag an gClár Cigireachta Náisiúnta Talmhaíochta (CCTN) go ndéanfar cigireacht ar 4,500 feirm ar bhonn bliantúil mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Uisce 2024. Déanann údaráis áitiúla na cigireachtaí seo i gcomhréir leis na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint. Faoin CCTN, tá spriocanna cigireachta sannta ag an GCC do gach údarás áitiúil, ag baint úsáide as modheolaíocht atá bunaithe ar riosca, ag díriú iarrachtaí i réimsí ina mbíonn tionchar suntasach ag an talmhaíocht ar cháilíocht an uisce. In 2025, rinne na húdaráis áitiúla 4,301 cigireacht tosaigh. Is méadú 66% é seo ar líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích in 2024 (2,598). Tá an ráta neamhchomhlíonta i gcás cigireachtaí tosaigh ar Dhea-Chleachtas Talmhaíochta fós ard ag 44% in 2025, rud a léiríonn an gá leanúnach atá le feirmeoirí a bheith ag comhlíonadh na Rialachán um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta níos fearr.

Ina theannta sin, le linn 2025, chuir an GCC tacaíocht, treoir agus oiliúint ar fáil do chigirí údarás áitiúil chun a chinntiú go ndearnadh cigireachtaí ar bhealach comhsheasmhach.

Ionchúisimh

Chríochnaigh an GCC aon chás déag sa Chúirt Dúiche in 2025 (i gcomparáid le seacht gcinn in 2024), rud a d'eascair as:

- ▲ Ocht gciontuithe;
- ▲ Tugadh leas an Achta Promhaidh do chosantóir amháin;
- ▲ Caitheadh dhá chás amach.

Tugadh cás Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP) chun críche sa bhliain 2025 i gCúirt Choiriúil Chuarda Shligigh, ciontaíodh cuideachta comhábhar déiríochta as sáruithe ar choinníollacha a Ceadúnais Astaíochtaí Tionsclaíocha, agus gearradh fineálacha €200,000 san iomlán. Ina theannta sin, ordaíodh don chuideachta €150,000 a íoc thar thréimhse deich mbliana le grúpaí pobail áitiúla agus le hlascaigh Intíre Éireann chun taitneamhacht agus sláinte ghinearálta Abhainn na Scamhóg a chur chun cinn.

San iomlán, le linn 2025, gearradh fineálacha agus síntiúis ar luach €444,500 agus bronnadh costais iomlána €100,212.37 ar an GCC. Ina theannta sin, bhí na torthaí comhshaoil ó chásanna a ionchúisíodh idir comhlíonadh feabhsaithe le Teorainnluachanna Astaíochtaí (ELVanna) agus bonneagar riachtanach a shuiteáil.

3.3 Monatóireacht agus Measúnú

Caighdeán an Aeir

Tá an GCC freagrach as measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh in Éirinn. Tá an Lónra Náisiúnta Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (Fíor 8) á oibriú i gcomhar le húdaráis áitiúla agus comhlachtaí eile.




Tá sonraí ón lónra ar fáil don phobal tríd an suíomh gréasáin airquality.ie agus tuairiscítear iad i gcomhréir le ceanglais Threoir nua an AE maidir le hAer Comhthimpeallach (2024/2881/AE). Déantar sonraí a mheas i gcomparáid le luachanna teorann dlíthiúil Eorpach athbheithnithe (2021) agus luachanna threoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS). Tacaítear anois leis an Lónra Náisiúnta Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh le léarscáileanna cáilíochta aeir a forbraíodh laistigh de thionscadal LIFE Emerald, le léarscáileanna truailléan aeir ardaigh bhlantúla ar fáil gach uair an chloig beagnach i bhfíor-am.

D'fhoilsigh an GCC [Cáilíocht Aeir in Éirinn 2024](#) i mí Mheán Fómhair. Ba é tátal na tuarascála na, cé go bhfuil cáilíocht an aeir in Éirinn i gcomhréir le caighdeán reatha an AE, nach bhfuil éire ar an mbóthar ceart chun a huaillmhian a bhaint amach, atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta um Aer Glan, d'fhonn na teorainneacha treoirlínte maidir le cáilíocht an aeir atá bunaithe ar shláinte a chomhlíonadh in 2026 nó 2030 a leagadh síos faoin Treoir maidir le hAer Comhthimpeallach


(2024/2881/EU) do shuíomhanna áirithe. Beidh sé an-dúshlánach spriocanna na todhchaí a bhaint amach.

Bíonn drochcháilíocht aeir ag dul i bhfeidhm ar shláinte daoine agus measann an GEC go bhfuil thart ar 1,700 bás roimh am in Éirinn mar gheall ar thruailliú aeir. Tá bailiúcháin taighde atá ag fás i gcónaí ann, a léiríonn na naisc shoiléire idir droch-caighdeán aeir agus básanna roimh am agus freisin le tionchair a chuireann teorainn le saol amhail néaltrú agus diaibéiteas.


Is ábhar imní méadaitheach é leibhéil ábhair cháithnínigh (agus cáithníní míne) san aer. Tá an truailléan seo thar a bheith ard i rith míonna an gheimhridh, nuair a bhíonn drochthionchar ag úsáid breoslaí soladacha amhail gual, móin agus adhmaid fliuch ar cháilíocht an aeir – go háirithe i mbailte agus i sráidbhailte beaga. Léiríonn Fíor 9 comhlíonadh stáisiún monatóireachta cáilíochta aeir na hÉireann le teorainneacha truailléan ar fud trí chreat rialála: teorainneacha reatha an AE, teorainneacha an AE amach anseo do 2030, agus treoirlínte EDS do 2040. Feictear an meath is suntasaí le treoirlínte EDS 2040, áit nach gcomhlíonann ach 7% de stáisiúin teorainneacha PM_{2.5} (cáithníní míne) agus nach gcomhlíonann ach 32% teorainneacha NO₂ ag cur béime ar an dúshlán a bhaineann le spriocanna cáilíochta aeir níos déine a bhaint amach. Mhá thagann athrú ar na réimsí roghanna maidir le córas teasa tí agus breosla sholadaigh agus aistriú i dtreo modh atá níos glaine (Fíor 10), feabhsófar caighdeán an aeir. Ar an gcaoi chéanna, is féidir tionchar na n-astaíochtaí iompair ar an tsláinte a mhaolú trí na roghanna cearta iompair a dhéanamh.



Fíor 8. Clé. An Lónra Náisiúnta Monatóireachta ar Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh. Barr ar Dheis. Léarscáil cáilíochta aeir beagnach fíor-ama nuashonraithe uair an chloig. Bun ar Dheis. Réamhaisnéis laethúil truailléan aeir.



Fíor 9. Céatadán na stáisiún monatóireachta in 2024 in Éirinn a bhain meánteorainn bhliantúil/luachanna treorach amach



Fíor 10. Caighdeán an aeir agus gnéithe sláintiúla a bhaineann le roghanna chun tithe a théamh

Fardail agus Réamh-mheastacháin Astaíochtaí Truailleán Aeir

In 2025, d'fhoilsigh an GCC a measúnú ar chúig phríomhthruailleán aeir 1990-2023: amóinia (NH_3), comhdhúile orgánacha so-ghalaithe neamh-mheatáin (NMVOCanna), dé-ocsaíd sulfair (SO_2), ocsaídí nítrigine (NO_x) agus ábhar cáithnínach mín ($\text{PM}_{2.5}$). Bíonn tionchar ag truailleán ar cháilíocht an aeir, ar shláinte agus ar an gcomhshaol agus tá siad faoi réir gealltanais laghdaithe faoi Threoir an AE maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta (GAN). Ina theannta sin, cuireadh réamh-mheastacháin astaíochtaí do na truailleán aeir seo go dtí 2030 faoi bhráid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), faoin gCoinbhinsiún maidir le Truailiú Aeir Trasteorann Fadraoin (CLRTAP).

Léiríonn an measúnú gur chomhlíon Éire na comhdhúile orgánacha so-ghalaithe neamh-mheatáin, dé-ocsaíd sulfair, ocsaídí nítrigine, ábhar cáithnínach agus gealltanais laghdaithe astaíochtaí amóinia do 2023.

Laghdaigh astaíochtaí NH_3 faoi 4.1% i gcomparáid le 2022. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar laghdú ar líon na muc (síos 4.3%) agus úsáid mhéadaithe ar theicnící scaipthe sciodair astaíochtaí ísle do sciodar eallaigh, mhéadaigh an céatadán díobh a cuireadh i bhfeidhm leis na teicnící sin ó 59% in 2022 go 64% in 2023. Ní bhainfear comhlíonadh leanúnach leis an nGealltanais Laghdaithe 2030 amach ach amháin trí chur i bhfeidhm cuimsitheach a dhéanamh ar an tsraith iomlán de bhearta maolaithe amhail scaipeadh sloda íseal-astaíochtaí agus úsáid fhorleathan táirgí leasacháin úiré coiscthe.

Tháinig laghdú 4.1% ar astaíochtaí Comhdhúile Orgánacha So-ghalaithe Neamh-Mheatáin (NMVOCanna) in 2023 i gcomparáid le 2022, den chuid is mó mar gheall ar rialuithe teicneolaíochta do NMVOCanna i mótarfheithiclí, rud a d'fhág laghdú suntasach ar astaíochtaí ó iompar de bhóthar. D'úsáid Éire an córas solúbthachta reachtaíochta ceadaithe chun gealltanais Laghdú Astaíochtaí an AE in 2023 maidir le NMVOCanna a chomhlíonadh. Mar sin féin, tá gá le bearta maolaithe éifeachtacha maidir le hastaíochtaí a bhaineann le táirgeadh biotáille sa tionscal bia agus dí más mian linn spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach sa toadhcháil.

Tháinig laghdú 21.3% ar astaíochtaí dé-ocsaíd sulfair (SO_2) in 2023 i gcomparáid le 2022 mar thoradh ar úsáid laghdaithe guail agus móna i stáisiúin chumhachta agus téamh cónaithe. Laghdaigh astaíochtaí SO_2 90.1% sa tréimhse 2005 -2023 agus tá siad i bhfad faoi bhun ghealltanais riachtanacha an Aontais maidir le hastaíochtaí a laghdú.

Tháinig laghdú 7.4% ar astaíochtaí ocsaíd nítrigine (NO_x) in 2023, rud a léiríonn an laghdú suntasach ar úsáid guail, ola agus móna san earnáil giniúna leictreachais, feabhas ar éifeachtúlacht stáisiúin chumhachta gásdhóite nua-aimseartha a chuirtear in ionad gléasraí móna agus ola-bhreoslaithe níos sine agus an sciar méadaithe d'fhuinneamh in-athnuaite, cumhacht gaoithe go príomha, chomh maith le hidirnascaidh méadaithe.


Tá laghdú 11.4% tagtha ar astaíochtaí $\text{PM}_{2.5}$ in 2023 i gcomparáid le 2022 agus tá laghdú 50.1% tagtha orthu i gcomparáid le leibhéil bhonnlíne 2005. Cé go leanann leibhéil náisiúnta astaíochtaí de bheith ag comhlíonadh an ghealltanais laghdaithe astaíochtaí don truailleán seo, tá fadhbanna áitiúla ann maidir le cáilíocht an aeir agus leanann leibhéil a taifeadadh ag stáisiúin monatóireachta comhthimpeallacha de bheith ina n-ábhar imní i sráidbhailte, bailte agus cathracha.

Cáilíocht an Uisce


Comhordaíonn an GCC an clár náisiúnta monatóireachta ar cháilíocht uisce agus déanann sé measúnuithe eolaíoch chun na brúnna a théann i bhfeidhm ar uiscí na hÉireann a aithint. Treoraíonn an obair seo bearta chun cáilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú agus tacaíonn sí le tuairisciú AE faoin gCreat-Treoir Uisce (CTU). Baineann an clár le bailiú agus anailís leanúnach ar shonraí monatóireachta éiceolaíochta agus ceimiceán ó níos mó ná 2,500 dobharlach lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, screamhuiscí, inbhir agus uiscí cósta.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh an GCC [Cáilíocht Uisce in Éirinn 2019–2024](#), ina ndéantar measúnú ar riocht na n-uiscí i gcoinne chuspóirí CTU agus an Phlean Bainistíochta Abhantraí ([Plean Gníomhaíochta Uisce 2024](#)). Baineann an measúnú úsáid as sonraí ó bhreis is 4,000 comhlacht uisce dromchla agus 514 dobharlach screamhuisce a bailíodh le linn 2019 -2024.

Tugann torthaí na tuarascála le fios go bhfuil 52% d'uiscí dromchla i riocht sásúil éiceolaíoch, rud a chiallaíonn nach bhfuil beagnach leath acu chomh sláintiúil ná hathléimneach agus is gá (Fíoracha 11 agus 12). Is ionann sin agus laghdú beag ón 54% a bhí sásúil agus measúnú 2016-2021 ar bun. Is iad na huiscí idirthréimhseacha, lena n-áirítear inbhir agus murlaigh chósta, fós, na cinn is mó atá buailte, agus 70% díobh i riocht míshásúil. I gcodarsnacht leis sin, tá stádas maith ag 92% de na screamhuiscí agus 87% de na canálacha. Is iad cothaitheigh bhreise ó thalmhaíocht, fuíolluisce uirbeach agus gníomhaíochtaí daonna eile na brúnna is suntasaí fós, agus athruithe ar dhálaí fisiciúla na ngnáthóg ina dhiaidh sin.



Fíor 11. Stádas éiceolaíoch uisce dromchla in Éirinn 2019-2024.



Fíor 12. Stádas éiceolaíoch in uiscí dromchla do 2019-2024

Uirlisí Fianaise agus Measúnaithe

D'fhoilligh an GCC a thabhairt ar na dúshláin a sainaitníodh i dTuarascáil ar Cháilíocht Uisce in Éirinn 2019-2024, forbraíodh an bonn fianaise chun tacú le beartas agus gníomhaíocht spriocdhírthe tuilleadh in 2025. Áiríodh leis sin foilsiú na tuarascála bliantúla maidir le [Tiúchan Níotráite agus Fosfair in Uiscí na hÉireann in 2024](#), dhá eagrán den tsraith tuarascálacha sé mhí [Luathléargais Nítrigine](#) chun tacú le spriocdhíríú [Fianaise-bhunaithe ar bhearta talmhaíochta chun nítrigin a laghdú i ndobharcheantair chun cuspoirí cáilíochta uisce a bhaint amach](#). Úsáideann páirtithe leasmhara uirlisí an GCC amhail an léarscáil um bearta Feirme agus Tírdhreacha don Talmhaíocht (FLAG) agus léarscáileanna Féidearthachta Tionchair Truailithe go forleathan a chuireann tionscnaimh feabhsúcháin cháilíocht uisce i bhfeidhm go náisiúnta. Glacadh go maith le soláthar faisnéise tráthúil faoi cháilíocht an uisce in 2025 agus spreag sé suim shuntasach an phobail.

An Clár Hidriméadrachta


Leanann an GCC de shonraí hidriméadrachta a chur ar fáil le tacú le hoibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta tuairiscithe, pleanáil agus bainistíocht acmhainní uisce, bainistíocht rioscaí tuilte, dearadh bonneagair agus réimse leathan gníomhaíochtaí eile.

Thug an GCC faoi 1,188 measúnacht ar leibhéil screamhuisce agus ar leibhéil uisce dromchla agus/nó sreabhadh i láithreáin ar fud na tíre i rith 2025. Sna measúnuithe sin díriodh go príomha ar líonra láithreán an GCC/na n-údarás áitiúil, ach cuimsíodh tomhais spriocdhírthe ar shreabhadh chomh maith, áit a raibh gá le sonraí ar mhaithe le cuspoirí sonracha. Is féidir na sonraí a íoslódáil trí úsáid a bhaint as [uirlis ghreasaín HydroNet](#) na GCC.

Cáilíocht Uisce Snámha

Is é an GCC an rialtóir comhshaoil d'uiscí snámha, ag cinntiú go gcomhlíonann údarais áitiúla a n-oibleagáidí faoi na Rialacháin maidir le hUisce Snámha, agus go ndéanann siad measúnú agus tuairisciú ar cháilíocht uisce snámha.

I mí na Bealtaine 2025, d'fhoilsigh an GCC an tuarascáil bhliantúil ar uisce snámha do shéasúr snámha 2024. Tá achoimre ar shonraí mheasúnuithe 2024 le fáil i bhFíor 13. Tugadh le fios sa tuarascáil gur chomhlíon 96% de na huiscí snámha (145 as 151) na híoschaighdeáin a bhí riachtanach in 2024, nó gur sháraigh siad iad. Tuairiscíodh fuíolluisce uirbeach is minice mar an chúis dhóchúil le teagmhais truailithe inar tharla siad.



Fíor 13. Caighdeán an uisce snámha in 2024

Saotharlanna Uisce

Déanann saotharlanna an GCC i gCaisleán an Bharraigh, Baile Átha Cliath, Cill Chainnigh agus Muineachán monatóireacht ar cháilíocht uisce chun tacú le rialáil áiseanna atá ceadúnaithe ag an GCC, agus cur i bhfeidhm CTU. I measc na ngníomhaíochtaí monatóireachta tá anailís ar shamplaí ó aibhneacha, lochanna, screamhuisce agus uiscí trasdultacha agus cósta chomh maith le sampláil, anailís agus iniúchadh ag áiseanna tionsclaíocha, dramhaíola agus fuíolluisce.

Le linn 2025, rinne na saotharlanna réimse anailís ar 13,383 sampla CTU ó aibhneacha (7,508), lochanna (2,636), inbhir (2,669) agus screamhuisc (583), beagnach gan aon athrú ó 2024. Tá miondealú ar líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu in 2025 le fáil i bhFíor 14.


In 2025, rinne na saotharlanna anailís ar 1,626 sampla ó láithreáin cheadúnaithe GCC (RCT, TAT, dramhaíl agus líonadh talún) agus 185 sampla ó láithreáin fuíolluisce uirbeacha. Is méadú 34% é seo ar líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu in 2024, toisc gur oibrigh na saotharlanna go dlúth le cigirí an GCC chun freagairt a thabhairt ar sceitheadh

amhrasta neamhchomhlíontach ó cheadúnaithe agus ar theagmhais truaillithe a tháinig chun cinn ar fud na tíre.

Rinne foireann na saotharlainne iniúchadh ar 11 ghléasra cóireála uisce óil freisin chun tacú le Clár Forfheidhmithe Uisce Óil an GCC.

Coinníodh creidiúnú don chaighdeán ISO 17025:2017 sna saotharlanna aeir, radaíochta agus uisce, i ndiaidh iniúchadh bliantúil ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú i mí Dheireadh Fómhair.

Le linn 2025, leanadh leis an obair ar Leaning CTU agus athainmníodh an grúpa mar an Grúpa Comhoibrithe Uisce, rud a léiríonn an chomhpháirtíocht idir na saotharlanna (ceimiceoirí) agus an Clár Uisce (bitheolaithe, éiceolaithe, hidrigeolaithe) atá neartaithe agus méadaithe le blianta beaga anuas. Chomh maith le cur leis an tuarascáil is déanaí ar Cháilíocht Uisce in Éirinn (a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2025), rinne an grúpa athbhreithniú ar chlár monatóireachta an CTU agus lean siad leis an gcur chuige dinimiciúil chun freagairt go tapa d'fhianaise.



Fíor 14. Líon na samplaí, de réir cineáil, a ndearna saotharlanna uisce an GCC anailís orthu in 2025

Forbairt shuntasach eile ab ea modh chun monatóireacht íseal-leibhéil a dhéanamh ar chothaitheigh (féach Fíor 15 thíos), áit a laghdaíodh teorainneacha cainníochtaithe d'amóinia, d'fhosfáit agus níotráit idir cúig oiread agus fiche oiread. Cuirfear tús leis an monatóireacht seo in 2026 ag 83 suíomh ar fud na hÉireann atá thar a bheith íogair do shaibhriú cothaitheach, agus cabhróidh an obair seo le tuiscint níos fearr a fháil ar na brúnna atá roimh dhobharlaigh áirithe.



Fíor 15. Grianghraf d'lonstraim SEAL le haghaidh anailíse cothaitheach íseal-leibhéil

Monatóireacht ar Radaíocht

Calabhrú lonstraimí

Soláthraíonn an GCC seirbhís chreidiúnaithe um chalabhrú ISO 17025:2017 le haghaidh raon ionstraimí cosanta ar radaíocht, lena n-áirítear méadair shuirbhéireachta, monatóirí éillithe agus dáileogmhéadair phearsanta leictreonacha. Tacaíonn an tseirbhís seo le sábháilteacht radaíochta agus le faireachán a dhéanamh ar leibhéil radaíochta san ionad oibre do cheadúnaithe agus páirtithe leasmhara sna hearnálacha seo a leanas: tionscal, leigheas, cosaint, taighde, rialú agus freagairt éigeandála. In 2025, chalabraigh an tseirbhís 424 ionstraim.

Radanailíseach

Tomhaiseann an GCC raon leathan samplaí de bhia-ábhair, uisce óil agus samplaí comhshaoil. Cuirtear an obair seo i gcrích chun tacú le cláir um fhaireachán radaighníomhaíochta comhshaoil an GCC agus ar bhonn conartha do chliant sheachtracha.

Chuimsigh na seirbhísí radanailíseacha ar conradh don bhliain 2025 na gnéithe seo a leanas:

- Táirgí Éireannacha a thástáil maidir le comhlíonadh le riachtanais na dtíortha allmhairiúcháin chomh maith le gráin bhia ainmhithe allmhairithe ó thríú tíortha.
- Uisce óil agus uisce buidéal á thástáil le haghaidh comhlíonadh cheanglais na Rialachán Náisiúnta.
- Anailís ar thástálacha cuimilte chun sláine foinsí radaighníomhacha séalaithe a sheiceáil.
- Samplaí dreideáilte a thástáil chun a fháil amach an bhfuil ceanglais an Achta um Dhumpáil ar Farraige, 1996, arna leasú, á gcomhlíonadh acu.

Déanann an GCC measúnú ar radaighníomhaíocht i mbia-ábhair Éireannacha. Soláthraíonn an measúnú seo an bunús chun radaighníomhaíocht a dheimhniú i dtáirgí atá le honnmhairiú. In 2025, eisíodh 2,671 teastas.

Áiríodh ar chláir monatóireachta radaíochta 2025 sampláil radaighníomhaíochta san aer, uisce óil agus i mbuidéil, deascadh, samplaí mara, aiste bia measctha agus earraí bia eile. Rinneadh anailís ar 413 shampla san iomlán i rith na bliana.

An Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

Coimeádán an GCC an Líonra Náisiúnta Faireacháin Radaíochta chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar leibhéil radaíochta sa chomhshaol agus chun freagrachtaí an GCC faoi Chonradh EURATOM agus faoin bPlean Náisiúnta um Nochtadh Éigeandála Núicléach agus Raideolaíoch. Dá dtarlódh timpiste núicléach nó raideolaíoch thar lear, bhraithfeadh an Líonra dá mbeadh aon leibhéil mhéadaithe radaíochta comhthimpeallai in Éirinn.

Déantar tomhais leanúnacha ar ráta dáileoige gáma comhthimpeallach ag stáisiúin mhonatóireachta sheasta ar fud na tíre freisin (Fíor 16). Dheimhnigh na torthaí, cé go bhfuil radaighníomhaíocht shaorga fós inbhraite i dtimpeallacht na hÉireann, go bhfuil na leibhéil íseal agus nach bhfuil aon riosca suntasach iontu do shláinte an duine. Aistrítear sonraí radaíochta gáma comhthimpeallacha ó 23 suíomh go huathoibríoch chuig an gCoimisiún Eorpach ar bhonn uair an chloig agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC. Leanann an GCC agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) ag obair le chéile faoin gComhaontú Leibhéal Seirbhíse idir an dá eagraíocht. Tá an comhaontú seo an-tábhachtach chun tacú le comhoibriú i réimsí leasa choitinn, go háirithe maidir le monatóireacht a dhéanamh ar radaighníomhaíocht i dtimpeallacht na hÉireann. Tacaíonn sé le comhlíonadh fhreagrachtaí an GCC faoin bPlean Náisiúnta um Nochtadh d'Éigeandálacha Núicléacha agus Radaíolaíocha. Cuireann sé le forbairt an chéad ghlúin eile fisicithe chun oibriú sa réimse seo trí cheannaireacht acadúil a sholáthar don tsaotharlann speictreascópachta gáma trí fhoireann acadúil ó Roinn Eolaíochta SETU, chomh maith le hobair fochéime agus iarchéime a éascú.

Mar aon le faireachán a dhéanamh ar leibhéil ghamaradaíochta comhthimpeallacha, cuireann an Líonra ionstraimí san áireamh chun tiúchaintí radaighníomhaíochta san aer a thomhas. Déanann cuid acu seo tomhais in situ agus tá scagairí aerásóil i gcuid eile a bhailíonn foireann an GCC agus Met Éireann agus a sheoltar chuig Saotharlann Monatóireachta Radaíochta an GCC lena n-anailísiú. Lena chois sin, tá samplóirí frasaíochta in úsáid ag an Líonra a bhailíonn samplaí frasaíochta go leanúnach chun críche anailíse sa GCC.



Fíor 16. Suíomhanna an Líonra Monatóireachta Náisiúnta

An Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin

Is straitéis trasrialtais ceithre bliana í an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin (SNRR) agus is í aidhm atá leis an straitéis na líon cásanna d'ailsí scamhóige a bhfuil baint acu le radón in Éirinn a laghdú. Tá an GCC ina bhall de Ghrúpa Comhordaithe an SNRR, grúpa idir-rannach agus tras-Ghníomhaireachta faoi chathaoirleacht RAFC a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise. Tá moltaí sa SNRR maidir le raon leathan beart atá dírithe ar theagmháil leis an ngás radaighníomhach seo a laghdú. Chun dul chun cinn i dtreo na sprice seo a thomhas, tá raon méadrachtaí sa straitéis chun éifeachtacht na mbeart a rianú le himeacht ama. In 2025, rinne an GCC suirbhé náisiúnta chun líon na n-ailsí scamhóg a bhaineann le radón in Éirinn a nuashonrú. Mar chuid den suirbhé seo, tá thart ar 1,000 teach a roghnaíodh go randamach á dtástáil le haghaidh radóin. Beidh torthaí an tsuirbhé ar fáil in 2026.

Suirbhé Náisiúnta Thoron

Tar éis suirbhé píolótach ar thórón a chríochnú in 2024, rinne an GCC a Suirbhé Náisiúnta Tóirín in 2025. Trí shliocht tóirín a thomhas i 250 teach a roghnaíodh go randamach ar fud na hÉireann, tá sé mar aidhm ag an suirbhé an dáileog daonra measta a mheas. Beidh na torthaí ar fáil in 2026.

Radaíocht Neamhianúcháin

Le linn 2025, rinne an GCC anailís ar na sonraí a bailíodh ó chlár monatóireachta 2024 maidir le radaíocht neamh-ianúcháin (RNI) a astaíonn ag bonneagar mór leictreachais amhail línte cumhachta ardvoltais. Chun cuid de na torthaí seo a dheimhniú, d'fhostaigh an GCC conraitheoir seachtrach a dhéanfaidh tuilleadh tomhas RNI ag dhá shuíomh roghnaithe thar bhliain amháin ag tosú i mí na Nollag 2025. Chomh maith leis sin, chuaigh an GCC i dteagmháil le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta chun torthaí RNI a phlé, d'ullmhaigh ábhar nuashonraithe dá suíomh gréasáin agus lean ag freagairt do cheisteanna a fuarthas ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile.

Monatóireacht agus Tuairisciú ar Éiceachórais

Tá an GCC ag feidhmiú an Líonra Náisiúnta Monatóireachta Éiceachórais, atá deartha chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an truailithe ar éiceachórais íogaire bunaithe ar na ceanglais atá leagtha amach sa Treoir maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta (NEC) (2016/2284). Is éard atá sa Líonra ná bailiúchán suíomhanna atá ionadaíoch do ghnáthóga éagsúla ar fud na tíre. Tá sé dírithe ar fhianaise a sholáthar ar thionchar an deascaidh nítrigine, lena n-áirítear amóinia, ar na gnáthóga seo. Tá an mhonatóireacht ar shuíomhanna an Líonra á déanamh ag an GCC agus ag eagraíochtaí eile, lena n-áirítear an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Met Éireann agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM). Le linn 2025, cuireadh trí shuíomh monatóireachta atmaisféarach leis an Líonra, rud a chiallaíonn go bhfuil an líon iomlán cothrom le 16 aois. Ina theannta sin, bunaíodh monatóireacht ar an mórchoir deascadh ag trí cinn de na suíomhanna seo. Tá an obair seo ag forbairt tacar sonraí náisiúnta de shonraí suirbhé éiceolaíoch fadtéarmacha ar ghnáthóga lena n-áirítear portaigh ardaithe, féarthailte cailcreacha agus móinéir Molinia, sonraí anailise caonaigh agus ithreach, agus monatóireacht atmaisféarach a úsáidtear chun treochtaí agus tionchair an truailithe aeir ar éiceachórais íogaire a chinneadh.



Torann

Lean an GCC de bheith ag comhordú mapáil straitéiseach náisiúnta torainn chomhshaoil agus pleanála gníomhaíochta a chlúdaíonn príomhfhoinsí iompair faoin Treoir maidir le Torann Comhshaoil. Tacaíonn léarscáileanna Straitéiseacha Torainn le forbairt pleananna gníomhaíochta torainn, agus tá na pleananna seo ríthábhachtach chun tionchair torainn chomhshaoil a laghdú agus limistéir chiúine a chosaint. Chríochnaigh an GCC an tuairisciú ar phleananna gníomhaíochta maidir le Torann Bhabhta 4 don LEE agus d'fhorbair sé treoir fhairsing maidir le mapáil torainn Bhabhta 5, lena n-áirítear do mhórbhóithre agus d'iarnród. D'fhorbair an GCC treoirlínte athbhreithnithe mapála torainn freisin le húsáid d'fhonn cabhrú leis na comhlachtaí mapála torainn critéir a fhorbairt chun a aithint cé mhéad athrú a spreagfadh ceanglas léarscáileanna nua a ghiniúint do Bhabhta 5 faoi 2027. Ceanglaítear ar údarais áitiúla dul chun cinn a bpleananna gníomhaíochta a thuairisciú don GCC gach bliain freisin. Cuireadh tuarascálacha ar dhul chun cinn do 2024 isteach in 2025. Rinne an GCC measúnú orthu seo agus foilsíodh [Athbhreithniú Achomair ar Thuarascálacha Bliantúla an Phlean Gníomhaíochta Torainn do 2024](#) ar shuíomh gréasáin an GCC.

Úsáid Talún

Thacaigh an GCC le Céim 2 den Athbhreithniú Náisiúnta ar Úsáid Talún (faoi stiúir RTRÁO, RAFC agus RTBM) trí rannpháirtíocht sa Ghrúpa Maoirseachta, sa Ghrúpa Oibre Teicniúil agus sa Ghrúpa Rannpháirtíochta Saoránach. Mar chuid den obair seo, mhaoinigh an GCC trí thionscadal taighde chun eolas a chur ar fáil don tuarascáil. Chríochnaigh an GCC Léarscáil Úsáide Talún píolótach de Chontae an Chláir a d'fhorbair modh teicniúil le haghaidh mapáil úsáide talún a d'fhéadfaí a rolladh amach tuilleadh.

Léirigh sonraí fardail sealadacha GCT do 2024, a foilsíodh i mí Iúil 2025, gur bhain 6.8% d'astaíochtaí iomlána náisiúnta in 2024 leis an earnáil Úsáide Talún, Athrú Úsáide Talún agus Foraoiseachta (LULUCF), atá comhdhéanta de shé chatagóir úsáide talún (Talamh Foraoise, Talamh Barr, Féarach, Bogaigh, Lonnaíochtaí agus Talamh Eile) agus Táirgí Adhmaid Lománaithe. Is iad draenáil féarthailte ar ithreacha orgánacha agus saothrú bogach le haghaidh eastóscadh móna na príomhfhoinsí astaíochtaí.

Bhí an earnáil LULUCF ag feidhmiú mar ghlanfhoinsé astaíochtaí CO₂eq sna blianta uile 1990-2024 agus, mar a shainnaithin an GCC in [Réamh-mheastacháin Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa 2024-2055](#) a foilsíodh i mí na Bealtaine 2025, táthar ag súil go méadóidh astaíochtaí san earnáil seo suas go dtí 2030 de réir mar a shroicheann ár bhforaoiseacht aois bhuainteoireachta agus de réir mar a athraíonn siad ó linn charbóin go dtí foinse charbóin. Meastar go laghdóidh beartais agus bearta beartaithe don earnáil, cosúil le foraoisiú méadaithe, bainistiú maoschláir ar ithreacha orgánacha talmhaíochta agus athshlánú talamh phortaigh, an méadú a thiocfaidh ar na hastaíochtaí.



4

Gníomhú ar son na hAeráide

Bainimid úsáid as an méid atá ar eolas againn chun dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide.

Táimid ag tacú leis an aistriú i dtreo na neodrachta agus seasmhachta aeráide trínár bhfianaise agus obair rannpháirtíochta.

Tugaimid ceannaireacht le dea-shampla trínár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

4. GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Áirítear ar ról an GCC maidir le dul i ngleic le dúshlán athraithe aeráide na hÉireann fardail agus réamh-mheastacháin gás ceaptha teasa (GCT) a ullmhú; córas Trádála Astaíochtaí an AE agus Sásra Coigeartaithe Teorann Carbóin a chur i bhfeidhm; rannpháirtíocht le comhlachtaí an AE agus na Náisiúin Aontaithe a thacaíonn le taighde eolaíochta aeráide agus breathnóireachtaí a bhaineann leis an aeráid; tacú leis an oiriúnú don athrú aeráide agus tacú le hathrú iompraíochta agus an Plé Náisiúnta ar an Athrú Aeráide a éascú. Is é an GCC an t-údarás forfheidhmithe agus cur chun feidhme do Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE) freisin.


4.1 Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Stairiúla

I mí Iúil 2025, foilsíodh [Fardal Sealadach gáis Cheaptha Teasa do 1990-2024](#) an GCC. Cuirfear foilseachán nuashonraithe, deiridh ar fáil i mí Aibreáin 2026. Ba iad na príomhthorthaí ná gur tháinig laghdú 2% ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa i gcomparáid le 2023, agus tuairiscíodh laghduithe i ngach príomhearnáil seachas Foirgnimh (Fíor 17).

Gan astaíochtaí ó Thalamhúsáid, Athrú Talamhúsáide agus Foraoiseacht (TÚATUF) a chur san áireamh, astaíodh coibhéis 53.8 milliún tona de dhé-ocsaíd charbóin (Mt CO₂eq) in 2024. Léirítear sa tuarascáil gur úsáideadh 82.5% de Bhuiséad Carbóin na hÉireann do 2021-2024 sa chéad cheithre bliana. Tá laghdú bliantúil 10.3% ag teastáil anois in 2025 má tá Éire le fanacht laistigh dá céad Bhuiséad Carbóin.

Léiríonn na meastacháin shealadacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, fiú agus solúbthachtaí na Scéime Trádála Astaíochtaí in úsáid, nach bhfuil Éire i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill do 2021-2024. Léiríonn na sonraí go sáróidh Éire a teorainn bhlíantúil do 2024 faoi Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill an AE (RCD, AE 2018/842) faoi 1.83 Mt CO₂eq.

In 2024, thosaigh an GCC ag foilsiú tuarascálacha táscairí astaíochtaí Gás Cheaptha Teasa Ráithiúla. Freagraíonn na tuarascálacha seo don ghá leanúnach le haghaidh sonraí níos tráthúla agus níos minice ar GCT na hÉireann. Tá Éire ag dul isteach i líon beag tíortha ar fud an domhain chun an cineál seo measúnaithe a dhéanamh, rud a sholáthróidh sonraí táscaire luatha agus minice luachmhara chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ghníomhú ar son na haeráide in Éirinn. Comhlánóidh an tsraith fardal agus réamh-mheastacháin náisiúnta GCT a ullmhaíonn an GCC gach bliain.



Fíor 17. Príomhathruithe earnála in astaíochtaí GCT in 2024 i gcomparáid le 2023

Réamh-mheastacháin Astaíochtaí gás ceaptha teasa


Léiríodh i [Réamh-mheastacháin Gás Ceaptha Teasa 2024-2025](#), an GCC a foilsíodh i mí na Bealtaine 2025 go dtacódh na bearta atá curtha chun feidhme cheana ('reatha') le laghdú 9% ar astaíochtaí in 2030 i gcomparáid le 2018, agus go mbeadh bearta breise i bPleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 mar bhonn le laghdú 23%. Leagadh béim sa tuarascáil nach gcomhlíonfaidh Éire an sprioc náisiúnta laghdaithe astaíochtaí 51% (faoi 2030 i gcomparáid le 2018) bunaithe ar na réamh-mheastacháin seo (Fíor 18).

Leagtar béim sa tuarascáil ar an ngá atá le bearta aitheanta a chur i bhfeidhm ar bhealach níos tapúla chomh maith le soiléireacht níos fearr maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag súil go seachadfaidh bearta atá pleanáilte má táthar chun laghdú 51% ar astaíochtaí GCT foriomlána a bhaint amach faoin 2030. Réamh-mheastar freisin nach gcomhlíonfaidh Éire sprioc laghdaithe astaíochtaí 42% an Aontais Eorpaigh faoi 2030 (i gcomparáid le 2005) agus go mbeidh gá ní hamháin le cur chun feidhme iomlán agus tapa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2025 chun an sprioc sin a bhaint amach, ach go mbeidh gá le bearta breise anois chun dlús a chur leis an dul chun cinn.

4.2 Oiriúnú Aeráide

In 2025, d'fhoilsigh an GCC an chéad [Mheasúnú Náisiúnta ar Riosca an Athrú Aeráide \(MNRAA\)](#). Is measúnú cuimsitheach, bunaithe ar fhianaise é an MNRAA ar na rioscaí aeráide reatha agus amach anseo atá roimh Éirinn ar fud córas nádúrtha, tógtha, eacnamaíoch agus sóisialta, agus is ionann é agus an chéad mheasúnú comhsheasmhach náisiúnta ar rioscaí aeráide d'Éirinn. Soláthraíonn sé bonn fianaise láidir agus údarásach chun tacú le pleanáil oiriúnaithe aeráide atá comhleanúnach agus spriocdhírthe ar leibhéil náisiúnta, earnála agus áitiúla, agus chun tacú le foghlaim leanúnach agus nuashonruithe amach anseo ar fhianaise riosca aeráide na hÉireann.

In 2025, lean an GCC de thacaíocht a thabhairt do phleanáil oiriúnaithe agus athléimneachta don athrú aeráide trí Aeráid Éireann, an t-ardán um oiriúnú náisiúnta agus trí chomhordú Lónra Oiriúnaithe Aeráide Éireann (LOAÉ) a sheachadadh. Tá breis is 500 ball ag an lónra anois agus cuireann sé fóram comhroinnte faisnéise ar fáil chun saineolas oiriúnaithe a thógáil ag leibhéal cleachtóirí ar fud earnálacha in Éirinn. Bhunaigh an GCC roinnt grúpaí oibre sa LOAÉ chun tuilleadh eolais a thabhairt do ghníomhartha oiriúnaithe. Chomh maith leis sin, d'óstáil sí a tríú seimineár bliantúil i mí na Samhna 2025, ag tabhairt lucht déanta beartas, cleachtóirí agus taighdeoirí le chéile chun fianaise atá ag teacht chun cinn agus ceachtanna foghlamtha a roinnt chun cabhrú le hathléimneacht aeráide sa tír seo a neartú.



Fíor 18. Iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa (lena n-áirítear LULUCF) faoi na cásanna réamh-mheastacháin Le Bearta Reatha (WEM) agus Le Bearta Breise (WAM) go dtí 2030. Léiríonn an limistéar scáthaithe gorm an fad idir an cosán réamh-mheasta d'astaíochtaí faoi chur i bhfeidhm iomlán na mbearta breise go léir agus na laghduithe is gá chun an sprioc náisiúnta 51% a bhaint amach faoi 2030.

4.3 Léargais Iompraíochta

Lean an GCC ag tógáil ar bhonn fianaise an Staidéir ar Athrú Aeráide in Intinne na hÉireann (CCIM) in 2025, agus d'fhoilsigh sé ceithre thuarascáil léargais a úsáideann sonraí CCIM chun dearthaí an phobail i leith athrú aeráide a scrúdú thar théamaí an tsaoil, deacrachtaí eacnamaíocha, litearthacht aeráide agus rannpháirtíocht. Ina theannta sin, lean CCIM de bheith ag mealladh spéise leathan, agus torthaí á gcur i láthair ag imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ó Institiúid na Cruinne UCD go dtí fóram na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le rialachas oscailte don aistriú glas. D'fhoilsigh an GCC staidéar gaolmhar, Dearthaí Aeráide agus Litearthacht sa tSeirbhís Shibhialta in 2025 freisin. Fuarthas amach go bhfuil tuairimí comhchosúla a bheag nó a mhór ag státseirbhís na hÉireann ar athrú aeráide agus atá ag grúpaí inchomparáide laistigh de phobal na hÉireann i gcoitinne.

4.4 Eolaíocht Aeráide

Rannpháirtíocht an AE agus Idirnáisiúnta

Rinne an GCC ionadaíocht d'Éirinn ar roinnt príomhchomhlachtaí Eorpacha agus na NA, agus mar chomhaltaí den toscaireacht náisiúnta agus chun comhordú tuairimí a bhaineann le haeráid náisiúnta agus a bhaineann leis an aeráid a éascú.

In 2025, rinne an GCC ionadaíocht ar Éirinn ag dhá chruinniú iomlánacha den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), sa tSín agus i bPeiriú, agus bhí ról lárnach aige maidir le clár Oibre IPCC a fhorbairt agus a chur chun cinn lena n-áirítear raon feidhme na bpríomhthuarascálacha. Lean an GCC lena ról leis an toscaireacht náisiúnta, faoi stiúir RAFC, chuig Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus Comhaontú Pháras. Áiríodh leis sin tacaíocht shaineolach a sholáthar don 62ú agus 53ú cruinniú na bhFochomhlachtaí um Chomhairle Eolaíochta agus Teicneolaíochta (SBSTA) agus Cur i bhFeidhm (SBI) i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna agus don 30ú Comhdháil Páirtithe sa Choinbhinsiún agus i gComhaontú Pháras sa Bhrasaíl i mí na Samhna. I measc na dtacaíochtaí a rinne an GCC bhí obair i sainghrúpaí éagsúla an AE, tacaíocht a thabhairt d'Fhoireann idirbheartaíochta an AE agus oibriú le Cathaoirleach SBSTA chun torthaí na gcaibidlíochtaí a éascú go rathúil. Dhírigh siad seo ar an Eolaíocht, breathnóireachtaí ar an Domhan/Aeráid, Maolú agus Tuairisciú, chomh maith leis an bpróiseas forfheidhmithe níos leithne a chur chun cinn.

Thacaigh an GCC mar leas-chathaoirleach agus mar chomhalta iomlán le hobair an Thionscnaimh Chomhchlárúcháin uile-Eorpach ar an Aeráid (Aeráid TCC) go dtí 2025.

Lean an GCC ar aghaidh ag bainistiú rannpháirtíocht na hÉireann leis an mBonneagar Taighde Eorpach (ERIC) an Chórais Chomhtháite Breathnaithe Carbóin (CCBC). Áiríodh leis sin ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag dhá chruinniú de chuid Chomhthionól Ginearálta CCBC in 2025 agus seoladh oifigiúil CCBC-Éire i mí na Nollag 2025. Cuimsíonn

an CCBC-Éire eagraíochtaí agus comhlachtaí ar leo nó a bhainistíonn láithreáin CCBC nó a úsáideann sonraí ó na suíomhanna sin i ngníomhaíochtaí taighde nó oibriúcháin. Le linn 2025, lean an GCC ag tabhairt tacaíochta do sholáthar sonraí Éireannacha do lárionaid sonraí idirnáisiúnta faoin gCoinbhinsiún maidir le hlompar Fadraoin Truailleán Aeir Clár Eorpach Faireacháin agus Meastóireachta, lena n-áirítear sonraí ar thomhais atmaisféaracha ó shuíomhanna straitéiseacha in Éirinn.

Measúnú na hÉireann ar Athrú Aeráide

Seoladh an chéad [Tuarascáil Measúnaithe ar an Athrú Aeráide in Éirinn \(MÉAA\)](#), faoi stiúir an GCC agus faoi stiúir taighdeoirí ceannrórdacha i mí Eanáir 2024. Rinneadh iniúchadh ar úsáid na faisnéise agus an ábhair sa tuarascáil i sraith Idirphlé a eagraíodh i rith 2025. Dhírigh siad seo ar phríomhdhúshláin lena n-áirítear sláinte, eacnamaíocht agus conas is féidir leis an eolaíocht eolas níos fearr a thabhairt do fhreagairtí beartais ar dhúshláin an athraithe aeráide.

Eolaíocht Aeráide agus Anailís Beartais

D'fhoilsigh an GCC feasachán topaicí speisialta ar ábhar gás ceaptha teasa le fócas ar leith ar a dtionchair, a dtreochtaí agus a mbeartas maolaithe in Éirinn. Lean sé seo ar aghaidh le sraith feasachán “mínteoir aeráide” an GCC a chomhtháthaíonn sonraí agus taighde a bhaineann le topaicí ar bhealach atá inrochtana do lucht déanta beartais.

Le linn 2025, lean an GCC lena chuid oibre maidir le tacaíocht anailiseach a sholáthar do lucht déanta beartais sa RAFC agus i Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile araon, lena n-áirítear ar ábhair astaíochtaí meatáin agus sprioc-mholtaí 2040 an AE.

Trádáil Astaíochtaí

Is é an GCC an tÚdarás Inniúil atá freagrach as Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpach (CTA AE) a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú in Éirinn. Tá sé mar aidhm ag BTS AE astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin (CO₂) ó ghiniúint leictreachais, tionscal móra, aerlínte agus ó iompar muirí a laghdú. Ina theannta sin, is é an GCC an tÚdarás Inniúil chun CTA2, scéim nua trádála carbóin, agus an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) a riar. In 2024, tháinig laghdú 7% ar astaíochtaí ó thionscail agus ar ghiniúint cumhachta a tuairiscíodh ar CTA AE i gcomparáid le 2023. Ó bunaíodh CTA AE in 2005, tá laghdú 50% tagtha ar astaíochtaí sna hearnálacha ábhartha in Éirinn.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar astaíochtaí eitleochta in Éirinn agus ar fud an AE in ainneoin chur i bhfeidhm CTA AE. In 2025 ghlac an GCC le hiarratais ar shásra tacaíochta le haghaidh úsáid breoslaí eitleochta malartacha ag oibreoirí aerárthaí tráchtála faoin CTA. San iomlán, bronnadh 65,464 liúntas ar beirt iarratasóir atá á riar ag an GCC, foilsíodh gach dámhachtain arna gceadú ag an gCoimisiún san Iris Oifigiúil.

Úsáidtear Clárlann an Aontais mar uirlis chomhlíontachta do shuiteálacha seasta, d'oibreoirí aerárthaí agus do

chuideachtaí loingseoireachta a rialaítear faoi BTS AE chun a n-oibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh, tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus liúntas ghéillte a chomhfhreagraíonn d'astaíochtaí gás ceaptha teasa fíoraithe sa bhliain roimhe sin. In 2025, osclaíodh 26 cuntas nua agus bhí 660 úsáideoir san iomlán ag fearann Éireannach Chlárlann an Aontais, arna bhainistiú ag an GCC, ag deireadh 2025. Ba í seo an chéad bhliain a raibh sé d'oibleagáid ar chuideachtaí loingseoireachta tuarascálacha fíoraithe astaíochtaí agus liúntais ghéillte a chomhdú, le leibhéal ard comhlíonta.

Tugann CTA2 aghaidh ar na hastaíochtaí dé-ocsaíd charbóin ó dhó breosla san earnáil iompair de bhóthar, sna tionscail foirgneamh, fuinnimh, déantúsaíochta agus tógála. D'éascair oibleagáidí monatóireachta agus tuairiscithe ó Eanáir 2025 le hoibleagáidí airgeadais, i bhfoirm géilleadh liúntais, ag tosú in 2029 le haghaidh astaíochtaí 2028. Faoi CTA2, cheadaigh an GCC 10 n-eintiteas rialáilte in 2025 agus d'fhormheas sí a bpleananna monatóireachta agus tuairiscithe chun go mbeadh 27 eintiteas rialáilte ceadaithe san iomlán. Leanann an GCC de bheith ag plé le cuideachtaí eile laistigh den earnáil maidir leis an gceanglas reachtach seo agus tá 14 eintiteas rialáilte breise i mbun iarratas ar a gceadanna. Fuarthas tuarascálacha bliantúla stairiúla ar astaíochtaí do 2024 in 2025 ó 24 eintiteas rialáilte agus tuairiscíodh na hastaíochtaí iomlána comhiomlána do Choimisiún an AE.

Leanadh ar aghaidh le leithdháileadh saor in aisce liúntas do shuiteálacha seasta faoi CTA AE in 2025, agus eisíodh níos mó ná 6.5 milliún liúntas in 2025 do 85 suiteáil (fuair roinnt suiteálacha a leithdháileadh do 2024 chomh maith lena leithdháileadh do 2025 mar gheall ar mhoilleanna sa chóras). Tá na rialacha incháilitheachta ag éirí níos casta de réir mar a tháinig laghdú ar leithdháileadh saor in aisce. Amach anseo, cuirfear deireadh de réir a chéile leis an leithdháileadh saor in aisce de réir mar a thugtar aghaidh ar sceitheadh carbóin trí shásra nua Rialachán SCCT (Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha).

Lean allmhaireoirí faoi oibleagáid faoin Rialachán SCCT (Rialachán AE 2023/956), a thug earraí SCCT isteach go hÉirinn, de thuairiscí ráithiúla a chomhdú i rith na bliana, le deireadh na hidirthréimhse, céim foghlama do chur chun feidhme SCCT, an 31 Nollaig 2025. Tá leasú reachtach ar Rialachán SCCT curtha i gcrích ag an gCoimisiún in 2025 chun tairseach nua maisbhunaithe a thabhairt isteach chun go mbeidh feidhm ag oibleagáidí maidir le hallmhaireoirí mar aon le simplithe eile ar oibriú an tsásra. Tháinig SCCT i bhfeidhm ina dhiaidh sin (céim chinntitheach) an 1 Eanáir 2026. Thosaigh an GCC ag próiseáil iarratais ar stádas Dearbhaithe SCCT Údaraithe in 2025, agus deonaíodh 52 údarú.

4.5 Córas Bainistíochta Comhshaoil an GCC

Tá an GCC tiomanta do cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus do bhainistíocht agus cleachtas maith comhshaoil a ionchorprú inár ngníomhaíochtaí laethúla. Oibríonn agus cothaíonn an GCC Córas Bainistíochta Comhshaoil (CBC), atá deimhnithe de réir chaighdeán idirnáisiúnta ISO 14001:2015. Bhí an CBS seo riachtanach chun éachtaí an GCC go dtí seo a bhaint amach chun tionchar na ngníomhaíochtaí ar an gcomhshaoil a íoslaghdú agus feabhas leanúnach ar an gcomhshaoil a spreagadh, chun truailliú a chosc; astaíochtaí GCT a thomhas agus a laghdú; oiriúnú don athrú aeráide; agus feachtas chomhshaoil a spreagadh laistigh den eagraíocht. I gcomhréir le Ciorclán 1/2020, rinne an GCC an fócaíocht riachtanach chun ár **n-astaíochtaí 2025 de 54.75 Tonna CO₂** a bhaineann le haerthaisteal gnó a fhritháireamh. Lena chois sin, tá ár n-astaíochtaí GCT á dtuairisciú againn faoi Chaighdeán Corparáideach an Phrótaicail Gás Ceaptha Teasa. Bailítear sonraí ábhartha faoi idiú fuinnimh, teas, iompar, úsáid uisce agus bainistíocht dramhaíola ar fud na heagraíochta agus tiontaítear go dtí méadracht charbóin iad.

Astaíochtaí gás ceaptha teasa

Leagtar amach sa Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide sprioc laghdaithe astaíochta GCT fuinnimh de 51% faoi 2030 i gcomhair comhlachtaí poiblí. Áiríodh i bPlean Straitéiseach an GCC 2022-2026 sprioc eatramhach laghdaithe astaíochtaí GCT de 30% ar a laghad faoi 2026. Rinneadh athbhreithniú ar an sprioc seo san athbhreithniú meántéarmach, agus mhéadaigh an sprioc go 35%. In 2025, d'ullmhaigh an GCC ár gceathrú tuarascáil faoina astaíochtaí carbóin mar thoradh ar ár ngníomhaíochtaí mar chuid den ghealltanas a bhaineann le hastaíochtaí GCT a laghdú. 'Ionann iomlán na n-astaíochtaí carbóin a gineadh in 2024 agus 1,194 tona de choibhéis CO₂ equivalent (tCO₂eq), arb ionann é agus laghdú 35% i gcomparáid lenár mbonntréimhse 2016-2018 (1,826 tCO₂eq) agus laghdú 34 tona ó 2023.


Léiríonn na torthaí do 2024 luaineachtaí in astaíochtaí Raon Feidhme 1 le laghdú 37% ar úsáid breosla ó chabhlaigh faoi úinéireacht, laghdú 46% ar astaíochtaí ceirísín, laghdú 11% ar astaíochtaí gáis nádúrtha, agus laghdú 1% ar astaíochtaí sliseanna adhmaid. Gineadh na hastaíochtaí is mó ó ghníomhaíochtaí Raon Feidhme 3 arbh ionann iad agus 44% d'iomlán na n-astaíochtaí, agus b'ionann Raon Feidhme 1 agus 21% d'iomlán na n-astaíochtaí.

Bhí méadú tagtha ar leibhéil foirne an GCC go 511 ball foirne atá coibhéiseach go lánaimseartha ó dheireadh mhí na Nollag 2024. Léiríonn sé sin laghdú foriomlán astaíochtaí de 48% in aghaidh gach fostaí GCC i gcomparáid le meán na buntréimhse 2016-2018.

Úsáid fuinnimh

Tagann éileamh fuinnimh an GCC ó théamh, soilsiú, cumhacht leictreach, uisce te agus iompar go príomha. In 2025, bhí ídiú fuinnimh iomlán an GCC (Fíor 19) cothrom le 2,508 meigeavatuair (MWh). Tugadh laghdú foriomlán de 6% faoi deara idir 2024 agus 2025.

Tá an GCC tiomanta don éileamh fuinnimh a laghdú trí réitigh inbhuanaithe a chur chun feidhme cosúil le huasghráduithe soilse LED, uasghráduithe córais teasa agus suiteáil painéal fótvoltacha gréine, agus an t-aistriú chuig feithiclí lánleictreacha. Tá 357 kWp de fhuinneamh gréine PV suiteáilte ag an GCC, suas go dtí 2025, agus meastar go nginfidh sé 280 MWh leictreachais in aghaidh na bliana.



Fíor 19. Úsáid fuinnimh an GCC i MWh, 2025





5

Táirgeadh agus Caitheamh Inbhuanaithe



Cuirimid an t-aistriú go táirgeacht agus caitheamh inbhuanaithe chun cinn.

Cothaíonn ár bhfianaise, rannpháirtíocht agus gníomhaíochtaí rialála, agus tacaíonn leis an bpobal agus gnólachtaí chun níos lú acmhainní a úsáid agus cinntí níos fearr ar son an chomhshaoil a ghlacadh.

5. TÁIRGEADH AGUS CAITHEAMH INBHUANAITHE

I ngeilleagar ciorclach, úsáidtear níos lú amhábhar, tá táirgí deartha le haghaidh saolré fada, agus go mbeidh siad in-athchúrsáilte, in ann a bheith roinnte, in úsáid ar feadh tréimhse níos faide, in ann a bheith deisithe agus athúsáidte. Déantar ábhar agus táirgí a athchúrsáil a oiread agus is féidir agus ní dhéantar ach an codán nach féidir a athchúrsáil a dhiúscairt.

5.1 Clár an Gheilleagair Chiorclaigh



In 2025, sholáthair Clár Geilleagair Chiorclaigh an GCC réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear staitisticí náisiúnta a chur le chéile, rialáil le haghaidh ciorclaíochta (mar údarás inniúil maidir le ceadúnú deireadh dramhaíola agus fotháirgí agus earnáil na dramhaíola), tacú le cur i bhfeidhm Soláthair Phoiblí Ghlas, clár náisiúnta um chosc dramhaíola bia a chur i bhfeidhm, maoiniú nuálaíochta agus taispeántais a sholáthar, cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí agus clár léargais chiorclaigh agus taighde iompraíochta a sheachadadh. Reáchtáladh comhdháil bhlíantúil an GCC maidir leis an ngeilleagar ciorclach i mí Mheán Fómhair.

5.2 Rialáil

Tacaítear leis an ngeilleagar ciorclach trí chinnteoireacht maidir le deireadh dramhaíola agus fotháirge. Tacaíonn na forálacha rialála seo a riarann an GCC le gnó agus le tionscal tuilleadh ciorclaíochta a bhaint amach ach dramhail a chosc agus ábhair thánaisteacha a athúsáid. Laghdaíonn sé seo eastóscadh acmhainní nádúrtha breise, caomhnú carbóin ionchorpraithe i gcásanna áirithe, agus seachnaíonn sé giniúint dramhaíola gan ghá. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé leis an muintín mhargaidh a bhaineann le níos mó soláthair ghlais de réir mar a ailnítear ceannach ábhar tánaisteach le tionchar carbóin níos ísle a spreagadh.

Ba é 2025 an chéad bhliain iomlán ina raibh na trí chinneadh náisiúnta a d'fhoilsigh an GCC in 2023 agus in 2024 i bhfeidhm le haghaidh ábhair a bhaineann le tógáil (tathagaithe athchúrsáilte, asfalt ó phlánaíl bóithre agus cré agus cloch ó thalamh úrnua). Is follasach tionchar an phlean náisiúnta le haghaidh ábhair a bhaineann le tógáil ón líon laghdaithe fógraí fotháirge agus iarratais maidir le deireadh dramhaíola a cuireadh faoi bhráid an GCC i ndiaidh d'fhoilsiú na gcinntí náisiúnta. Leanann clárú gníomhaíochta faoi na critéir náisiúnta de bheith ag fás agus na figiúirí is déanaí mar seo a leanas: Is údar misnigh glacadh na gcinntí ag earnáil na tionsclaíochta, mar is follasach ón méadú i ngníomhaíocht chlártaite faoi na critéir náisiúnta.

Clárúcháin go dtí Mí na Nollag 2025	
Tathagaithe Athchúrsáilte	73
Asfalt ó Plánaíl Bóithre	698
Cré agus Cloch ó Thalamh Úrnua	540

Chomh maith le bheith ag obair ar rolladh amach na gcinntí náisiúnta, lean an GCC de bheith ag measúnú comhaid aonair a bhain le fógraí fotháirgí agus iarratais deireadh dramhaíola:

- Cinneadh 217 fógra fotháirge (Cinneadh 174 mar fhotháirge, agus cinneadh 43 mar dhramhaíl), agus chomh maith leis sin, tarraingíodh siar 100 fógra.
- Cheadaigh an GCC ocht gcinneadh cásanna aonair deireadh dramhaíola in 2025 (ceithre chinneadh deiridh agus ceithre chinneadh dréachta), a bhain le hábhair éagsúla amhail adhmaid, ceimiceáin agus plaistigh.

Foilsíodh tuarascáil mheastóireachta lár téarma [an Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí 2021-2027](#)

i Lúnasa 2025. Tá dul chun cinn maith tar éis a bheith bainte amach i réimse dramhaíola guaisí tí, dramhaíola guaisí feirme agus cógas; tá roinnt dúshlán fós ann i réimse acmhainne cóireála agus bonneagair le haghaidh dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú, chomh maith le bainistiú dip caorach.



5.3 Staidreamh Dramhaíola

Tá freagracht reachtúil ar an GCC sonraí staitistice faoin ngeilleagar ciorclach agus dramhaíola náisiúnta a thiomsú, a bhailíochtú agus iad a thuairisciú. D'fhoilsigh an GCC sonraí a bhaineann le 15 sruth dramhaíola lena n-áirítear na cineálacha dramhaíola seo a leanas - cathair, pacáistíocht, tógáil & scartáil, guaiseach agus dramhbhia. Lena chois sin, tá freagracht ar an GCC a gníomhaíocht athúsáide sa gheilleagar agus plaistigh aonúsáide a thuairisciú, a chabhróidh le haistriú na hÉireann go dtí geilleagar ciorclach a rianú. Foilsítear sonraí maidir le dramhaíl bhlíantúil agus le geilleagar ciorclach ar shuíomh gréasáin an GCC ar feadh na bliana.

Tugadh treochtaí ar údair imní iad le fios sna sonraí dramhaíola cathrach is déanaí a foilsíodh i Meán Fómhair 2025. Ní foláir d'Éirinn 400,000 tona sa bhreis de dhramhaíl a athchúrsáil gach bliain chun cuspóirí a bhaint amach. Cé gur athchúrsáladh 1.3 milliún tona de dhramhaíl chathrach, ní feabhas é sin ar rátaí athchúrsála ar feadh na deich mbliana anuas. Is gá infheistiú i mbonneagar dramhaíola chun spleáchas na hÉireann ar ionaid thar saíle a laghdú agus 1.2 milliún tona de dhramhaíl chathrach easpórtáilte in 2023. Níl leas á bhaint as deiseanna chun ábhair luachmhara agus acmhainní a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil freisin.

D'fhoilsigh an GCC samhail réamhaisnéise chun tuiscint níos fearr a fháil ar ghiniúint dramhaíola agus ar athchúrsáil le haghaidh 2024 agus 2025 roimh thiomsú fíorshonraí. Táthar ag súil go bhfanfaidh giniúint dramhaíola cathrach seasmhach go leor ar feadh na mblianta le teacht, agus í ag ardú de bheagán. Le haghaidh 2025, measann an samhail go mbeidh leibhéil dramhaíola timpeall ar 3.15 milliún tona agus tuartar go mbeidh ráta athchúrsála na hÉireann ar 42%, rud atá 13% níos lú ná an sprioc athchúrsála Eorpach de 55% atá leagtha amach le haghaidh 2025.

Achoimre ar shonraí ó na príomhearnálacha

Dramhaíl Tógála agus Scartála

- Is dramhaíl tógála agus scartála leath den dramhaíl go léir a ghintear in Éirinn, rud ar naoi milliún tona í san iomlán in 2023.
- Ba chre agus clocha é 81% den dhramhaíl sin, an príomh-chineál ábhair.
- In 2023, cinneadh go raibh níos mó ná 2.7 milliún tona de chre agus de chlocha ó thalamh úrnua sábháilte chun athúsáide trí chritéir náisiúnta Fotháirge an GCC, rud a choisceann dramhaíl agus a thacaíonn le cleachtais chiorclacha.

Dramhaíl Chathrach

- Fanann an ráta athchúrsála cathrach marbhánta timpeall ar 42%, agus tá giniúint ar 3.1 milliún tona in 2023, rud atá tar éis ardú ó 2.7 milliún tona in 2016.
- Tugann samhaltú réamh-mheastach atá ag tuar na mblianta 2024-2026 agus ar thug an GCC faoi le fios nach gcomhlíonfaidh Éire an sprioc athchúrsála Eorpach 2025 de 55%.
- Loisceadh 43% de dhramhaíl chathrach le haisghabháil fuinnimh, agus cuireadh 13% i láithreán líonadh talún.
- Easpórtáladh 1.2 milliún tona nó 45% de dramhaíl chathrach chun críche cóireála in 2023.

Pacáistíocht

- Thit an ráta foriomlán athchúrsála pacáistíochta le 1% go 59% in 2023, rud a bhí i bhfad níos ísle ná sprioc an AE de 65% faoi 2025.
- Ghin Éire níos mó ná 1.2 milliún tona de dhramhaíl ó phacáistíocht in 2023.
- Ba lú ná 2% den mhéid pacáistíochta ar fad a cuireadh ar an margadh é pacáistíocht in-athúsáidte.
- Pacáistíocht Phlaisteach: Níor athchúrsáladh ach 30%; Loisceadh 70% le haisghabháil fuinnimh.



Fíor 20. Toscaireacht Eurostat agus an Choimisiún Eorpach ar Cuairt Tire maidir le Sonraí Pacáistíochta Plaistí

D'óstáil an GCC agus an RAFC cuairt tíre trí lá ag Eurostat agus ag an gCoimisiún Eorpach in 2025 chun cur chuige na hÉireann maidir le giniúint dramhaíola agus le hathchúrsáil dramhaíola pacáistíochta a mheasúnú (Fíor 20).

Ba dhearfach iad a dtorthaí agus fuarthas amach go raibh cur chuige an GCC i leith tuairisciú sonraí cuimsitheach, cruinn agus trédhearthach. I dtreoir an Choimisiúin faoi thiomsú agus faoi thuairisciú sonraí maidir le pacáistíocht agus le dramhaíl phacáistíochta (dar dáta Aibreán 2025), déantar cur síos ar Éirinn mar an eiseamláir den dea-chleachtas i dtaobh tuairisciú sonraí agus úsáid á baint as an modh anailíse um chomhdhéanamh dramhaíola.

5.4 Cur i bhFeidhm

Reáchtáladh raon leathan de ghníomhaíochtaí cur chun feidhme an gheilleagair chiorclaigh le linn 2025.

Soláthar Poiblí Glas

Faoi Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Soláthair Phoiblí Ghlais an Rialtais 'Ceannach Níos Glaise', sanntar freagracht don GCC gníomhaíocht Soláthair Phoiblí Ghlais (SPG) ag Ranna Rialtais a thomhas agus a thuairisciú ar bhonn bliantúil. I mBealtaine, foilsíodh tuarascáil ar mhonatóireacht agus ar thuairisciú SPG ar thug Ranna Rialtais fúthu (2023 bliain thagartha). Tugadh eolas sa tuarascáil gur áiríodh critéir ghlasa in 82% den €1.24 billiún a tuairiscíodh gur caitheadh ar chonarthaí a bhí sa raon feidhme. Cé gur údar misnigh é cur i bhfeidhm méadaithe a fheiceáil i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo (34% in 2022), tá earnálacha ann dá bhfoilsítear critéir náisiúnta ghlasa a raibh leibhéal íseal cur i bhfeidhm acu (e.g. nór cuireadh SPG ach in 29% den líon conarthaí le haghaidh Táirgí agus Seirbhísí TFC). Dúirt an GCC gur dheis caillte í sin don earnáil phoiblí earraí, seirbhísí agus oibreacha atá níos éifeachtaí ó thaobh acmhainní de agus níos lú truaillithe a cheannach laistigh den mhargadh.

Foilsíodh cúig chás-staidéar SPG ar shuíomh gréasáin an GCC in mí Eanáir. I mí na Samhna, ba i seimineár gréasáin maidir le "Soláthar Poiblí Glas sa Chleachtas" le haghaidh eagraíochtaí san earnáil phoiblí a taispeánadh cás-staidéir phraiticiúla faoinar thug Gníomhaireachtaí earnála poiblí, rialtais áitiúil agus Stáit agus cuireadh i láthair deiseanna



chun tacú le fiontair áitiúla trí sholáthar glas, áit ar fhreastail níos mó na 400 duine air. [Soláthar Poiblí Glas - Youtube](#)

Cosc Dramhbha

Tá ról reachtúil ag an GCC i gclár choisc dramhbha na hÉireann a bhunú, agus é dírithe ar ghealltanas na hÉireann do dhramhbha a laghdú faoina leath faoi 2030 (Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na NA 12.3), ar ghníomhaíocht ar son na haeráide (tá ceangal le dramhbha ag suas go 10% d'astaíochtaí domhanda GCT) agus ar na spriocanna nua sainordaitheacha um laghdú dramhbha le comhlíonadh faoi 2030 a tugadh isteach faoi leasuithe ar an gCreat-treoir Dramhaíola in 2025.

Is [comhaontú deonach idir an rialtas agus an tionscal í an Chairt Dramhbha](#), áit ina ngeallann fiontair san earnáil bhia agus dí a chláraíonn dramhbha a thomhas agus spriocanna a leagan agus gníomhú chun é a laghdú. Ag deireadh na bliana, bhí 90 ball den Chairt ann le breis is 74,000 fostaí (i gcomparáid le 65 ball ag tús na bliana). Foilsíodh treoir maidir le cosc dramhbha sna hearnálacha feola agus déiríochta chun tacú le tomhas dramhaíola bia de réir modheolaíochta caighdeánaithe, rud a chuir leis an mbanc acmhainní tacaíochta do bhaill den Chairt. Foilsíodh seacht chás-staidéar ina léirítear an chaoi a bhfuil gnóilachtaí bia agus dí ar fud na n-earnálacha ag baint úsáid as tomhas an dramhbha chun gníomhartha spriocdhírthe a ghlacadh chun é a laghdú. Léiríodh i [dTuarascáil Feidhmithe na Cairte Dhramhbha, 2024](#), go bhfuil gnóilachtaí ag céimeanna éagsúla de ghníomhaíocht chosc dramhaíola bia, agus go bhfuil gá le fócas níos láidre ar ghníomhartha atá bunaithe ar fhianaise i réimsí spriocdhírthe, agus tomhas comhsheasmhach mar bhonn eolais acu. I Meitheamh, bhí an GCC i gceannas ar an bhFóram um Dhramhbha, imeacht líonraithe le haghaidh gnóilachtaí san earnáil bhia agus dí atá dírithe ar an gCairt Dramhbha.

Is [Cuir Stop le Cur Amú Bia](#) an clár náisiúnta um chosc dramhaíola bia atá dírithe ar shealbhóirí tí. Fuarthas amach i dtorthaí taighde maidir le feasacht ar an gClár Cuir Stop le Cur Amú Bia go raibh 44% de dhaoine (~2.4 milliún) ar an eolas faoin gclár, méadú (+5%) ó bhí 2022 ann agus fanann sé mar an acmhainn sealbhóra tí um chosc dramhbha is fearr aithne; Chuala 25% de dhaoine (~1.34 milliún) faoi (ardú ó 20% in 2022).



Ábhair Feasachta maidir le Deireadh a Chur le Cur Amú Bia

Reáchtáladh Lá Náisiúnta um Dheireadh a Chur le Cur Amú Bia ar an 1 Márta agus tacaíodh leis le feachtas seachtaine agus le preasráiteas réigiúnach a eisíodh chun aird a tharraingt ar acmhainn an eolaithe póca um Dheireadh a Chur le Cur Amú Bia agus ar a "chúig chéim éasca" chun dramhbhia a laghdú. Thacaigh níos mó ná 120 eagraíocht leis an bhfeachtas agus chláraigh siad don tsraith straitéisí le haghaidh páirtithe leasmhara agus don chur teachtaireachtaí feachtais méadaithe. In 2025, ba iad seo a leanas na feachtais meán sóisialta spriocdhírthe um Dheireadh a Chur le Cur Amú Bia, feachtais dá ndearnadh eolas mar gheall ar fhianaise ó chlár taighde iompraíochta an gheilleagair chiorclaigh:

- R1 - Pleanáil agus eagrú bia/Lá Náisiúnta um Dheireadh a Chur le Cur Amú Bia
- R2 - Ag Cócaireacht le hAghaidh Teaghlaigh Níos Lú/BBQanna a Phleanáil
- R3 - Pleanáil do Phicnic/Baoite an bhia beir leat/Treoir Mharthanais um Ithe Sláintiúil ag an gColáiste
- R4 - Síneadh Amach agus Sábháil an Fómhar seo!/Pleanáil Bhia na Nollag

Taighde Iompraíochta Geilleagair Chiorclaigh

Foilsíodh cúig aschur taighde iompraíochta a bhaineann le taighde chainníochtúil (suirbhéanna ionadaíochta náisiúnta) agus cháilíochtúil (mionagallaimh) i dtaobh teicstíllí, tógála agus scartála, bia agus deisithe. Bhain lucht déanta beartas úsáid as na torthaí chun tacú le Treochláir Chiorclacha Náisiúnta eárnála a fhorbairt agus i bhforbairt feachtas náisiúnta cumarsáide. [Léargas Iompraíochta | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |](#)

I mí Dheireadh Fómhair, reáchtáladh seimineár gréasáin maidir le Léargas Tomhaltóirí le haghaidh Miondíol Grósaíreachta, agus é dírithe ar thorthaí ó thaighde ar iompair agus ar dearchtaí i leith bia agus dramhbhia. [Imeacht GCC: Seimineár Gréasáin maidir le Dearchtaí agus Iompair i leith Dramhbhia in Éirinn.](#)

Sraith Léargas Ciorclach

Foilsíodh trí staidéar faoin Sraith Léargas Ciorclach chun tacú le cur i bhfeidhm beartais geilleagair chiorclaigh agus bearnaí eolais a dhúnadh: (i) Oiliúint agus Oideachas Scileanna in Éirinn a Dheisiú, (ii) Fiontair Gnólacht le Tomhaltóir in Éirinn a Dheisiú, agus (iii) Staidéar chun Tacú le Forbairt an eolaithe náisiúnta deisithe Repairmystuff.ie sa todhchaí. [Sraith Léargas Ciorclach | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |](#)

Teicstílí

Is eárnáil tosaíochta don Chlár um Gheilleagar Ciorclach é tionscal na dteicstílí, agus áiríodh i measc gníomhartha in 2025 páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta um Theicstílí agus a bheith i gceannas ar chomhordú aighneacht an GCC maidir leis an Dréachráiteas Beartais Náisiúnta maidir le Teicstílí agus leis an Treochláir Ciorclach Teicstílí, chomh maith leis an taighde iompraíochta a ndearnadh tagairt di thuas.

Obair a Dhéanamh trí Chomhpháirtíochtaí

Athúsáid agus Deisiú

Bhuail an Córas Náisiúnta um Athúsáid agus Deisiú 2024-2026 le chéile faoi dhó in 2025, agus ag deireadh na bliana bhí ionadaíocht ann ó 18 eagraíocht ar leibhéal náisiúnta, ar fud an rialtais láir agus áitiúil, gníomhaireachtaí stáit, eárnáil na bhfiontar sóisialta, eagraíochtaí ionadaíochta tionscail agus scéimeanna comhlíonta táirgeoirí.



Baill den Chóras Náisiúnta um Athúsáid agus Deisiú

Chuir Clár Geilleagair Chiorclaigh maoiniú deontais ar fáil do Chomhairle Contae Mhuineacháin (chun tacú le www.repairmystuff.ie, eolaire náisiúnta ar líne de dheisitheoirí) chun tacú le gníomhaíochtaí deisithe agus iad a mheas, rud atá lárnach chun geilleagar ciorclach a sheachadadh. Cuireadh maoiniú deontais ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freisin chun treoirthionscadal maidir le cur i bhfeidhm athúsáide ag trí láithreán conláiste chathartha a sheachadadh, agus é ailínithe don sprioc náisiúnta faoin bPlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola le haghaidh Geilleagair Chiorclaigh.

Chun tacú le pobail páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí geilleagair chiorclaigh, rinne an GCC urraíocht ar Ghradam Speisialta don Gheilleagar Ciorclach faoi Chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu agus ar ghradam do Thionscnamh Oideachais Comhshaoil agus Pobail mar chuid de Ghradaim Acmhainne Repak.





6

Tionchar Éifeachtach



Is tionchar éifeachtach muid ar son chomhshaol na hÉireann.

Cuirtear muinín ionainn mar fhoinsé neamhspleách agus thrédhearcach d'fhianaise agus eolas comhshaoil.

Déanaimid iarracht an comhshaol a fheabhsú agus muid ag obair le dreamanna eile agus ag dul i gcion go réamhghníomhach ar bheartas, reachtaíocht agus athrú iompraíochta.

6. TIONCHAR ÉIFEACTACH

6.1 Comhpháirtíochtaí agus Líonrú

Glacann an GCC páirt ghníomhach i gcomhpháirtíocht agus i líonrú le heagraíochtaí eile chun dul i ngleic go héifeachtúil le dúshlán comhshaoil. Déanann sí sin i réimse bealaí éagsúla.

Meabhráin Tuisceana/Comhaontuithe ar Leibhéal na Seirbhíse

Ghlac an GCC le 14 Meabhrán Tuisceana (MT) chomh maith le Comhaontuithe ar Leibhéal na Seirbhíse (CLS) le heagraíochtaí éagsúla. Foilsíodh trí MT leasaithe in 2025 - leis an gCoimisiún um Rialáil Fónais, an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

GEC-Eionet

Soláthraíonn an GEC faisnéis iontaofa do lucht déanta beartas agus don phobal thar réimse leathan topaicí comhshaoil. Nascann a chóras Eionet institiúidí ar fud na hEorpa chun cabhrú leis na sonraí is leithne agus is mó suas chun dáta maidir le topaicí comhshaoil agus aeráide a bhailiú. Déanann an GCC rannpháirtíocht na hÉireann in Eionet a chomhordú. Ghlac níos mó ná 120 saineolaí náisiúnta páirt sa chóras in 2025, agus iad as 24 eagraíocht ar fud Rann Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus institiúidí tríú leibhéal. Cuireann rannpháirtithe Éireannacha rochtain ar fáil do shaineolaithe an AE, agus an deis chun córais ghairmiúla níos láidre a fhorbairt mar phríomhbhuntáistí Eionet.

Eolaíocht Saoránach

Lean an GCC ar aghaidh ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta ar thionscadail éagsúla a bhain leis an eolaíocht saoránach. Lean an Clár um Éifeachtúlacht Ceannaireachta Domhanda agus Iompair Eagraíochtúil (ECDIO), arna mhaoiniú ag an GCC agus arna sheachadadh ag Aonad Oideachais Comhshaoil An Taisce, lena shraith leathnaithe feachtas eolaíochta saoránach i mbunscoileanna

agus i meánscoileanna in 2025. Reáchtáil an fhoireann ECDIO 17 seimineár gréasáin le linn na bliana, meascán d'imeachtaí oiliúna múinteoirí, seimineár gréasáin ó shaineolaithe agus d'imeachtaí comhroinnte mac léinn. D'oibrigh an fhoireann le 340 múinteoir, agus í ag freastal ar 6,000-8,000 mac léinn agus chomhordaigh sí ceithre fheachtas san iomlán, feachtais a bhí dírithe ar thopaicí barrthábhachtacha comhshaoil amhail caighdeán aeir, báisteach agus seasmhacht in aghaidh tuile, seasmhacht aeráide agus éiceachórais aibhneacha.

Aer Glan Le Chéile

In 2025, lean an GCC lena thionscadal mórsála monatóireachta dé-ocsaíde nítrigine atá bunaithe ar shaoránaigh 'Aer Glan le Chéile'. Soláthraíonn na tionscadail seo atá bunaithe ar shaoránaigh sonraí mionsonraithe ar leibhéal áitiúil, a úsáidtear chun eolas a dhéanamh d'obair shamhlaithe agus réamhaisnéise cáilochta aeir a rinne an GCC.

Críochnaíodh an feachtas Aer Glan le Chéile Chathair Luimnigh i dtús 2025 agus rolladh amach an feachtas Chathair Phort Láirge i mí Lúnasa, i gcomhoibriú le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Chláraigh breis is 300 rannpháirtí – saoránaigh, gnólaigh agus grúpaí pobail – chun páirt a ghlacadh sa tionscadal Chathair Phort Láirge. Déanfar torthaí thionscadal Phort Láirge a fhoilsiú go luath in 2026.

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Déanann an GCC rannpháirtíocht earnála a chur chun cinn maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) agus dea-chleachtas i leith SEAnna a chur i bhfeidhm i ngach údarás poiblí. In 2025, lean sé de bheith ag comhordú Fóram Náisiúnta an MST, rud a éascaíonn comhroinnt faisnéise agus comhoibriú idir údarais náisiúnta MST agus lucht déanta Pleananna/Cláir bharrthábhachtacha, lena n-áirítear Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit. Bhunaigh an Fóram foghrúpa maidir le MST agus le Monatóireacht in 2025 chun cleachtas sa ghné thábhachtach seo den MST a neartú.

An Líonra um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann

Cuireann an Líonra um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann (LCFCÉ) fóram ar fáil a thugann spreagadh agus tacaíocht d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair oibriú le chéile le feabhsúcháin a chur i bhfeidhm i réimsí tosaíochta comhshaoil. I measc bhaill an líonra tá Údarás Áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus Ranna Rialtais, a bhfuil baint acu le reachtaíocht chomhshaoil a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn, agus le rannpháirtíocht maidir leis an reachtaíocht sin.

Bhí an Líonra LCFCÉ an-ghníomhach i rith 2025 le gníomhaíochtaí ar fud 12 líonra agus cúig ghrúpa oibre. Bhí cúig imeacht náisiúnta forfheidhmithe ann inar gclúdaíodh breosláí soladacha, tuaslagóirí agus péinteanna maisiúla, talmhaíocht agus pleanáil iniúchta. Bhí foireann oibre na n-údarás áitiúil rannpháirteach chomh maith sna comhdhálacha i dtaca le hAer Náisiúnta, leis an nGeilleagar Ciorclach agus le hUisce Náisiúnta.

An Coiste Formhaoirseachta Aon Sláinte Amháin agus Foghrúpaí a Bhaineann Leis

Soláthraíonn Coiste Formhaoirseachta tras-rannach Aon Sláinte Amháin ceannaireacht don chur chuige Aon Sláinte Amháin ar fud na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag an gCoiste, agus é ag aithint go bhfuil dlúthnasc idir sláinte daoine, ainmhithe agus ár dtimpeallachta agus go bhfuil siad idirspiléach, comhoibriú agus comhar laistigh den earnáil sláinte agus lasmuigh di a éascú, intleacht a fheabhsú agus fianaise le haghaidh cinnteoireachta maidir le bagairtí sláinte a fheabhsú. Tacaíonn ceithre fhochoiste le hobair an choiste.

I rith 2025, chuaigh an GCC i ngleic go cuimsitheach le struchtúir náisiúnta Aon Sláinte Amháin agus ghlac sé páirt i gcruinnithe agus i ngníomhartha. Ag leibhéal sinsearach, chuaigh sé sa Choiste Formhaoirseachta agus is ball gníomhach é anois de thrí fhoghrúpa as ceithre cinn, agus is iad sin:

- An Coiste Comhairleach Náisiúnta Idir-rannach um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (FAR)
- An Coiste Náisiúnta um Zónóis
- An Grúpa Oibre um an Comhshaol, an tAeráid agus an tSláinte

Mar chuid dá obair faoi Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Aon Sláinte Amháin na hÉireann, ghlac an GCC páirt i nGrúpa Oibre EIONET inar tugadh faoi staidéar píolótach ina ndearnadh scrúdú ar FAR in uisce dromchla na hEorpa. Bhí an GCC i gceannas ar rannpháirtíocht in Éirinn, le tacaíocht ó Ollscoil na Gaillimhe agus ó Uisce Éireann. Foilsíodh tuarascáil ar an staidéar píolótach in Aibreán 2025.

Chuir an GCC freisin le forbairt tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Aon Sláinte Amháin na hÉireann um Frithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach 2026-2030 (PGNÉ3) 2026-2030, plean a seoladh ag comhdháil Aon Sláinte Amháin i mí na Samhna a d'óstáil na Ranna Sláinte, Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an GCC. Tá an GCC i gceannas ar shé phlean gníomhaíochta, thar réimsí lena n-áirítear feasacht, taighde, monatóireacht agus bainistiú dramhaíola.

Grúpaí Saineolaithe ar Cháilíocht Uisce

Tá baint ghníomhach ag an GCC le roinnt sainghrúpaí oibre náisiúnta atá faoi cheannas na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO) in 2025. Ghlac an GCC páirt sna grúpaí seo a leanas:

- An Grúpa Saineolaithe um Uisce Snámha
- An Grúpa Saineolaithe um Níotráití
- An Grúpa Saineolaithe um Uisce Óil
- An Grúpa Saineolaithe um an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh
- An Grúpa Saineolaithe um Hidreamoirfeolaíocht
- An Grúpa Saineolaithe um Uiscí lasc Sliogáin
- An Grúpa Náisiúnta um Cheimic Chomhshaoil Uisceach

In 2025, lean an GCC de bheith ag déanamh cathaoirleacht ar an nGrúpa Náisiúnta Forfheidhmithe Teicniúil a bhuaileann le chéile ar bhonn ráithe gach bliain; tá an grúpa ann chun comhlachtaí Stáit a chomhordú le fadhbanna teicniúla maidir le cur i bhfeidhm bhearta na Creat-Teorach Uisce in Éirinn a réiteach.

Grúpaí Saineolaithe ar Cháilíocht Aeir

In 2025, rinne an GCC cathaoirleacht ar an nGrúpa Oibre um Eolas Sláinte an Chaighdeáin Aeir, grúpa a chuireann fóram ar fáil chun plé a dhéanamh ar fhadhbanna sláinte a bhaineann le caighdeán aeir. Tá nasc ag an obair seo leis an gcóras monatóireachta aeir chomhthimpeallaigh, le gníomhartha samhlaithe, agus le tionscnaimh eolaíochta saoránaigh, lena n-áirítear na feachtais Aer Glan Le Chéile. Tugtar le chéile sa ghrúpa páirtithe leasmhara rithabhachtacha comhshaoil agus sláinte, lena n-áirítear an FSS, an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, RAFC agus Met Éireann.

Ghlac an GCC páirt san Fhóram bliantúil um Aer Glan a bhunaigh an RAFC, fóram ina nglacann an chuid is mó de phobal taighde caighdeáin aeir na hÉireann páirt ann.

Ag leibhéal Eorpach, bhí an GCC páirteach in Eionet an GEC, i Líonra um Shaotharlanna Náisiúnta Tagartha Caighdeáin Aeir na hEorpa (AQUILA) agus san Fhóram FAIRMODE um Shamhaltú Caighdeáin Aeir, fóram ina gcuirtear comhsheasmhacht maidir le samhaltú caighdeáin aeir chun cinn ar fud Ballstát. Tríd an bhfóram sin, ghlac an GCC páirt in dhá cheardlann TAIEX ar ghlac Málta, an Ostair agus Éire páirt iontu, lena n-áirítear ceann a óstáil i mí Lúnasa 2025.

Sábháilteacht Núicléach

Déanann an GCC monatóireacht ar fhorbairtí a bhaineann le sábháilteacht núicléach thar lear chun eagraíochtaí stáit ábhartha a choinneáil ar an eolas faoi aon impleachtaí d'Éirinn. Glacann an GCC ról gníomhach freisin i gcoistí náisiúnta agus idirnáisiúnta um shábháilteacht núicléach.

Grúpa Teagmhála na RA-na hÉireann um Ábhair Raideolaíocha:

Bhuail ionadaithe ón GCC agus ón RAFC faoi dhó le hionadaithe ó Roinn Sábháilteachta Fuinnimh agus Neodrachta na RA (RSFN), ón Oifig Rialála Núicléiche agus ón nGníomhaireacht Chomhshaoil maidir le hábhair raideolaíocha lena n-áirítear stádas dramhaíola oidhreachta ag Sellafield, tógáil nua núicléach agus díchoimisiúnú. I nDeireadh Fómhair 2025, thug RSFN na RA cuireadh do thoscaireacht Éireannach ionadaithe ón RAFC agus ón GCC cuairt a thabhairt ar an láithreán Sellafield sa RA chun stádas saoráidí éagsúla ar an láthair a scrúdú. Bhuail an GCC freisin le hOifig Rialála Núicléiche na RA dhá uair in 2025.

Ceannairí na nÚdarás Inniúil Eorpach um Chosaint ar Radaíocht:

Is cumann d'údaráis sábháilteachta radaíochta san Eoraip é Ceannairí na nÚdarás Inniúil Eorpach um Chosaint ar Radaíocht (CÚIECR) a dhíríonn ar fhuascailtí praiticiúla comhoiriúnaithe a éascú i gcás fadhbanna tábhachtacha rialúcháin a bhaineann leis an gcosaint ar radaíocht. In 2025, lean an GCC de bheith ag glacadh ról gníomhach in obair an CÚIECR, agus an GCC páirteach i mBord na gCeannairí agus i roinnt Grúpaí Oibre.

Grúpa Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach:

Ghlac an GCC páirt ghníomhach i nGrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach, agus sna grúpaí oibre bainteacha ar Shábháilteacht Núicléach agus Comhar Idirnáisiúnta agus Trédhearcacht agus Cumarsáid i rith 2025. D'fhreastail an GCC ar chruinnithe agus ar cheardlanna spriocdhírithe, lena n-áiríodh: cur i bhfeidhm na Treorach um Shábháilteacht Núicléach a scrúdú, trédhearcacht faoin gCoinbhinsiún Aarhus, athruithe molta ar phróiseas SCAR an GIFA a athbhreithniú agus straitéisí a phlé chun cumarsáid agus córais rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a fheabhsú.

Pleanáil Éigeandála

Is rannpháirtí gníomhach é an GCC i dTascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála, an Grúpa Náisiúnta um Chomhordú Éigeandála agus a fhoghrúpaí. D'fhreastail sé ar 35 cruinniú faoin gcreat náisiúnta um pleanáil agus freagairt éigeandála in 2025, lena n-áiríodh cruinnithe maidir le Pleanáil Éigeandála, Bearta Éigeandála agus cruinnithe an Ghrúpa Náisiúnta um Chomhordú Éigeandála le linn tarluithe aimsire ar leith. Lean an GCC de bheith ag tacú leis an nGníomhaireacht um Fhuinneamh Núicléach, leis an GIFA agus leis an gCoimisiún Eorpach ach páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre teicniúla agus i gcruinnithe sainchomhairleoireachta agus i gcomhdhálacha.

In 2025, chun eolas a dhéanamh do shocruithe ullmhachta agus freagartha éigeandála sa todhchaí, d'oibrigh an GCC ar uasdátú an Phlean Náisiúnta um Nochtadh Éigeandála Núicléach agus Raideolaíoch, rud atá á chur i gcrích ag an RAFC. Bhí sé i gceannas ar ghrúpaí oibre freisin i dtaobh forbairt ar theachtaireachtaí maidir le sláinte phoiblí i ndiaidh éigeandáil núicléach nó raideolaíoch agus i dtaobh éillíú an bhiashlabhra a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar thionóiscí núicléacha thar lear. Faoi láthair, tá an GCC ag forbairt agus ag feabhsú a acmhainní samhaltaithe easraithe atmaisféaraigh le haghaidh ullmhacht agus freagairt éigeandála in aghaidh éigeandáil núicléach nó raideolaíoch. Ghlac sé páirt freisin in dhá bheart idirnáisiúnta núicléacha in 2025 agus rinne sé Beart ar fud na Gníomhaireachta chun acmhainn na heagraíochta freagairt ar chibearionsaí a scrúdú.

6.2 Sonraí agus Faisnéis Thráthúil, Spriocdhírithe

Cuireann an GCC faisnéis neamhspleách agus atá bunaithe ar fhianaise, i gcaoi oscailte agus thrédhearcach chun eolas a dhéanamh do chinntí a dhéanann réimse leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear an Rialtas, ENRanna, gníomhaireachtaí stáit, tionscal agus an pobal. Cuirtear sonraí agus faisnéis ar fáil ar bhealach tráthúil agus inrochtana, go príomha trí acmhainní ar líne.

Faisnéis maidir le Ceadúnú agus Forfheidhmiú

I gcomhréir le beartas oscailteachta agus trédhearcachta an GCC, cuireann LEAP (Tairseach Rochtana ar Cheadúnais agus Forfheidhmiúcháin) an GCC rochtain phoiblí ar fáil ar cheadúnú GCC agus ar chomhaid agus ar chomhfhreagras a bhaineann le forfheidhmiú idir an GCC agus a oibreoirí rialálte. Ligeann an tseirbhís seo don phobal iarratais cheadúnais, cinntí ceadúnaithe GCC, cuairteanna ar láithreáin, tuarascálacha monatóireachta, sonraí faoi theagmhais agus neamh-chomhlíonta ag láithreáin a rialaíonn an GCC, nuashonruithe agus iarratais oibreora chomh maith le hlmscrúduithe Comhlíonta, a fheiceáil.

Rinneadh uasghrádú ar LEAP i mí na Nollag 2025 chun faisnéis cheadúnaithe a chur leis, rud a d'fhág go raibh sé níos éasca do shaoránaigh teacht ar réimse iomlán faisnéise maidir le láithreáin a rialaíonn an GCC.

Foilsíodh [an Tuarascáil ar Fhorfheidhmiú Tionsclaíoch agus Dramhaíola 2024](#) i mí an Mhárta 2025. D'fhoilsigh an GCC tuarascáil freisin ar [Bhaint Mhídhleathach Móna ar Mhórskála](#) i mí an Mheithimh 2025 agus léiríodh ann sin líon agus suíomh láithreán le haghaidh baint mhídhleathach móna ar mhórskála ar fud seacht gcontae. Tá tuarascálacha uile an GCC maidir le hiniúchtaí láithreáin ar na láithreáin bainte móna sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC.

Caighdeán an Aeir

In 2025, b'acmhainn luachmhar don phobal é suíomh gréasáin an GCC airquality.ie, rud a lig do rochtain éasca ar fhaisnéis fhíor-ama maidir le cáilíocht aeir ón gcóras náisiúnta monatóireachta. Áirítear ar an acmhainn ghréasáin seo Innéacs Cháilíocht an Aeir don tSláinte (ICAS) atá bunaithe ar stáisiúin, a aistríonn sonraí tomhaiste chuig scála dathchódaithe a chuireann in iúl cé chomh maith, chomh holc nó chomh fíordhona is atá cáilíocht an aeir. Tá an scála nasctha le comhairle sláinte don phobal (Fíor 21) agus dóibh siúd atá leochaileach maidir le droch-cháilíocht aeir. Chomh maith leis an suíomh gréasáin, chuir an fotha @EPAirQuality ar an ardán meán sóisialta X faisnéis phoiblí cáilíochta aeir ar fáil.

Leanadh de shonraí fíor-ama maidir le truailléain aeir roghnaithe a chur ar fáil gach uair an chloig don GEC le taispeáint ar léarscáileanna cáilíochta aeir Eorpacha.

Fardail agus Réamh-mheastacháin ar Astaíochtaí


Mar a léirítear in Alt 4.1, cuirtear sonraí maidir le hastaíochtaí truailléain GCT agus aeir ar fáil ar láithreán gréasáin an GCC. Mar aon le tuarascálacha mionsonraithe, graif agus táblaí, tá sraith ceisteanna agus freagraí coitianta ann, chomh maith le grafaicí eolais a chuireann teachtaireachtaí soiléire in iúl faoi fheidhmíocht na tíre maidir le gníomhú ar son na haeraíde.

In 2024, foilsíonn an GCC tuarascálacha táscaire astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa ar bhonn ráithe. Léirítear i bhFíor 22 na hastaíochtaí measta GCT de réir earnála ar amscála ráithe ó R1 2018 agus is féidir teacht ar na tuarascálacha is déanaí ar na leathanaigh maidir le [Foilsíú Astaíochtaí Aeir](#). Cuireann na tuarascálacha sin le tuairiscí bliantúil an GCC ar an bhfardail agus réamh-mheastacháin náisiúnta GCT ach táscairí luatha agus rialta a chur ar fáil le haghaidh monatóireacht agus rialachas ghníomhú aeráide na hÉireann. Is féidir sonraí ráithe maidir le hastaíochtaí GCT a chomhtháthú anois le sruthanna náisiúnta tuairiscithe ráithe eile, rud a éascaíonn ailiníú beartais tras-earnálach, mar a fheictear i [dTráchteaireacht Ráithe Eacnamaíoch R4 2025 an ITES](#).

Radón

Is é an GCC an príomhfhoinsé faisnéise maidir le radón, agus cuireann sé comhairle ar fáil trí sheirbhís Saorfhóin tiomnaithe agus trína leathanaigh ghréasáin radóin. In 2025, breathnaíodh ar leathanaigh gréasáin radóin níos mó ná 103,000 uair. Leanadh de bheith ag tarraingt aird ar an riosca ó ghás radóin in 2025, le feachtas náisiúnta meán sóisialta chun Lá Eorpach an Radóin a cheiliúradh ar an 7 Samhain, lá ina ndíriodh ar scrúdú don radóin.

Chun an scéim iasachta leabharlaine monatóirí digiteacha radóin a leathnú, chomhoibrigh an GCC leis an nGníomhaireacht um Bainistiú Rialtais Áitiúil agus le hÉire na Sláinte ag do leabharlann in 2025. Agus tús á chur leis in 2026, beidh monatóirí radóin ar fáil le fáil ar iasacht gan aon chostas ó sheirbhísí leabharlaine ar fud 21 contae.



Cáilíocht an Uisce


Déanann an GCC bainistiú, measúnú agus tuairiscíú ar na sonraí a ghintear ón gclár monatóireachta ar Cháilíocht Uisce. Tuairiscítear na sonraí chuig an GEC (Córas Faisnéise Uisce don Eoraip) agus tuairiscítear sonraí ar uiscí trasdula freisin agus cósta faoin *gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (ar a dtugtar coinbhinsiún OSPAR freisin)*, a phléann le cosaint an chomhshaoil mhuirí ó éifeachtaí díobhálacha ghníomhaíochtaí an duine.

In 2025, úsáideadh sonraí cáilíochta uisce ó 2019-2024 chun measúnú agus [tuairiscíú a dhéanamh at stádas ár n-uiscí](#), agus úsáideadh sonraí cáilíochta uisce ó 2024 sa tuarascáil [ar thiúchan nítrigine agus fosfair](#) in uiscí na hÉireann. Úsáideadh sonraí cáilíochta uisce ón gcéad leath de 2025 sa [tuarascáil táscairí léargas luath maidir le cáilíocht uisce](#).

[Fanann Catchments.ie](#) bealach barrthábhachtach cumarsáide d'fhaisnéis maidir le cáilíocht uisce agus dobharcheantar a roinnt leis an bpobal, agus 280,000 amharc á mealladh aige in 2025. Bhí an chuid is mó den ghníomhaíocht dírithe ar shonraí agus ar léarscáileanna, agus an suíomh gréasáin ag leanúint de bheith ina phríomhphointe tagartha d'úsáideoirí a bhfuil léarscáileanna uisce GCC á bhfáil acu. Tacaíonn an t-ardán leis an eolas is déanaí a chur ar fáil go rialta freisin trí phostálacha nuachta, agus níos mó ná 3,600 síntiúsóir aige. Tá léarscáileanna, deaiseanna, treochtaí agus tuairiscí idirghníomhacha maidir le 5,000 dobharlach, agus sonraí screamhuisce san áireamh, ar fáil, agus is féidir sraitheanna sonraí uile a íoslódáil trí [Geoportal an GCC](#).

Teachtaireachtaí sláinte atá in éineacht do ghrúpaí atá i mbaol agus don phobal i gcoitinne			
Grúpa	Innéacs	Daoine atá i mBaol	An Pobal i gCoitinne
Go maith	1	Bain sult as do ghnáthghníomhaíochtaí lasmuigh.	Bain sult as do ghnáthghníomhaíochtaí lasmuigh.
	2		
	3		
Measartha	4	Ba chóir do dhaoine fásta agus do leanaí a bhfuil fadhbanna scamhóige acu, agus do dhaoine fásta a bhfuil fadhbanna croí acu, a bhfuil siomptóim orthu, smaoineamh ar ghníomhaíocht fhisiciúil dhian a laghdú, go háirithe lasmuigh.	Bain sult as do ghnáthghníomhaíochtaí lasmuigh.
	5		
	6		
Go holc	7	Ba chóir do dhaoine fásta agus do leanaí a bhfuil fadhbanna scamhóige acu, agus do dhaoine fásta a bhfuil fadhbanna croí acu, gníomhaíocht fhisiciúil dhian a laghdú, go háirithe lasmuigh, agus go háirithe má tá siomptóim orthu. Seans go mbeidh ar dhaoine a bhfuil plúchadh orthu a n-análóir faoisimh a úsáid níos minice. Ba cheart do dhaoine aosta aclaíocht fhisiciúil a laghdú freisin.	Ba chóir d'aon duine a bhfuil míchompord orthu ar nós súile tinn, casacht nó scornach tinn smaoineamh ar ghníomhaíocht a laghdú, go háirithe lasmuigh.
	8		
	9		
An-Olc	10	Ba chóir do dhaoine fásta agus do leanaí a bhfuil fadhbanna scamhóige acu, daoine fásta a bhfuil fadhbanna croí acu, agus daoine aosta, gníomhaíocht fhisiciúil dhian a sheachaint. Seans go mbeidh ar dhaoine a bhfuil plúchadh orthu a n-análóir faoisimh a úsáid níos minice.	Laghdaigh an méid aclaíochta, go háirithe lasmuigh, go mór má bhíonn comharthaí cosúil le casacht nó scornach tinn ort.

Fíor 21. An AQIH agus a chomhairle sláinte nasctha



Fíor 22. Gluaiseacht ráithiúil in astú GCT trasna Earnálacha an Phlean Gníomhaíochta Aeráide ó R1 2018 go R2 2025.

Tránna

Soláthraíonn [Beaches.ie](#) faisnéis ar chaighdeán uisce snámha ag tránna agus lochanna na hÉireann, agus 187,000 amharc á bhfáil aige in 2025, ardú 30% ar an mbliain roimhe sin. Is féidir le húsáideoirí teacht ar thorthaí caighdeán uisce a foilsíodh le gairid, ar shrianta snámha, agus ar an eolas is déanaí maidir leis an aimsir agus an taoide áitiúil. Tá próifíl uisce snámha ag gach trá ina léirítear áiseanna, brúnna ata ar eolas agus pleananna bainistíochta. Foilsítear freisin sonraí monatóireachta as séasúr, a sholáthraíonn roinnt údarais áitiúla go deonach, nuair atá siad ar fáil. Déantar an suíomh gréasáin a uasdátú go rialta le linn an tsamhraidh de réir mar a fhaightear torthaí nua monatóireachta.

Sonraí Oscailte

Is treoir an AE í an Treoir maidir le Sonraí Oscailte a spreagann ballstáit an AE an méid faisnéise is gur féidir leo ón earnáil phoiblí a chur ar fáil ar mhaithe athúsáide i bhformáid Sonraí Oscailte. Is sonraí iad Sonraí Oscailte ar féidir le duine ar bith iad a úsáid, a athúsáid agus a athdháileadh gan srianta – faoi réir amháin, den chuid is mó, an riachtanais chreidiúna agus roinnte araon. Cuireann an Treoir an coincheap maidir le tacair sonraí ardluacha i láthair, a shainmhínítear mar dhoiciméid a bhfuil a n-athúsáid bainteach le sochair riachtanacha don tsochaí agus don gheilleagar. Faoi Treoir, tuairiscíonn an GCC tacair shonraí don Eoraip faoi thrí cinn de na sé chatagóir théamacha tacar sonraí ardluacha de Gheospásúil, de Bhreathnóireacht na Cruinne agus den Chomhshaol.

Faoi láthair, tá 487 tacar sonraí ar fáil go poiblí ag an GCC ar Thairseach Sonraí Oscailte na hÉireann faoi roinnt catagóirí téamacha, agus foilsíodh 21 díobh seo in 2025. Fágann sé sin gurb é an GCC an séú rannpháirtí is mó leis an tairseach seo. Le chéile, tá breis is 146,000 amharc faighte ar na tacair sonraí seo go dtí seo. Léiríonn an méadú ar líon na hamhairc thar na blianta an méadú ar an éileamh ar thacair sonraí atá ar fáil go poiblí.

An Clár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán

Bhailigh an GCC sonraí an Chláir ar Scaoileadh agus ar Aistriú Truailleán (CSAT) i gcomhair 2024 agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh iad roimh spriocdháta na Samhna 2025. Is féidir féachaint ar na sonraí ar líne ar an gclár CSAT náisiúnta ag [Léarscáileanna an GCC](#).

Sonraí GEC-EIONET

Chun faisnéis iontaoifa, neamhspleách maidir leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide san Eoraip a chur ar fáil, soláthraíonn 39 tír sonraí don GEC. Gach bliain, déanann an GCC an tuairisciú a dhéanann tíortha ar shonraí barrthábhachtacha comhshaoil a rangú agus é sin bunaithe ar thapúlacht agus ar chaighdeán. In 2025, bhain Éire scór de 94% amach (ba é an scór airmheánach in aghaidh tíre ná 87%).

Anailísíocht Sonraí Comhshaoil

Úsáideann an GCC eolaíocht sonraí agus staitisticí chun ár measúnú comhshaoil a fheabhsú. Reáchtálann an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) Códe Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (CCCSÉ) chun cinnteacht a sholáthar gur féidir brath ar staitisticí oifigiúla. In 2025, fuair an GCC deimhniú CCCSÉ ón POS maidir le torthaí bliantúla uisce snámha.



Fíor 23. Buaileann an fhoireann um Bainistiú Cáilíochta CSO le foireann an GCC don chuairt láithreáin CCCSÉ ar Cheanncheathrú an GCC, mí Iúil 2025

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Rinne an GCC 147 aighneacht MST in 2025 (lena n-áirítear 24 ag céim an Dréachtphlean). Foilsítear aighneachtaí maidir le pleananna/cláir thábhachtacha ar rannóg na n-aighneachtaí ar shuíomh gréasáin an GCC.

D'fhoilsigh an GCC treoir dhea-chleachtais ar MST agus ar chomhtháthú, rud a chuir lena réimse nótaí treorach earnála MST. Chomh maith leis sin, críochnaíodh an tionscadal taighde a bhfuil MST bainteach leis, Sláinte PRO, in 2025. Foilseofar a Shraith Straitéisí agus a thuarascáil deiridh bhainteach in 2026.

Comhairliúcháin Mheasúnaithe ar Bheartas Comhshaoil

Freagraíonn an GCC comhairliúcháin náisiúnta um beartas comhshaoil agus rinne sé 31 aighneacht in 2025. I measc aighneachtaí barrthábhachtacha bhí freagairtí ar Athbhreithniú an Phlean Náisiúnta Forbartha; An Séú Clár Gníomhaíochta Níotráití; Pleananna Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide; An Straitéis Gheilleagair Chiorclaigh uile Rialtais agus Ráitis éagsúla Straitéise. Foilsítear aighneachtaí ar leith ar shuíomh gréasáin an GCC.

Tuairisc ar Staid an Chomhshaoil

Lean an GCC de bheith ag cur torthaí a [thuarascála ar Staid an Chomhshaoil, 2024](#) chun cinn, trí aighneachtaí agus cuir i láthair chuig Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus institiúidí tríú leibhéal éagsúla in 2025. Cuirtear measúnú cuimsitheach ar chomhshaoil na hÉireann ar fáil sa tuarascáil, ina léirítear treochtaí, dúshláin agus gníomhartha barrthábhachtacha.

B'úsáideach an tuarascáil 2024 chun próifíl Tíre na hÉireann a ullmhú do thuarascáil chomhshaoil na hEorpa an GEC, 2025. Soláthraíonn próifíl tíre measúnuithe gonta agus ar leibhéal tíre, maidir le treochtaí barrthábhachtacha i gcomhshaoil, in aeráid agus i bhforbairtí socheacnamaíocha, agus na próifílí sin ag déanamh bunchórais amhail fuinneamh, soghluaisteacht agus bia a scrúdú.

Cuireadh teachtaireachtaí barrthábhachtacha ó thuarascáil ar Staid an Chomhshaoil chun cinn maidir le 10 dtopaic chuig níos mó ná 123,000 duine in 2025 i bhfeachtas gníomhach meán sóisialta GCC. D'oibrigh an GCC freisin le foilsitheoir oideachais chun iris bhunscoile atá bunaithe ar an tuarascáil a fhorbairt. Dáileadh timpeall ar 12,500 cóip den iris ar níos mó ná 500 scoil, rud a d'fhreastail ar thimpeall ar 70,000 páiste. Tá leagan ar líne ar fáil freisin.



6.3 Cumarsáid agus For-rochtain

Is é mar aidhm ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faisnéis a scaipeadh go héifeachtúil maidir le hábhair chomhshaoil ar phobail agus ar pháirtithe leasmhara barrthábhachtacha.

Príomhtheachtaireachtaí a Chur in Iúl

Na meáin dhigiteacha

Is é suíomh gréasáin an GCC ár bpríomhuirlis chumarsáide chun faisnéis a scaipeadh ar an bpobal, agus breis is 1,300,000 cuairt tugtha air le linn 2025. Tharla buaiceanna gníomhaíochta le linn na bliana a bhí ag teacht le clúdach sna meáin ar shaincheisteanna comhshaoil agus le foilsiú tuarascálacha.

Caidreamh leis na Meáin

Soláthraíonn an GCC seirbhís 24 uair an chloig do na meáin agus i rith 2025, láimhseáil sé 430 fiosrúchán ó na meáin agus d'eisigh 34 preasráiteas. Bhain clúdach an-ard ó na meáin ar an nGníomhaireacht.

Ceisteanna Comhshaoil

Cuireann an GCC Seirbhís um Cheisteanna Comhshaoil ar fáil dá pháirtithe leasmhara agus dhéileáil sé le 2,250 ceist le linn 2025. Ba iad dramhaíl, fuíolluisce, cáilíocht aeir, agus athrú aeráide na príomhréimsí spéise don phobal.

Na meáin shóisialta

Tá an GCC fós ag freastal ar an bpobal trí na meáin shóisialta. Bhí méadú 15.4% ar an méid leantóirí ar LinkedIn in 2025, agus méadú 28.6% ar Instagram, agus 51,162 leantóir san iomlán ar fud na n-ardán tosaíochta sin. Sheolamar sraith fiseán in 2025 inar áiríodh baill foirne GCC i mbun oibre sa ghort agus i saotharlanna ar fud na tíre, sraith a bhfuil rath uirthi ó thaobh taighde agus rannpháirtíochta de. In 2025, lean fás agus nuálaíocht ar aghaidh maidir leis an gcaoi a mbíonn obair an GCC ag plé lena lucht féachana ar fud ardáin na meán sóisialta. Lean an GCC de lucht féachana nua a thógáil trí ábhar a sheachadadh i bhformáidí éagsúla.

Gníomhaíochtaí For-rochtana

Tá ról tábhachtach ag an GCC i gcónaí leibhéal feasachta a ardú agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a dhéanann rannpháirtíocht an phobail le cúrsaí comhshaoil a mhéadú ar fud ghrúpaí leathana an phobail.

Mar chuid de ghealltanais urraíochta corparáidí an GCC, chuamar i mbun comhpháirtíochta le roinnt tionscnaimh ilghnéitheacha for-rochtana eile lena n-áirítear:

- Dul i mbun comhpháirtíochta le hInnealtóirí Éireann ar a chlár Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta le haghaidh Scoileanna (STEPS), clár a bhfuil mar aidhm aige forbairt scileanna Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) in Éirinn a chothú.
- Dul i mbun comhpháirtíochta le ECO EOECA, agus a bheith ag tacú le Gradaim na nGníomhaithe Timpeallachta Óga.
- Dul i mbun comhpháirtíochta le Junior Achievement Ireland (JAI) chun réimse chlár JAI a sheachadadh. Tríd is tríd, chuir an chomhpháirtíocht ar chumas 1,630 mac léinn dul i dteagmháil go díreach le baill foirne GCC agus/nó teachtaireachtaí agus eolas barrthábhachtach comhshaoil a fháil ón gclár an tAthrú Aeráide agus Tusa, rud a chabhraigh le feasacht agus tuiscint níos mó ar chosaint comhshaoil agus ar ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt i measc na chéad ghlúine eile.
- Urraíocht a dhéanamh ar an ngradam comhshaoil ag comórtas Eolaí Óg BT.
- An Clár Fiontair Mic Léinn a Urrú.

Thacaigh an GCC lena lán tionscnaimh áitiúla freisin chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna comhshaoil nó ar obair an GCC. Áirítear leis sin an tIonad Rannpháirtíochta CALMAST ETIM ag SETU Phort Láirge, ionad ina gcuirtear ETIM chun cinn chuig pobal de thimpeall ar 40,000 duine trí shraith féilte oideachais san Oirdheisceart, agus Gradam Speisialta ag Comórtas na mBailte Slachtmhara SuperValu.

Taispeántais Fhor-rochtana

Rinne an GCC taispeántas arís ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT (áit ar bhronn siad Gradam Speisialta Comhshaoil chomh maith) agus ghlac siad páirt sa 94 Craobhchomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Thug na himeachtaí seo deis iontach chun feasacht a ardú ar shaincheisteanna comhshaoil agus chun aird an phobail a dhíriú orthu.



Grianghrafadóir Cónaithe

Thacaigh an GCC le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Grianghrafadóir Cónaithe a roghnú, rud is cúis le léargas uathúil ar chomhshaoil na hÉireann ar feadh 12 mhí agus ar fud 26 contae. Bhí an tionscadal chomh rathúil sin gur bhuail sé an gradam clúiteach Gnó go hEalaíona le haghaidh Cruthaitheacht Inbhuanaithe.

Comhdhálacha GCC

In 2025, d'óstáil an GCC na comhdhálacha seo a leanas:

Comhdháil Náisiúnta Aeráide an GCC

Tionóladh Comhdháil Bhliantúil an GCC ar an Athrú Aeráide i mBealtaine i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Ba é téama na comhdhála ná 'Dul i nGleic le hAstaíochtaí tríd an Margadh Carbóin'. Is féidir taifead den [Comhdháil Aeráide a fheiceáil ar líne](#).

Sraith Léachtaí ar an Athrú Aeráide

Lean sraith Léachtaí Comhshaoil GCC ar aghaidh in 2025:

- Is í an tOllamh Bronwyn Hayward, ollamh le hEolaíocht Pholaitiúil agus Caidreamh Idirnáisiúnta ag Ollscoil Canterbury, Nua-Shéalainn, a thug léacht ar líne maidir le 'Todhchaí Trí Chéile an Chomhshaoil: Conas tacú le páistí agus leis an óige'.

- Thug an tOllamh Karen O'Brien, comhbhunaitheoir CHANGE, léacht ar líne maidir le 'Claochlú in Aeráid atá ag Athrú: Léargais ó Mheasúnú Athruithe Bunathraitheach IPBES'.
- Is í an tOllamh Nadia Pinardi, Ollamh le haigéaneolaíocht ag Ollscoil Bologna, a thug léacht i láthair go pearsanta maidir le 'Cóstaí i mBaol: Pobail Níos Láidre a Fhorbairt'.

Is féidir breathnú ar thaifid na [léachtaí ar líne](#).

Comhdháil ar Gheilleagar Ciorclach GCC

D'óstáil an Clár Geilleagair Chiorclaigh comhdháil ar Gheilleagar Ciorclach GCC, 2025 ag Staid Aviva i Meán Fómhair. I measc na dtopaicí a clúdaíodh bhí beartas geilleagair chiorclaigh, freagracht táirgeora in earnálacha tosaíochta agus margai agus tomhaltas. Tá cuir i láthair ar fáil le breathnú orthu ar chainéal YouTube an GCC: [Comhdháil ar Gheilleagar Ciorclach 2025– YouTube](#).



Comhdháil an GCC ar Uisce

Reáchtáil an GCC a Comhdháil Uisce Náisiúnta Bhliantúil i mí an Mheithimh mar imeacht hibrideach i nGaillimh. Áiríodh leis na hábhair is déanaí maidir le beartas, talmhaíocht, sláinte, saincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus todhchaí an uisce. Tá ábhair agus físeáin chomhdhála, lena n-áirítear ábhar ó blianta roimhe, ar fáil ar [catchments.ie](#).

Ócáid Náisiúnta Aeir

Ba é 'Aer Glan, Beathaí Níos Sláintiúla' téama Imeacht Náisiúnta Aeir na bliana seo, a tionóladh i gCill Chainnigh i mí na Samhna. Tá léirithe ón Imeacht Aer Náisiúnta ar fáil ar chainéal YouTube an GCC.

An Chomhdháil um Sláinte agus Folláine Comhshaoil

I gcomhpháirtíocht leis an FSS agus leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES), reáchtáil an GCC a 10 chomhdháil bhliantúil ar an gComhshaoil, ar an tSláinte agus ar an bhFolláine i gColáiste Ríoga na Lianna i mí Dheireadh Fómhair. Ba é téama na comhdhála ná 'Dearcthaí a Athrú: Daoine agus Áiteanna Níos Sláintiúla agus Acmhainneacha a Chruthú'. Is féidir léirithe ón gcomhdháil a fheiceáil ar chainéal YouTube an GCC.

Comhdháil Chomhshaoil agus Dlí, 2025

Reáchtáladh an chomhdháil chomhpháirteach chomhshaoil agus dlí le hIonad na hÉireann um an Dlí Eorpach (IÉDE) i mí na Samhna 2025. San imeacht ceannródaíoch sin, pléadh éabhlóid thimpeallachta fhorfheidhmiú an dlí comhshaoil in Éirinn agus ar fud an AE.



6.4 Taighde

Bainistíonn an GCC clár taighde freagrúil agus gasta a sheachadann fianaise eolaíoch chun tacú le forbairt beartais agus le cinnteoireacht níos leithne. Léiríonn sé seo an fhís atá ag [Taighde GCC 2030](#) maidir le 'eolaíocht agus nuálaíocht a chur i gceartlár chosaint an chomhshaoil in Éirinn trí fhorbairt agus aistriú réamhghníomhach eolais'.

Cuirtear Clár Taighde an GCC ar fáil le struchtúr téamach ina bhfuil ceithre mhol idirnasctha, eadhon:

- Aghaidh a thabhairt ar riachtanais fianaise maidir le hathrú aeráide,
- Geilleagar Ciorclach agus Glas a Éascú,
- Comhshaoil sláintiúil a sheachadadh, agus
- Ár gcomhshaoil nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú.

Ag deireadh 2025, bhí punann de níos mó ná 200 tionscadal beo á bhainistiú ag an GCC chomh maith le maoiniú ar 55 tionscadal comhpháirtíochta straitéisí a sholáthar in éineacht le heagraíochtaí maoinithe taighde eile.

Dámhachtainí Taighde Nua in 2025

Chruthaigh an GCC 57 dámhachtain taighde nua in 2025, agus b'ionann iad agus gealltanais iomlán de €17 milliún. Ina measc seo bhí:

- Sé dhámhachtain is tríocha dar luach €14 milliún faoi Ghlaonna Taighde 2024/25 an GCC.
- Cúig dhámhachtain déag de luach €2.5 milliún faoi chomhpháirtíochtaí straitéiseacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Dámhachtain Chapter Scientist amháin (€83k) chun tacú leis an bpríomhúdar comhordaithe ar Thuairisc Speisialta an PIAA ar an Aeráid agus ar Chathracha.
- Cúig dhámhachtain dar luach €278 míle faoi Chlár Modh Mear ar Bheartas an GCC.

Cuireadh suim shuntasach sa Ghlaó Taighde 2025 an GCC agus 110 iarratas ar mhaoiniú aige. Arís eile, bhí méadú de 60% ar iarratais ó thaighdeoirí ceannródaíocha a bhí nua don Chlár Taighde an GCC, treocht dhearfach a léiríonn leathnú leanúnach ar an mbonn taighde a bhaineann le saincheistean comhshaoil agus aeráide. Tá sonraí eile maidir le tionscadal taighde a mhaoiníonn an GCC ar fáil ar Bhunachar Sonraí Taighde an GCC ar líne.

Dámhachtainí Taighde an GCC 2025

**110**

Iarratas Nua

**36**Foirne maoinithe
in 2025**60%**Iarratasóirí nua
chuig an GCC**€14M**

Maoinithe

Mná i gceannas
ar fhoirne**51%**

Comhshaol

Aeráid

Geilleagar
Ciorclach

Sláinte

Gníomhaíochtaí Taighde Eile de chuid
an GCC in 2025**>200**

Gradam Beo

**34**Tuarascáil
Taighde**€2.5M**Gradam
comhpháirtíochta

Comhoibriú Náisiúnta

Glacann an GCC páirt san Fhóram Náisiúnta Cur i bhFeidhm do Impact 2030 (an Straitéis Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta), san Fhóram Náisiúnta um Ionracas Taighde agus san Fhóram Náisiúnta um Thaighde Oscailte (FNTO), fóraim a chuireann le hacmhainneacht náisiúnta taighde agus bonneagar a fhorbairt agus taighde oscailte, ionracas taighde agus slándáil taighde a chur chun cinn.

I gcomhoibriú leis an RAFC, tá Taighde GCC ag cur tacaíochta ar fáil do cheathrar taighdeoirí roghnaíodh ó Éirinn chun cur le gníomhartha tábhachtacha IPCC amhail Tuarascáil Modheolaíochta PIAA ar Fhórsaí Aeráide Gearrshaolacha agus Tuarascáil Speisialta PIAA ar Athrú Aeráide agus Cathracha, agus le raon feidhme an 7ú Tuarascáil Mheasúnaithe IPCC.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Taighde

I gcomhréir lena chuspóir chun acmhainneacht taighde comhshaoil a mhéadú in Éirinn, lean an GCC lena chomhpháirtíocht le Taighde Éireann - Research Ireland in 2025 trí cheithre dhámhachtain a mhaoiniú do thaighdeoirí luathghairme faoi Chlár Conaire Taighde Éireann chomh maith le naoi scoláireacht faoi Chlár Scoláireachta larchéime Rialtas na hÉireann.

Trí Fís Eorpach, tacaíonn an GCC le pobal taighde na hÉireann páirt a ghlacadh i gcomhoibriú luachmhar idirnáisiúnta. Airítear leis sin maoiniú a chur ar fáil do roinnt Glaonna Comhpháirteacha Trasnáisiúnta a ligeann do thaighdeoirí in

Éirinn páirt a ghlacadh i dtionscadail ar fud an AE.

In 2025, bronnadh maoiniú ar dhá mholadh le comhpháirtithe Éireannacha dar luach €532 míle i nglao Water4All ar Uisce agus ar Gheilleagar Ciorclach. Seoladh glaonna nua freisin ar théama Uisce agus Sláinte faoin gComhpháirtíocht Water4All agus ar Athchóiriú feidhmithe, sláine agus nascachta éiceachórais faoin gComhpháirtíocht Biodiversa+.

Is comhpháirtí é an GCC freisin sa Chomhpháirtíocht Eorpach maidir leis an Measúnú ar Rioscaí ó Cheimiceáin (CMRC) agus sa Chomhpháirtíocht Eorpach ar thaighde cosanta radaíochta (PianoForte).

Is é an GCC an Pointe Teagmhála Náisiúnta le haghaidh deiseanna comhshaoil i gCnuasach 6 de Fís Eorpach, agus é ag obair go dlúth le Fiontar Éireann, le Foras na Mara agus leis an RTBM. Faoi dheireadh na bliana 2025, bhí 206 deontas san iomlán de luach €137 milliún sínithe ag pobal taighde na hÉireann faoi ghlaonna uile Horizon Eorpach Cnuasach 6 go dtí seo.

Comhordú Taighde

Tá an GCC ina chathaoirleach ar an nGrúpa Náisiúnta um Chomhordú Taighde Comhshaoil (GNCTC), a sholáthraíonn fóram náisiúnta chun taighde comhshaoil in Éirinn a chomhordú go straitéiseach ar fud eagraíochtaí um mhaoiniú taighde, lucht déanta beartas agus gníomhaireachtaí cur chun feidhme. Bhuaill an GNCTC le chéile faoi dhó in 2025 agus d'fhoilsigh sé an tuarascáil bhliantúil um Thaighde Comhshaoil in Éirinn i mí na Nollag 2025.

Cumarsáid Taighde agus Aistriú Eolais

D'fhoilsigh an GCC 31 tuarascáil taighde nua agus físeáin bhuaicphointí a ghabhann leo in 2025, lena n-áirítear an 500 Tuarascáil Taighde GCC, rud a bhí ina sprioc thábhachtach. Foilsíodh trí thuarascáil Sintéise Taighde ón gclár Modh Mear ar Bheartas freisin. Tá gach tuarascáil ar fáil ar an rannán Foilseachán Taighde de shuíomh gréasáin an GCC.

In 2025, lean Taighde GCC de dheiseanna nua taighde agus tuarascálacha a chur chun cinn go gníomhach agus ábhar ardchaighdeáin, tarraingteach a sholáthar le cur teachtaireachtaí soiléir ar fud a lán ardán lena n-áirítear na meáin shóisialta, imeachtaí, comhdhálacha agus Suíomh gréasáin an GCC. Tá tionscadal IMPACT GCC, a tháinig chun críche in 2025, tar éis saineolas nua maidir le haistriú eolais laistigh den GCC a sholáthar le go mbeidh tionchar beartais níos mó ann ónár dtaighde mhaoinithe.





7

Cultúr Sármhaitheasa




Cruthaímid cultúr sármhaitheasa, áit a dtacaítear le daoine agus ar féidir leo a ndícheall a dhéanamh.

Tá léargas ar ár luachanna agus ár n-iompraíocht in ionad oibre atá tacúil, cuimsitheach agus solúbtha, chun luach poiblí agus ár bhfís a sheachadadh.

7. CULTÚR SÁRMHAITHEASA

7.1 Struchtúr na hEagraíochta



* Socrúchán sealadach

Bord Stiúrthóirí*



Sa phictiúr (ó chlé go deis): Patrick Byrne Uasal (Stiúrthóir, An Oifig um Chosaint Radaíochta agus Monatóireacht Comhshaoil), Darragh Page Uasal (Stiúrthóir, An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha), Laura Burke Uasal (Ard-Stiúrthóir), an Dr Eimear Cotter (Stiúrthóir, An Oifig Fianaise agus Measúnaithe), an Dr Tom Ryan (Stiúrthóir, An Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil) agus David Flynn Uasal, Stiúrthóir, An Oifig Inbhuanaitheachta Comhshaoil).

*Is iad seo a leanas na Stiúrthóirí eile a d'fhóin i rith na bliana 2025: Gerard O'Leary, (Stiúrthóir, an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha), Eanáir go dtí Bealtaine 2025 agus Micheál Lehane (Stiúrthóir, an Oifig um Chosaint Radaíochta agus Monatóireacht Comhshaoil) Eanáir go dtí Meán Fómhair 2025.

Cruinnithe Boird

Tá seisear Stiúrthóirí Feidhmiúcháin lán-aimseartha ar Bhord an GCC. Tionóladh 52 cruinniú den Bhord in 2025 ar an iomlán: 12 chruinniú ginearálta, ag ar tugadh aghaidh ar shaincheisteanna beartais chorparáidigh, rialachais, straitéise, airgeadais agus pleanála, agus 40 cruinniú teicniúil, inar tugadh aghaidh ar iarratais ar cheadúnais, le hionchúisimh agus le saincheisteanna oibriúcháin.

Coiste Comhairleach an GCC

Cabhraíonn Coiste Comhairleach leis an GCC, ag a bhfuil téarma oifige trí bliana. Ainmníonn eagraíochtaí forordaithe an 12 chomhalta agus ceapann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad. Tá réimse leathan feidhmeanna comhairleacha ag an gCoiste Comhairleach, lena n-áirítear moltaí a dhéanamh don GCC agus/nó don Aire. Tá Ard-Stiúrthóir an GCC, de bhrí oifige, ina chomhalta agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste. D'éirigh an Dr Cathal Gallagher go hoifigiúil as an gCoiste an 24 Meitheamh 2025.

Baill Ceaptha ó Chomhlachtaí Forordaithe

An tOllamh Frances Lucy
(arna hainmniú ag Cumann Eolaíochtaí Comhshaoil na hÉireann)

An Dr Niamh Lynam Lennon
(ainmnithe ag Cumann Taighde Radaíochta na hÉireann)

An tUasal Aleesha Wiegandt
(a d'ainmnigh Comhairle Náisiúnta na nÓg/YMCA)

an tUasal Jerry MacEvilly
(a d'ainmnigh Lónra Comhshaoil na hÉireann)

An tUasal Geraldine O'Sullivan
(ainmnithe ag Cumann Feirmeoirí na hÉireann)

An tUasal Mark Christal (ainmnithe ag Fiontraíocht Éireann)

Roghnú Aireachta

An tUasal Ali Sheridan

An tUasal Conor Talbot

Aisling Ryan Uasal

Aebhín Cawley Uasal

Cathaoirleach

Laura Burke Uasal, Ard-Stiúrthóir, GCC

An Coiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch

Is comhlacht eolaíochta ard-leibhéil é an Coiste Comhairleach seo a chuireann comhairle ar an GCC i gcomhlíonadh a fheidhmeanna maidir le hábhair i dtaobh cosaint raideolaíochta agus cabhraíonn sé leis an GCC a chumarsáid le páirtithe leasmhara a fheabhsú chun muinín a fheabhsú, agus béim ar leith ábhair sláinte poiblí. I measc na nithe a cuireadh os comhair an choiste le linn 2025 bhí an Suirbhé Náisiúnta Tóróin; Bainistiú Acmhainneachta agus Pleanáil Comharbais; Cur Chuige GCC ar IS agus comhairle ar shuirbhé Dheartháir an Phobail i leith Radaíochta.

7.2 Acmhainní Daonna

Earcaíocht

Tugtar aitheantas don GCC mar rogha fostóra san earnáil phoiblí agus bíonn an-suim i gcónaí i bpoist a fhógraítear. Tá líon foirne faomhaithe de 550 duine ag an GCC ag deireadh na bliana agus 235 ball foirne ag an GCC lonnaithe ina cheanncheathrú i Loch Garman, agus tá an chuid eile lonnaithe go straitéiseach sna cúig Chigireacht Réigiúnacha agus in Oifigí Hidriméadrachta ar fud na tíre.

Intéirneachtaí agus Socrúcháin

Lean an GCC de bheith ag plé le raon leathan d'institiúidí oideachais tríú leibhéal faoin gClár Intéirneachta chun a chinntiú go bhfuil líon na mac léinn den chaighdeán is airde agus go dtugtar deis do mhic léinn oibriú in eagraíocht seirbhíse poiblí atá thar a bheith éifeachtach agus casta. Cuireadh ar fáil agus líonadh 30 intéirneacht íoctha le linn 2025 ar an iomlán. Ina theannta sin, leanadh leis an gclár socrúcháin samhraidh do mhic léinn in 2025 agus tugadh deis do 32 mac léinn tríú leibhéal an teoiric agus na scileanna a d'fhoghlaim siad ina n-obair chúrsa a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú i suíomh oibre cuí, agus luach a chur leis an eagraíocht ag an am céanna.

Foghlaim agus Forbairt

Ar feadh 2025, lean an GCC de bheith ag infheistiú i bhforbairt acmhainneachta ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear sainoiliúint theicniúil, rialachas agus forbairt comhlíonta, agus clár ceannaireachta agus bhainistíochta. Tacaíodh leis na hiarrachtaí sin trí mheascán de thionscnaimh oiliúna foirmiúla, líonraí ceannaireachta, agus deiseanna struchtúrtha meantóireachta.

Ceannaireacht Láidir

Tá an Líonra Ardbhainistíochta (LAB) comhdhéanta de Stiúrthóirí, Bainisteoirí Clár agus Bainisteoirí Réigiúnacha i bhfeidhm ó 2014. Buaileann an líonra le chéile cúig huaire in aghaidh na bliana, agus buaileann foghrúpaí le chéile idir an dá linn chun tosaíochtaí tras-eagraíochta a chur chun cinn.

Is é a ról ná nascacht eagraíochta a chaomhnú, tacú le cultúr agus luachanna, treoir agus barr feabhais straitéiseach a spreagadh, ceannaireacht éifeachtúil a léiriú, agus a bheith mar ionad le haghaidh foghlaim agus machnaimh. Oibríonn baill go comhoibríoch, spreagann siad cumarsáid oscailte, glacann siad le dearcadh uile-eagraíochta, agus daingníonn siad na prionsabail sin ar fud a bhfoirne.

In 2025, bhí an LAB i gceannas ar chur i bhfeidhm gníomhartha tosaíochta a bhí dírithe ar tacú le rannpháirtíocht foirne, ardfheidhmiocht a chaomhnú, forbairt scileanna a chur chun cinn, agus freagairtí ar fhadhbanna teicniúla atá ag teacht chun cinn.



Cuspóir agus prionsabail an Líonra Ardbhainistíochta

Ba ghníomhach freisin in 2025 an Líonra Bainistíochta agus Ceannaireachta (LBC), le haghaidh meánbhainisteoirí sa GCC. D'eagraigh an coiste seimineáir ceannaireachta rialta amhail *Déanamid uile "botúin" 3 chás-staidéar, Conair i dtreo Féinfhorbartha, Feidhmiú Réamhghníomhach - Na coiníollacha a chruthú d'ardfheidhmiú, Feidhmiú Réamhghníomhach - Réiteach fadhbanna nuair a thagann dúshláin chun cinn agus Cúrsaí Gnó an Bhainistithe Feidhmithe.*

Fochoistí an Bhoird

Tá dhá fhochoiste bunaithe ag an mBord, ceann a bhaineann le Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, agus ceann eile le Daoine agus Cultúr. Déanann an chéad cheann maoirseacht ar rialachas agus ar threo straitéiseach an athraithe atá cumasaithe ag Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus tacaíonn an dara ceann leis an bhfeidhm Acmhainní Daonna agus Forbartha.

Aontaíodh socruithe nua rialachais in 2025 chun na ceangail idir an Fochoiste Daoine agus Cultúir, an LAB, agus an LBC a neartú, rud a thacaíonn le forbairt cultúir aontaithe ceannaireachta ar fud an GCC.

Comhpháirtíocht

Lean Meitheal dá ról a neartú in 2025, agus é ag dul isteach sa dara bliain dá seal coiste agus fáilte á cur aige roimh bhail nua. Bhí sé i gceannas ar Lá Gníomhaireachta 2025, lá a bhí rathúil agus imeachtaí amhail rothaíocht charthanachta Embrace Farm, Tráth na gCeist Sóisialta agus Spóirt Loch Garman, agus turas Chumann Gaif GCC san áireamh, agus d'eagraigh an fochoiste an t-ullmhúchán. Chaomhnaigh agus leathnaigh an coiste a chomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland, agus rannpháirtíocht bhreise i Seachtain na hEolaíochta agus i gclár ghaolmhara eile á plé aige.

Rinneadh chun cinn suntasach ar thionscadail bharthábhachtacha, go háirithe athainmniú Sheomraí Cruinnithe GCC, rud a cuireadh chun cinn trí chomhordú na foirne meán sóisialta agus TFC. Neartaigh Meitheal rannpháirtíocht foirne trí ghníomhartha réigiúnacha, lena n-áirítear Cruinniú Réigiúnach Bliantúil 2025 i Muineachán, agus d'ullmhaigh sé dá athbhreithniú i lár a sheala a bhí beartaithe do 2025-2026 chun tacú le pleanáil straitéiseach an GCC atá le teacht.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

Tuigeanann an GCC go bhfuil sábháilteacht, sláinte agus leas ina riachtanais bhunúsacha dá chuid oibríochtaí. Maidir leis seo, tá sé mar bheartas ag an GCC a ghnó a dhéanamh ar bhealach a chosnaíonn sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne, na gcuariteoirí, na gconraitheoirí, agus an phobail a bhféadfadh baint a bheith acu le gníomhaíochtaí GCC.

Soláthraíonn an GCC áit oibre shábháilte agus córas oibre sábháilte dá chuid ball foirne, chomh fada agus is féidir go praiticiúil, i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus na rialacháin ghaolmhara.

Ceartha an Duine agus Comhionannas

Tá an GCC tiomanta dá hoibleagáidí faoi Alt 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 a chomhlíonadh. Leanfaimid orainn ag comhtháthú ceisteanna comhionannais agus ceartha an duine inár mbeartais, inár gcleachtais agus inár bpróisis chinnteoireachta, agus ar an gcaoi sin coinnimid comhlíonadh lenár n-oibleagáidí reachtúla. Táimid tiomanta fós do chultúr dínite, cothroime agus neamh-idirdhealaithe a chothú i ngach gné dár n-oibríochtaí agus leanfaimid orainn ag feabhsú ár n-iarrachtaí sa bhliain atá romhainn.



Baill foirne an GCC ar Lá na Gníomhaireachta, 2025

7.3 Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Úsáideann an GCC a sheirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) chun tacú le hathchóiriú agus nuálaíocht ar fud na heagraíochta. Tá ríthábhacht ag baint leis na seirbhísí seo agus sonraí tráthúla agus spriocdhírithé agus faisnéis a chur ar fáil chun freastail ar a riachtanais ar son pháirtithe leasmhara, mar atá leagtha amach ina straitéis corparáide. Ó thaobh infheistíocht TFC de, tá tús áite ag réimsí amhail soláthar faisnéise, bainistíocht sonraí, seirbhísí ar líne agus comhroinnte, slándáil, téarnamh ó thubaistí, teicneolaíochtaí ceannródaíocha, agus cumais TFC inmheánacha a fhorbairt.

Slándáil Faisnéise

Is acmhainn thábhachtach de chuid an GCC í an fhaisnéis agus tá sé ríthábhachtach faisnéis, teicneolaíochtaí agus feidhmchláir an GCC a chosaint chun a chinntiú gur féidir leis an GCC leanúint dá fheidhmeanna a chomhlíonadh. Cuimsíonn cleachtais slándála faisnéise an GCC trí phríomhghné: rúndacht, ionracas agus infhaighteacht. Dá réir sin, tá beartais agus teicneolaíochtaí tugtha isteach ag an GCC le blianta beaga anuas chun cabhrú lena shócmhainní a chosaint, agus chun freastal ar na héilimh mhéadaitheacha sa spás slándála faisnéise a ndéantar athbhreithniú orthu go tréimhsiúil.

I rith 2025, díriodh arís ar fheasacht a mhúscailt maidir le cibearshlándáil, i measc na foirne agus aon duine a úsáideann córais GCC, agus rinneadh cleachtaí fiosaiceachta rialta agus oiliúint slándála chomh maith le tionscnaimh eile chun feasacht a mhúscailt.

In 2025, chríochnaigh an GCC iniúchadh seachtrach ar a shocruithe Athshlánaithe ó Thubaiste. Dearadh an t-iniúchadh sin chun réimsí ar chóir iad a neartú a aithint lena chinntiú gur féidir leis an GCC téarnamh go rathúil ó chibearionsaí nó teagmhais mhóra eile. Aithníodh sa mheasúnú roinnt réimsí a raibh aird ag teastáil orthu, agus tugadh aghaidh ar an gcuid is mó díobh sa bhliain 2025 agus tá sé beartaithe an chuid eile a dhéanamh in R1 2026.

7.4 Rialachas

Rialachas Corparáideach

Tá rialachas corparáideach ríthábhachtach don GCC chun a shainchúram reachtúil a chomhlíonadh go héifeachtach. Soláthraíonn sé creat de struchtúir agus de phróisis a fhágann gur féidir le baill an Bhoird measúnú a dhéanamh ar an mbainistíocht agus ar fheidhmíocht chorparáideach, agus san am céanna a chinntiú go gcomhlíonann na baill a gcuid freagrachtaí rialachais féin go hoibiachtúil agus go héifeachtach. Is é beartas an GCC comhlíonadh go hiomlán le hoibleagáidí rialachais agus freagrachta agus dea-chleachtas a leanúint agus na hoibleagáidí sin á gcomhlíonadh aige.

Is riachtanach an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 do gach Comhlacht Stáit agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2016. I rith 2025, lean an GCC ar aghaidh ag cur ceanglais rialachais i bhfeidhm agus lean ag comhlíonadh de réir an Chóid. Tá Aonad Rialachais Chorporáidigh i bhfeidhm agus tá sé freagrach as maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus chomhlíonadh an Chóid.

Moltar sna ceanglais a eascraíonn as an larscríbhinn a ghabhann leis an gCód, maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú, go léireofaí ionadaíocht 40% de mhná agus d'fhir ar Bhoird Stáit. An 31 Nollaig 2025, bhí cothromaíocht inscne de 33% baineann agus 67% fireann ar Bhord an GCC.

An Comhaontú Maoirseachta

I gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá Comhaontú Maoirseachta i scríbhinn i bhfeidhm leis an Máthair-Roinn agus an GCC i bhfeidhm leis an RCAC. Aithníonn an Comhaontú Maoirseachta go bhfuil freagracht ar an RTRÁO as roinnt réimsí a bhaineann go díreach le sainchúram an GCC agus sainíonn sé caidreamh an GCC leis an RTRÁO.

Tá Comhaontú Seirbhíse Feidhmiúcháin ina chuid den Chomhaontú Maoirseachta agus díríonn sé ar phríomhthosaíochtaí agus aidhmeanna an GCC. Tugtar sainmhíniú sa chomhaontú ar úinéireacht agus cuntasacht seirbhísí i ndáil le ról agus freagrachtaí gach comhpháirtí lena chinntiú go ndéanfar feidhmeanna reachtúla an GCC a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

Coistí Oireachtais

Cuireann an GCC fáilte roimh an deis teagmháil a dhéanamh le Comhchoistí agus Roghchoistí an Oireachtais agus faisnéis a thabhairt dóibh maidir lena bhfeidhmeanna maoirseachta reachtúla agus riaracháin. I rith 2025, d'fhreastail an GCC ar Chomhchoiste an Oireachtais maidir leis an Aeráid, an Comhshaol agus Fuinneamh ar thopaic an slada ar éisc san Abhainn Mhór i gCorcaigh: agus Comhchoiste an Oireachtais maidir leis an Aeráid, an Comhshaol agus Fuinneamh maidir le baint mhídhleathach móna in Éirinn.

Fochoistí Comh-aireachta

Le linn 2025, d'fhreastail an GCC ar dhá chruinniú Fochoiste Comh-aireachta maidir le Cáilíocht Uisce agus ceann amháin ar Ghníomhú ar son na hAeráide.


Bainistíocht Riosca

Tá an GCC tiomanta dá rioscaí a bhainistiú agus tá creat bainistíochta ar rioscaí i bhfeidhm a dhéanann na forálacha atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh.

Tá Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca (ARC) i bhfeidhm agus tá sé chomhalta seachtrach agus bainisteoir sinsearach amháin de chuid an GCC ina mbaill de. Tacaíonn Coiste Feidhmiúcháin Riosca (CFR) (faoi chathaoirleacht an Phríomhoifigigh Riosca) le hobair an CIR agus tá beirt Stiúrthóirí agus cúigear Bainisteoirí Clár ann. Tugann an CIR, i gcomhar leis an CFR, dearbhú do Bhord an GCC agus tugann siad comhairle maidir le bainistíocht riosca (Fíor 24). Bhí cúig chruinniú ag an CIR agus ceithre chruinniú

ag an CFR le linn 2025. Is mír sheasta í Bainistíocht Riosca ag cruinnithe an CIR.

Thug an CFR faoi mheasúnú riosca cuimsitheach ar Phlean Straitéiseach 2022– 2026 an GCC, agus bhí sé mar aidhm aige aon rioscaí suntasacha a aimsiú chun ár Straitéis a bhaint amach. Tá an Clár Riosca Corparáideach dinimiciúil agus leanann sé de na príomhrioscaí atá roimh an GCC a aithint. Sonraíonn an Clár na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú, chomh maith leis an bhfreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha. Déanann an CFR monatóireacht, cothabháil agus tuairisciú ar an gClár Rioscaí Corparáideacha, agus déanann an CIR athbhreithniú air sula gcuirtear faoi bhráid Bhord an GCC é le haghaidh a bhreathnaithe.



Fíor 24. Caidreamh idir an Coiste Feidhmiúcháin Riosca, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus Bord an GCC

Rinne an GCC measúnú ar rioscaí an GCC trí úsáid a bhaint as na próisis atá leagtha amach sa Pholasáí Bainistíochta Riosca. Déantar achoimre ar na príomhrioscaí a ndearna an GCC bainistíocht orthu in 2025 sa Tábla thíos.

Rioscaí Bainistithe	Freagra
Riosca go gcaillfear córais TFC nó sonraí criticiúla mar gheall ar theagmhais a bhaineann le cibearshlándáil (lena n-áirítear earráid dhaonna).	Tá moltaí an iniúchta inmheánaigh cibearshlándála á gcur i bhfeidhm ag an GCC faoi láthair de réir Bunchaighdeáin an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ina n-áirítear forbairt Creata nua Téarnaimh ó Thubaiste TFC. Leanann an GCC de chultúr feasachta slándála a ardú i measc baill foirne trí chleachtaí míosúla oiliúna feasachta agus fioscaireachta.
Riosca gortaithe tromchúiseacha do bha(i)ll foirne mar gheall ar oibriú i dtimpeallachtaí ardriosca.	Fanann an GCC tiomanta dá Chóras Bainistithe Sláinte agus Slándála a chur i bhfeidhm, agus béim athnuaithe ar bhainistiú rioscaí de bharr a bheith ag tiomáint chuig an obair agus tús áite a thabhairt d'oiliúint spriocdhírthe le haghaidh bainisteoirí agus foirne. Chomh maith leis sin, tá clár piolótach á fhorbairt chun riachtanais Sláinte agus Slándála a chuíchóiriú maidir le gníomhartha nach bhfuil ar siúl sa ghort.
Riosca mainneachtain foireann a bhfuil na scileanna agus an taithí riachtanach acu a earcú agus a choinneáil mar gheall ar mhargadh saothair atá ag éirí níos iomaíche.	Leanann an GCC d'earcú agus coimeád a neartú trí fheachtais spriocdhírthe meán sóisialta agus deiseanna gairmiúla forbartha. Tacaíonn na Beartais agus Nósanna Imeachta um Obair Chumaisc agus Uaireanta Solúbtha Oibre a athbhreithníodh le déanaí le socrúithe solúbtha oibre. Tá úsáid á baint as léargais ón Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaí 2024 ag an nGníomhaireacht, chomh maith lena Bainistíocht Sinsearach agus Líonra Ceannaireachta, chun tuilleadh feabhsuithe i gcultúr eagraíochta agus rannpháirtíocht foirne a spreagadh.
An riosca go dteipfidh ar fhreagairt chuí a thabhairt do Theagmhais Núicléach idirnáisiúnta.	Eagraíonn an GCC Cleachtaí Núicléacha Náisiúnta tréimhsiúla i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) agus glacann páirt i gcleachtaí idirnáisiúnta gach bliain. Glacann an GCC páirt i gcoistí idirnáisiúnta freisin, lena n-áirítear Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (GERSN), Cumann Rialtóirí Núicléach Iarthar na hEorpa agus Cinn na nÚdarás Inniúil um an gCosaint ar Radaíocht (CÚIECR). Is ball é freisin de Ghrúpa Teagmhála na RA-na hÉireann um Ábhair Raideolaíochta agus reáchtálann sé cruinnithe déthaobhacha bliantúla le húdaráis rialála núicléacha na RA. Ghlac an GCC páirt sa phróiseas ullmhúcháin do Mhisean na Seirbhíse Comhtháite um Athbhreithniú Rialála (IRRS) de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA) a cuireadh tús leis i mí Eanáir 2026. Is é cuspóir an Mhisin seo athbhreithniú a dhéanamh ar chreat rialála na hÉireann maidir le sábháilteacht núicléach agus radaíochta i gcoinne chaighdeáin sábháilteachta GIFA.

Iniúchadh Inmheánach

Le linn 2025, cuireadh an clár iniúchta inmheánaigh chun cinn go gníomhach agus cuireadh moltaí ó iniúchtaí roimhe seo i bhfeidhm. I gcomhréir leis an gCód, cuireadh tús le hathbhreithniú ar éifeachtacht an CIR in 2025.

Plean Straitéiseach

Léirítear i bPlean Straitéiseach an GCC 2022-2026 a thiomantas do chomhshaol na hÉireann a chosaint, a fheabhsú agus a athneartú trí rialáil láidir, fianaise láidir eolaíochta agus comhoibriú. Tá an Plean leagtha amach timpeall cúig Thoradh Straitéiseacha, rud a threoraíonn obair eagraíochta uile:

- Is tionchar éifeachtach muid ar son chomhshaol na hÉireann.
- Bainimid úsáid as an méid atá ar eolas againn chun dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide.
- Cuirimid comhshaol atá sláintiúil agus faoi chosaint ar fáil.

- Cuirimid an t-aistriú go táirgeacht agus caitheamh inbhuanaithe chun cinn.
- Cruthaímid cultúr sármhaitheasa, áit a dtacaítear le daoine agus ar féidir leo a ndícheall a dhéanamh.


Rinneadh athbhreithniú ar dhul chun cinn agus pléadh dúshláin atá ag teacht chun cinn in athbhreithniú lár téarma, a chríochnaigh an Córas Bainistíochta Sinsearaí in 2024. Rinne an t-athbhreithniú sin eolas do Phlean Straitéiseach leasaithe, a foilsíodh in Eanáir 2025, rud a thugann nuashonruithe ar ról an GCC le fios agus a chomhtháthaíonn na saincheisteanna tosaíochta a léiríodh i dTuarascáil ar Staid an Chomhshaoil 2024.

Leanann an Líonra Bainistíochta Sinsearaí de mhaoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh lena chinntiú go mbeidh dul chun cinn leanúnach ann maidir le cuspóirí fad-téarmacha comhshaoil an GCC.

Teacht ar Eolas

Tá an GCC tiomanta do bheith ina eagraíocht oscailte agus inrochtana. Tá dhá mhodh ar fáil don chuid sin den phobal nach raibh in ann teacht ar an eolas a bhí de dhíth orthu ar bhealaí malartacha go dtí seo, agus is iad sin an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014 arna leasú, agus na rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaoil (AIE). Foilsíonn an GCC an oiread faisnéise agus is féidir ar bhealach oscailte inrochtana ar bhonn rialta lasmuigh de Shaoráil Faisnéise, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta. Dá réir sin, ceadáítear taifid a fhoilsiú nó a thabhairt lasmuigh den phróiseas saorála faisnéise chomh fada is nach bhfuil cosc air sin de réir dlí ar fhoilseachán nó ar bhronnadh rochtana.

Le linn 2025, fuair an GCC 77 iarratas SF agus bhí cúig cinn eile a tugadh anonn ó 2024. Faoi na Rialacháin AIE, fuair an GCC 111 iarratas agus tugadh 16 eile anonn ó 2024. I bhFíor 25, léirítear na Cinntí a eisíodh bunaithe ar na hiarratais a próiseáladh le linn 2025. Áit a ndiúltaíodh d'iarratais, diúltaíodh do rochtain ar an bhfaisnéis de bharr réimse fáthanna faoin reachtaíocht lena n-áiríodh nuair ba phearsanta, íogair ó thaobh tráchtála de nó faoi rún í an fhaisnéis, nuair nach raibh ann di, nuair a bhí sí san fhearann poiblí nó nuair nach raibh sí i seilbh an GCC; nó go bhféadfaí dochar a dhéanamh d'ionchúiseamh de bharr scaoileadh na faisnéise nó go raibh an fhaisnéis faoi phribhléid de réir dlí.



Fíor 25. Cinntí SF agus AIE, Eanáir go Nollaig 2025

Nochtuithe Cosanta

Ceanglaítear le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, arna leasú, go bhfoilseofar Tuarascáil Bhliantúil gach bliain a bhaineann le líon na nochtadh cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe sin agus aon ghníomhartha a rinneadh mar fhreagra ar nochtadh den sórt sin. Is féidir cóip den tuarascáil seo a fheiceáil nó a íoslódáil sa rannán um Nochtadh Cosanta ar shuíomh Gréasáin an GCC.

Deimhníonn an GCC nach ndearnadh aon nochtadh don GCC mar fhostóir, faoi Alt 6 den Acht le linn 2025.

Faoi Ionstraim Reachtuil Uimh. 339 de 2014, forordaítear d'Ard-Stiúrthóir an GCC a bheith ina fhaighteoir um nochtadh éagóracha iomchuí maidir le gach ábhar a bhaineann le cosaint an chomhshaoil sa Stát. Fuair Ard-Stiúrthóir an GCC, i gcomhthéacs a ról mar Dhuine Forordaithe, 14 nochtadh ó pháirtí lasmuigh den GCC le linn 2025.





8

AGUISÍNÍ

8. AGUISÍNÍ

8.1 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Is é polasaí an GCC ná a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá córais agus nósanna imeachta sonracha curtha i bhfeidhm le gur féidir sonraisc a rianú agus lena chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an dáta dlite.

Tá na rialuithe seo deartha chun cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta agus na Rialachán.

Ní raibh aon íocaíocht mhall in 2025, a raibh luach níos mó ná €317 aici.

Eimear Cotter

An Dr Eimear Cotter
Ard-Stiúrthóir an GCC

Dáta: 14 Bealtaine 2026



8.2 Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí a Ceapadh

Acustica Teo	Fieldfisher
AECOM Éire Teo	Greenville
Arup Consulting	Gartner Ireland Ltd
Ashglebe Infomatics Teo	Geosyntec Consultants Ltd
CBEC Eco-engine	Go West
CDM Smith	Hibernia Evros T/A Eir Evo
RPS Group	Halpin Environmental Teo
APEM Ltd	Ipsos B&A
Wallingford Hydro Solutions	Réitigh Comhtháite Riosca
Byrne Wallace	Kisters
Camp Dresser & McKee (Éire) Teo	KPMG Ireland
Carr Communications Ltd	Mabbett
An Lárionad Éiceolaíochta agus Hidreolaíochta, Ríocht Aontaithe	MKO - McCarthy, Keville & O'Sullivan
CERC (GBP)	PFH Technology
Ionad na Teicneolaíochta Glaine	M-CO
Clever Cat Design Teo	Morrow Communications
Compass Informatics	Ove Arup
Compliance Engineering International	ReidyBrophy Ltd
Conference Partners Ireland Ltd	Ryan Hanley
Cura Terrae Teo	Qualcom
Dataworks	Ricardo
Digital Training Institute	Sonitus Systems
ERINN Innovation Teo	Sweco Ireland Ltd
Eir Evo	Think HR
Envitech	VITO (An Institiúid Phléimeannach um Thaighde Teicneolaíochta)
Córais Mhonatóireachta Comhshaoil (CMC)	SLR Consulting
Ergo	Woodrow Environmental Consultants (Grúpa APEM)
S&W Partners	

Foilseacháin 2025 na GCC

Aer agus Ceimiceáin

Tá na [tuarascálacha aer seo a leanas foilsithe ar láithreán gréasáin an GCC](#):

- Cáilíocht an Aeir in Éirinn 2024
- Bullaitín Bliantúil um Cháilíocht an Aeir 2024
- Comhairliúchán poiblí ar Thríú Uasdátú Dréachta Phlean Náisiúnta Feidhmithe na hÉireann maidir le Truailleáin Leanúnacha Orgánacha (TLOnna)

Corparáideach

Tá na [tuarascálacha corparáideacha seo a leanas foilsithe ar shuíomh Gréasáin an GCC](#):

- Tuarascáil Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa GCC 2024
- Treochlár um Ghníomhú Aeráide an GCC 2025
- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an GCC 2024
- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2024
- Buaicphointí Bliantúla GCC 2024
- Athbhreithniú ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025

Forfheidhmiú

Tá na [tuarascálacha comhlíonta agus forfheidhmithe seo a leanas foilsithe ar shuíomh Gréasáin an GCC](#):

- Achoimre maidir le Clár Náisiúnta na hÉireann um Dhramhaíl a Chosc 2024
- Tuarascáil ar Bhaint Mhídhleathach Móna ar Mhórsála 2025

Measúnú Comhshaoil

Tá na [tuarascálacha measúnaithe comhshaoil seo a leanas foilsithe ar shuíomh Gréasáin an GCC](#):

- An Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil in Éirinn 2024: Leabhrán Achoimre

Údarás Poiblí

Tá an [tuarascáil forfheidhmithe seo a leanas ó údarás poiblí foilsithe ar shuíomh gréasáin an GCC](#):

- Tuarascáil ar Fheidhmiúcht Forfheidhmiúcháin Chomhshaoil na nÚdarás Áitiúil 2024
- Iniúchtaí ar Chóras Cóireála Fuíolluisce Tí 2024
- Tuarascáil Achoimre ar Chlár Náisiúnta Iniúchta Talmhaíochta (CNIT) 2024
- Má Fheictear Rud Éigin Duit, Abair Rud Éigin - Conas gearán comhshaoil a dhéanamh (leasú)
- Tuarascáil GCC ar Dhul Chun Cinn na nÚdarás Áitiúil maidir le Pleananna Gníomhaíochta Fuaime 2024

Geilleagar Ciorclach

Tá na [tuarascálacha seo a leanas ar gheilleagar ciorclach foilsithe ar shuíomh Gréasáin an GCC](#):

- Soláthar Poiblí Glas: Tuarascáil Bhliantúil ar Ghlacadh, ar Mhonatóireacht agus ar Thuairisciú ag Ranna Rialtais (bliain tagartha 2023)
- Sraith Léargas Ciorclach: Gnó le Tomhaltóir (B2C) Fiontair Dheisithe na hÉireann
- Sraith Léargas Ciorclach: Oiliúint agus oideachas maidir le scileanna deisithe in Éirinn
- Sraith Léargas Ciorclach: Staidéar chun tacú le forbairt an Eolaire Náisiúnta um Dheisiú RepairMyStuff.ie sa toadhchái
- Tuarascáil Taighde ar Léargais Iompraíochta: Teicstílí - Suirbhé Náisiúnta ar Dhearcthaí agus Iompair 2024
- Tuarascáil Taighde ar Léargais Iompraíochta: Taighde Tógála agus Scartála 2024
- Tuarascáil Taighde ar Léargais Iompraíochta: Cur Amú Bia - Suirbhé Náisiúnta ar Dhearcthaí agus Iompair 2024
- Tuarascáil Taighde ar Léargais Iompraíochta: Dearcthaí agus Iompair i leith Cur Amú Bia – Léargais Tomhaltóirí le haghaidh Miondíoltóirí Grósaeireachta
- Tuarascáil Taighde ar Léargais Iompraíochta: Deisiú - Suirbhé Náisiúnta ar Dhearcthaí agus Iompair 2024
- Tuarascáil ar Fheidhmiú na Cairte um Dhramhbha (bliain tagartha 2024)
- Measúnú Meántearma ar an bPlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí 2021-2027, lena gcuirtear an Tuarascáil Bhliantúil 2024 san áireamh

Cáilíocht an Uisce

Tá na [tuarascálacha cáilíochta uisce seo a leanas foilsithe ar shuíomh gréasáin an GCC](#), nó ar <https://www.catchments.ie/> mar a sonraítear:

- Cáilíocht Uisce in Éirinn 2019-2024
- Tuarascáil Achoimre ar Cháilíocht Uisce 2019-2024
- Tuarascáil GCC ar Iniúchadh an tslada éisc san Abhainn Mhór Iúil/Lúnasa 2025
- Tuarascáil Táscaire Léargas Luatha: Tiúchan Nítrigine in Aibhneacha Príomha Roghnaithe Eanáir–Meitheamh 2025
- Díriú atá bunaithe ar fhianaise ar bhearta talmhaíochta chun nítrigin i ndobharlaigh a laghdú le cuspóirí cáilíochta uisce a bhaint amach
- Tuarascáil Monatóireachta ar Cháilíocht Uisce ar Thiúchan Nítrigine agus Fosfair in Uiscí na hÉireann in 2024
- Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2024
- Tuarascáil Táscaire Léargas Luatha: Tiúchan Nítrigine in Aibhneacha Príomha Roghnaithe Eanáir–Nollaig 2024
- Liosta de stáisiúin ghníomhacha agus neamhghníomhacha hidreaméadrachta in Éirinn 2025
- 12 fhoilseachán míosúil den Bhuilleán Achoimre Hidreolaíochta (Eanáir 2025 go Nollaig 2025)

Uisce Óil

Foilsíodh na [tuarascálacha seo a leanas ar uisce óil foilsithe ar shuíomh Gréasáin an GCC le linn 2025](#):

- Cáilíocht Uisce Óil i Soláthairtí Poiblí 2024
- Cáilíocht Uisce Óil i nGrúpscéimeanna Príobháideacha agus i Soláthairtí Beaga Príobháideacha 2024
- Tuarascálacha Iniúchta Uisce Óil 2025
- Teimpléid Treorach agus Tuairiscithe le haghaidh Measúnú Riosca agus Bainistiú Riosca Soláthairtí Poiblí agus Príobháideacha ag an bhFoinse

Dramhuisce

Tá na [tuarascálacha dramhuisce seo a leanas foilsithe ar shuíomh Gréasáin an GCC](#):

- Cóireáil Dramhuisce Uirbigh in 2024

Athrú Aeráide

Tá na [tuarascálacha seo a leanas ar athrú aeráide foilsithe ar shuíomh gréasáin an GCC](#):

- An Staidéar ar Athrú Aeráide in Intinn na hÉireann Céim 2 Tuairisc Léargais 4 Rannpháirtíocht
- An Staidéar ar Athrú Aeráide in Intinn na hÉireann Céim 2 Tuairisc Léargais uimh. Inniúlacht Chomhshaoil 3
- An Staidéar ar Athrú Aeráide in Intinn na hÉireann Céim 2 Tuairisc Léargais uimh. 1 Céim na Beatha
- An Staidéar ar Athrú Aeráide in Intinn na hÉireann Céim 2 Tuairisc Léargais 2: Geilleagar Pearsanta
- Achoimre le haghaidh Lucht Déanta Beartas maidir le Measúnú Riosca Náisiúnta ar an Athrú Aeráide
- Príomhthuarascáil ar an Modh Náisiúnta Measúnaithe Riosca um Athrú Aeráide 2025
- Measúnú Riosca Náisiúnta ar an Athrú Aeráide: Tuarascáil Chomhairliúcháin
- Tuarascáil Theicniúil ar an Modh Náisiúnta Measúnaithe Riosca um Athrú Aeráide
- Astaíochtaí Sealadacha Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann 1990-2024
- Réamh-mheastacháin maidir le hAstaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann 2024-2055
- Astaíochtaí Truailleán Aeir na hÉireann 2023 (1990-2030)
- Astaíochtaí Deiridh Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann 1990-2023
- Aighneachtaí Fhardal Náisiúnta na hÉireann 2025 (lena n-áirítear NID agus CRT)
- Aighneacht UNECE na hÉireann 2025
- Tuarascáil um Dhíriú ar Oiriúnú 2024
- Gáis Ceaptha Teasa: Forléargas domhanda le náisiúnta ar thionchair, ar threochtaí agus ar bheartas 2025
- Dearcthaí agus Inniúlacht i leith an Chomhshaoil sa Státseirbhís (DICS) 2025
- Tuarascáil Ráithiúil ar Tháscaire Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa 2024 Ráithe 3
- Tuarascáil Ráithiúil ar Tháscaire Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa 2024 Ráithe 4
- Tuarascáil Ráithiúil ar Tháscaire Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa 2025 Ráithe 1
- Tuarascáil Ráithiúil ar Tháscaire Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa 2025 Ráithe 2

Dramhaíl

Tá na [tuarascálacha dramhaíola seo a leanas foilsithe ar shuíomh Gréasáin an GCC](#):

- Liosta Treorach Dramhaíola (LD) (Cáipéis Treorach agus Ceistanna LD)
- Monatóireacht bhreithe ar Shubstaintí Sárfhluarailcile agus Polafluairilcile (SPFA) ag láithreáin spriocdhírthe intíre uisce dromchla 2024
- Measúnú Meántearma ar an bPlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí 2021-2027, lena gcuirtear an Tuarascáil Bhliantúil 2024 san áireamh

[Tá Staitisticí Dramhaíola foilsithe ar shuíomh gréasáin an GCC](#):

- Sonraí Dramhaíola Cathrach 2023
- Sonraí Dramhaíola ó Phacáistíocht 2023
- Sonraí Dramhaíola Thógála agus Scartála 2023
- Sonraí Dramhbhia 2023
- Sonraí maidir le Feithicil a bhfuil a ré caite 2023
- Sonraí dramhaíola maidir le fearas leictreach agus leictreonach (DFLL) 2023
- Sonraí Dramhaíola In-Bhithmhillte Chathrach 2023
- Sonraí faoi Dhramhaíl Ghuaiseach 2023
- Sonraí faoi Dhramhaíl Ghuaiseach 2024
- Sonraí Dramh-ola 2023



Radaíocht

Foilsítear na [tuarascálacha radaíochta seo a leanas ar shuíomh gréasáin an GCC](#):

- Grafaic Eolais maidir le Monatóireacht Radaíochta in Éirinn
- Bileog maidir le Suirbhé Náisiúnta Thoran 2025

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Tá an [tuarascáil seo a leanas ón MST foilsithe ar shuíomh gréasáin an GCC](#):

- Nóta Treorach Dea-Chleachtais: MST agus Comhtháthú

Tuarascálacha Taighde Comhshaoil

Foilsíodh na [tuarascálacha taighde seo a leanas foilsithe ar shuíomh Gréasáin an GCC](#):

Aghaidh a thabhairt ar Riachtanais Fianaise maidir le hAthrú Aeráide

- Taighde 476: Cainníochtú an Limistéir Talún a dhóigh Falscailthe agus Gnáthóga a raibh Tionchar ag na Falscailthe sin orthu in Éirinn, 2015-2021, agus na hAstaíochtaí dá mbarr
- Taighde 481: Dul i ngleic leis na Baic Eacnamaíocha Pholaitiúla ar Oiriúnú Aeráide in Éirinn
- Taighde 483: Athléimneacht Chóir agus Oiriúnú in Éirinn (JustAdapt)
- Taighde 495: CTHÉ: Uasdátú agus Leathnú Córais Éireannaigh Tagartha Hidriméadrachta chun monatóireacht a dhéanamh ar chomharthaí aeráide
- Taighde 497: Leibhéil Ózóin in Éirinn a Thuiscint
- Taighde 498: Táscairí Éifeachtaí ó Thruailliú an Aeir in Éiceachórais le Monatóireacht a Dhéanamh orthu faoin dTreoir Náisiúnta um Ghealltanais Laghdaithe Astaíochtaí an AE
- Taighde 500: Athléimneacht i nGníomhú ar son na hAeráide a Oibríochtú (AGAO)
- Taighde 501: Tionchar imeachtaí adhaimsire ar éiceachórais - Staidreamh scóipe

Comhshaol sláintiúil a Sheachadadh

- Taighde 480: PestMan: Bainistiú Lotnaidicide um Cháilíocht Uisce Níos Fearr
- Taighde 491: Geilleagair Chiorclacha a Phríomhshruthú Trí Chomhoibriú agus Trí Chomhchruthú (MainCirc)
- Taighde 496: INHALE: Nasc Sláinte agus Cáilíochta Aeir na hÉireann ar Bhonn Náisiúnta

Geilleagar Ciorclach agus Glas a Éascú

- Taighde 478: Amhábhair Rithábhachtacha d'Éirinn ar mhaithe le Geilleagar Ciorclach atá éifeachtúil ó thaobh acmhainneachta de (CIRCLE)
- Taighde 479: Athbhreithniú ar Gheilleagar Ciorclach agus ar Rialachas Bithgheilleagair in Éirinn
- Taighde 487: Taighde ar an gComhshaol, Sláinte, Iompar Tomhaltóra agus an Geilleagar: Clár Taighde Comhshaoil an ITES 2022–2024
- Taighde 488: Léarscáiliú, Measúnú agus Monatóireacht Gnáthóige le hÍomhánna Ardaifigh ó Aerfheithicil gan Foireann (iHabiMap)
- Taighde 489: Tionscadal um Straitéisí le Cailíocht Uisce ó Thailte Portaigh Bainistithe a Fheabhsú (SWAMP)
- Taighde 492: An Intleacht Shaorga mar Chumasóir an Gheilleagair Chiorclaigh
- Taighde 499: Ról Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann san Aistriú chuig Geilleagar atá Níos Ciorclaí
- Taighde 502: Geilleagair Chiorclacha a Phríomhshruthú Trí Chomhoibriú agus Trí Chomhchruthú (MainCirc)



Ár gComhshaol Nádúrtha a Chosaint agus a Athchóiriú

- Taighde 473: Murlaigh Chósta: Éiceolaíocht agus Athchóiriú (CLEAR)
- Taighde 474: STEP_WISE: Eipidéimeolaíocht Spás-ama Príomhionfhabhtuithe Uisce-Iompartha - Cripteaspóiridiam agus VTEC
- Taighde 475: Monatóireacht atá bunaithe ar éifeacht ar Thruailliú Cógaisíochta in Éirinn
- Taighde 477: DESIGN – Aimsiú Foinsí comhshaoil Galair Thógálaigh i Líonraí Screamhuisce
- Taighde 482: Tionchair Thalmhaíochta ar Chailíocht Uisce a Mhaolú trí Mhalartú Taighde agus Eolais
- Taighde 484: Creat um Lochanna Olagatrófacha (3110 agus 3160) a Thréithriú agus Modhanna Praicticiúla agus Uirlisí Measúnaithe á n-úsáid
- Taighde 485: Sainbhainistiú agus Díriú Láidir Criosanna Maolánacha Bruachánacha
- Taighde 486: Monatóireacht Réamhghníomhach Optúil ar Ábhar Orgánach Tuaslagtha Dobharlaigh um Chosaint Foinse Uisce Óil (PRODOM)
- Taighde 490: An tábhacht le Timthriall Cothaitheach Fisiciceimiceach agus Carbón i Saincheantair Idirthréimhseacha Muirí (Nuts & Bolts)
- Taighde 493: Uirlisí Bitheolaíochta chun Tionchar Sreafa ar Éiceolaíocht in aibhneacha na hÉireann a Thomhas
- Taighde 494: Dearcadh Straitéiseach ar Bhearta um Choimeád Uisce Nádúrtha
- Taighde 503: CTHÉ: Uasdátú agus Leathnú Córais Éireannaigh Tagartha Hidriméadrachta chun monatóireacht a dhéanamh ar chomharthaí aeráide

Modh Mear Ar Bheartas - Tuarascálacha Sintéise Fianaise

- Tuarascáil Sintéise Fianaise 5: Staidéar ar an Riosca níos mó Creimthe le hÚsáid Eistir Mheitile d'Aigéid Shailleacha (FAME) mar Bhreiseán Díosail
- Tuarascáil Sintéise Fianaise 6: Creat Táscaire Aistrithe Chóir d'Éirinn | an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- Tuarascáil Sintéise Fianaise 7: Dóchúlacht go dtarlódh Imeacht Bláis Loch nEathach in Éirinn a Scrúdú





9

Ráitis Airgeadais

9. RÁITIS AIRGEADAIS

9.1 Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí 2025

Rialachas

Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) a bunaíodh faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, arna leasú (an tAcht). Tá an GCC faoi choimirce na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC). Tá freagracht ar an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRAO) freisin as roinnt réimsí a bhaineann go díreach le sainchúram an GCC.

Tá an GCC á bhainistiú ag Bord Feidhmiúcháin lánaimseartha (an Bord) ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóirí. Is é an tArd-Stiúrthóir Cathaoirleach an Bhoird agus Príomhfheidhmeannach oibríochtúil an GCC. Comhlíonann an Bord feidhmeanna rialachais (Bord) agus feidhmeanna bainistíochta (Feidhmiúcháin) araon agus déanann sé na tascanna sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. De réir an Achta, is feidhm an Ard-Stiúrthóra a chinntiú go ndéantar gnó an GCC a chomhlíonadh go héifeachtúil. Tá gníomhaíochtaí an GCC eagraithe i gcúig Oifig, agus tá freagracht oibríochtúil ag gach Stiúrthóir as Oifig.

Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí ceaptha ag an Rialtas i gcomhréir le hAilt 21 agus 24 den Acht. Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí freagrach don Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC). Tá an tArd-Stiúrthóir freagrach don Oireachtas tríd an gCoiste um Chuntais Phoiblí.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá raon leathan cumhachtaí agus dualgas deonaithe don GCC faoin Acht don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, mar atá leasaithe agus reachtaíocht ábhartha eile i leith an chomhshaoil agus chosaint radaíochta.

I dteannta le freagrachtaí atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód) agus san Acht, tá freagrachtaí sonracha rialachais agus bainistíochta ar Bhord an GCC mar Bhord Comhlachta Stáit, lena n-áirítear:

- déanamh cinnte go gcomhlíonann an comhlacht a chuid freagrachtaí mar atá leagtha amach le reacht nó in ord aireachta;
- ceannaireacht, fis agus treoir a thabhairt don chomhlacht;
- misean an chomhlachta a shainiú, cinneadh ar a chuspóirí straitéiseacha agus na beartais a fhorbairt a theastaíonn chun na spriocanna sin a bhaint amach;

- dea-bhainistíocht a chinntiú, monatóireacht a dhéanamh ar éachtaí na bainistíochta agus cinntiú go mbaintear amach cothrom ceart idir ról an bhoird agus ról na bainistíochta faoi seach;
- spriocanna feidhmíochta a shocrú, lena n-áirítear príomhspríocanna airgeadais agus, go háirithe, aontú ar an mbuiséad agus dlúthmhonatóireacht a dhéanamh air;
- déanamh cinnte go n-iompraíonn an comhlacht é féin go heiticiúil agus ar bhealach a réitíonn le luachanna lárnacha an chomhlachta; agus,
- ról an chomhlachta sa phobal a shainiú agus a chur chun cinn trí mheicníochtaí a fhorbairt chun tuairimí custaiméirí agus páirtithe leasmhara a bhailiú agus trí dhaoine a choimeád ar an eolas ar bhealach oscailte, cuntasach agus freagrach.

Ó thaobh na reachtaíochta de, tá freagracht ar an mBord as bainistíocht an GCC, ach le haghaidh cuspóirí praiticiúla, tá cumhacht aige freagracht a tharmligean do bhaill foirne eile le haghaidh cuspóirí oibriúcháin. Faoi réir alt 25(6) den Acht go bhféadfaidh an GCC aon cheann dá feidhmeanna a chomhlíonadh nó a fheidhmiú trí aon stiúrthóir nó duine nó comhlacht eile a bheidh údaraithe go cuí ag an GCC chuige sin.

Ó bunaíodh an GCC, tá cumhachtaí lánroghnacha tarmligthe ag an mBord chuig leibhéil éagsúla sa GCC. Leanann tarmligean na gcumhachtaí ar aghaidh ag méadú agus an GCC ag fáil feidhmeanna reachtaíochta breise le himeacht ama.

Leagtar amach i bPlean Straitéiseach an GCC 2022-2026 na gníomhartha tosaíochta a ndéanfaidh an GCC chun ár misean a chomhlíonadh i dtaca lenár gcomhshaol a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú. Críochnaíodh athbhreithniú meántearma ar Phlean Straitéiseach an GCC 2022-2026 in 2024.

Tá obair agus freagrachtaí GCC leagtha amach sna nithe seo a leanas: i bPlean Straitéiseach an GCC; i gClár Oibre an GCC; agus sa Chomhaontú Maoirseachta leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Cumarsáide agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Gach mí, bíonn cruinniú tiomnaithe ag an mBord faoi cheisteanna rialachais agus bainistíochta a chuimsíonn, ach nach bhfuil teoranta do na rudaí seo a leanas:

- Leasanna a dhearbhu;
- Tuarascálacha um dhul chun cinn ó Oifigí aonair;
- Bainistíocht airgeadais;
- An Plean Straitéiseach a chur i bhfeidhm;
- Bainistíocht cumarsáide;
- Saincheisteanna Rialachais Chorporáidigh (lena n-áirítear Iniúchóireacht Inmheánach agus Bainistíocht Riosca) agus,

▲ Acmhainní daonna agus saincheistean soláthair foirne. De réir Ailt 50 den Acht, ceanglaítear ar an GCC na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé nó a chaitheann sé a choinneáil i cibé bealach a cheadóidh an tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Agus an GCC ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir dó:

- ▲ beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- ▲ breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- ▲ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag oibriú; agus,
- ▲ dearbhú gur leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon neamhchomhlíonta ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an GCC freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta am ar bith, a staid airgeadais, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAilt 50 den Acht. Baineann an fhreagracht i dtaca le cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáide agus airgeadais leis an Ard-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí.

Tá freagracht ar an mBord as an bplean bliantúil agus an buiséad a cheadú. Déantar monatóireacht ar bhonn míosúil ar fheidhmíocht an GCC trí thuairiscí ar an dul chun cinn maidir le Torthaí Straitéiseacha & Eatramhacha an GCC a chur faoi bhráid an Bhoird. Cuireadh iniúchadh ar Chlár Oibre an GCC le haghaidh dheireadh na bliana 2025 i gcrích, agus cuireadh Tuarascáil ar Bhainistíocht Airgeadais le haghaidh dheireadh na bliana 2025 faoi bhráid an Bhoird i mí Feabhra 2026.

Tá an GCC freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is é tuairim an Bhoird go dtugtar léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an GCC ar an 31 Nollaig 2025 i ráitis airgeadais an GCC.

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta d'Ard-Stiúrthóir agus de chúigear Stiúrthóirí eile, duine amháin díobh a ghníomhaíonn mar Leas-Ardstiúrthóir, agus iad go léir ceaptha ag an Rialtas. Ceaptar an tArd-Stiúrthóir ar feadh tréimhse seacht mbliana agus ceaptar na Stiúrthóirí eile ar feadh tréimhse cúig bliana. Féadfar an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí faoi seach a athcheapadh ag an Rialtas ar feadh dara tréimhse oifige nó tréimhse oifige eile ina dhiaidh sin.

Leis na riachtanais a eascraíonn ón larscríbhinn a ghabhann leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, ar Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, moltar go ndéanfaidh Boird Stáit ionadaíocht 40% idir mhná agus fhir a bhaint amach ar Bhoird Stáit. Leagtar amach in Ailt 21 agus 24 den Acht fán GCC faoi seach na nósanna imeachta a bhaineann le hArd-Stiúrthóir agus Stiúrthóirí an GCC a cheapadh. Roghnaíonn coiste, de réir mar atá forordaithe san Acht fán GCC, Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóirí an GCC agus ceapann an Rialtas iad trí phróiseas earcaíochta oscailte. Agus na Stiúrthóirí á roghnú, tá an coiste ag féachaint d'eolas agus do thaithí, lena n-áirítear taithí ábhartha ar chúrsaí comhshaoil nó ar chúrsaí cosanta raideolaíocha. Ba é cothromaíocht inscne Bhord an GCC ná 33% díobh a bheith ina mná agus 67% díobh a bheith ina bhfir amhail an 31 Nollaig 2025.

Tháinig an Bord le chéile le haghaidh cruinnithe ginearálta Boird dhá huair déag in 2025. Tugtar mionsonraí sa tábla thíos maidir leis an dáta ar ceapadh comhaltáí a bhí ar an mBord le linn 2025.

Ball den Bhord	Ról	Dáta Ceaptha
An Dr Laura Burke	Ard-Stiúrthóir	8 Samhain 2011**
An tUasal Gerard O'Leary***	Leas-Ardstiúrthóir	8 Bealtaine 2012**
An Dr Micheál Lehane***	Stiúrthóir	1 Bealtaine 2016*
An Dr Eimear Cotter	Stiúrthóir Leas-Ardstiúrthóir	1 Meán Fómhair 2017* 27 Bealtaine 2025
An Dr Tom Ryan	Stiúrthóir	25 Lúnasa 2018*
An tUasal David Flynn	Stiúrthóir	23 Deireadh Fómhair 2023
An tUasal Darragh Page	Stiúrthóir	24 Meitheamh 2025
An tUasal Patrick Byrne	Stiúrthóir	1 Deireadh Fómhair 2025

* Dara téarma ** Tríú téarma *** Ar scór in 2025

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) bunaithe ag an GCC ar a bhfuil seisear comhaltaí seachtracha agus aon chomhalta amháin ó Bhainistíocht Shinsearach GCC. Ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chuid freagrachtaí as ceisteanna riosca, rialaithe agus rialachais, agus an chinnteacht a bhaineann leo. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach,

cinntíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha, gníomhaíochtaí iniúcháireachta san áireamh. Bíonn cruinnithe rialta ag Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an tArd-Stiúrthóir agus tugann an Cathaoirleach tuairisc don Bhord ar fheidhmíocht an choiste uair amháin sa bhliain ar a laghad.

Bhí cúig chruinniú ag an CIR in 2025. Tá ballraíocht an CIR ag deireadh 2025 leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Comhalta CIR	Ról	Dáta Ceaptha
An tUasal Damian Allen	Comhalta agus Cathaoirleacht	1 Deireadh Fómhair 2023**
An tOllamh Áine Ryall	Comhalta	20 Deireadh Fómhair 2020*
An tUasal Raymond Smith	Comhalta	20 Deireadh Fómhair 2020*
An tUasal Harvey Bradshaw	Comhalta	1 Márta 2022*
An tUasal David Owens	Comhalta	13 Nollaig 2022*
Colette Byrne Uasal	Comhalta	1 Deireadh Fómhair 2023
Janet Humphreys Uasal	Comhalta	10 Nollaig 2024

* Dara téarma ** Ceapadh mar Chathaoirleach an 29 Samhain 2024

Fochoistí an Bhoird

Tá dhá Fhochoiste Boird bunaithe ag an mBord.

1. **Fochoiste TFC an Bhoird:** Lean Fochoiste an Bhoird TFC air, ina bhfuil beirt Stiúrthóirí (a méadaíodh go triúr i mí na Samhna) agus arna tacú ag triúr Clárbhainisteoirí, chomh maith le Foireann Bainistíochta Shinsearach TCF, lena ról rialachais agus maoirseachta le linn 2025. Déanfar athbhreithniú ar théarmaí tagartha don choiste seo in 2026.

Bhí 10 gcrúinniú ag Fochoiste an Bhoird TCF in 2025, cúig chruinniú a bhí ina bhfochruinnithe a bhí ar siúl chun aighneacht na míreanna soláthair a cheadú amháin do chruinniú Fhochoiste Bhoird GCC níos déanaí sa mhí.

2. **Fochoiste an Bhoird um Dhaoine agus Cultúr:** Tá triúr Stiúrthóir ann ar Fhochoiste an Bhoird um Dhaoine agus Cultúr. Rinneadh athbhreithniú ar théarmaí tagartha Fhochoiste an Bhoird um Dhaoine agus Cultúr in 2025, agus ról a leasaíodh go:
- cultúr na ceannasaíochta, na forbartha agus an fheidhmiúcháin a chothú,
 - ceannasaíocht na ndaoine, na forbartha agus an chomhionannais a chur ar fáil,
 - cultúr na Sláinte, na Sábháilteachta agus na Folláine a thacú sa GCC.

Bhí seacht gcrúinniú ag Fochoiste an Bhoird um Dhaoine agus Cultúr le linn 2025.

Coistí Comhairleacha/ Comhairliúcháin Seachtracha

Chomh maith leis sin, cuirtear comhairle ar an mBord ag na coistí seachtracha lárnacha seo a leanas, ar bunaíodh gach ceann díobh faoi reachtaíocht:

- Coiste Comhairleach an GCC;
- An Coiste Comhairleach um Dhumpáil ar Muir;
- An Coiste Comhairleach ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (OGM);
- Coiste Comhairleach um Shláinte; agus,
- Coiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch.

Sceideal an Fhreastail, na dTáillí agus na Speansas

Tionóladh 12 chruinniú den Bhord Ginearálta le linn 2025. Tá sceideal an fhreastail ar chruinnithe den Bhord Ginearálta le haghaidh 2025 leagtha amach thíos. Tá na caiteachais arna dtabhú do thaisteal agus cothabháil chuig cruinnithe an Bhoird ag oifigí an GCC.

Líon na gcrúinnithe	Den Bhord: Ar Freastalaíodh orthu/ As a d'fhéadfadh bheith ar siúl	Táillí 2025 €	Costais 2025 €
An Dr Laura Burke	11/12	0	243
An tUasal Gerard O'Leary*	4/4	0	207
An Dr Micheál Lehane*	8/9	0	0
An Dr Eimear Cotter	12/12	0	1,777
An Dr Tom Ryan	11/12	0	1,630
An tUasal David Flynn	11/12	0	930
An tUasal Darragh Page**	6/6	0	0
An tUasal Patrick Byrne**	3/3	0	78
Iomlán			4,865

* Ar scor in 2025 ** Ceapadh in 2025

Tá sceideal an fhreastail ar chruinnithe an CIR le haghaidh 2025 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

Líon na gcrúinnithe	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca: I láthair/ As a d'fhéadfadh bheith i láthair	Táillí 2025 €	Costais 2025 €
An tOllamh Áine Ryall	5/5	0	441
An tUasal Raymond Smith	5/5	0	446
An tUasal Harvey Bradshaw	5/5	0	510
An tUasal David Owens	4/5	0	186
An tUasal Damian Allen	5/5	2,351	282
Colette Byrne Uasal	5/5	0	380
Janet Humphreys Uasal	4/4	0	214
Iomlán		2,351	2,459

Nochtaí a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an GCC riachtanais uile an Chóid, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

Mionsonrú ar Shochair na bhFostaithe Gearrthéarmacha

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 leagtha amach i Nóta 8 (c) leis na ráitis airgeadais.

Costais Sainchomhairleoireachta

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas na comhairle eachtraí a thugtar don bhainistíocht ach ní chuimsíonn siad feidhmeanna ‘gnó mar is gnách’, oiliúint foirne agus soláthraithe forbartha.

	2025 €	2024 €
Comhairle Dlí, Soláthar Airgeadais Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe san áireamh	1,248,213	1,099,307
Luacháil Achtúireach ar Scéim na bPinsean	5,621	5,351
Sainchomhairleoireachtí Acmhainní Daonna	23,154	27,531
Caidrimh Phoiblí	152,989	173,342
Iníúchadh Inmheánach & Rialachas Corparáideach	68,696	96,617
Sainchomhairleoireacht agus Comhairle maidir le Soláthar	36,177	43,364
Straitéis & Comhairliúchán Boird	25,264	41,451
Costais Chomhairliúcháin Iomlána	1,560,114	1,486,963

D’fhéadfaí costais an Chomhairliúcháin a leagadh amach thuas a bheith éagsúil ó bhfigiúr an Chomhairliúcháin a tuairiscíodh i Nóta 13 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB). Is amhlaidh sin toisc go ndéantar taifid ar nithe, amhail Comhairle Dlí, Caidreamh Poiblí, agus Iníúchadh Inmheánach, faoi cheannteidil chaiteachais éagsúla laistigh den RAB seachas faoin gComhairliúchán.

Costais Dhlíthiúla agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus nósanna imeachta idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsíonn sé seo speansais a thabhaítear maidir le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a fuair an GCC a nochtar sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

	2025 €	2024 €
Táillí dlí – imeachtaí dlí	232,261	272,237
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	0	0
Socraíochtaí	0	0
Iomlán	232,261	272,237

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

	2025 €	2024 €
Intíre		
– Bord	55,486	63,241
– Fostaithe	1,557,495	1,373,073
Idirnáisiúnta		
– Bord	14,121	28,639
– Fostaithe	224,122	170,749
Iomlán	1,851,224	1,635,702

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2025 €	2024 €
Fáilteachas foirne*	23,958	19,076
Fáilteachas eile	0	0
Iomlán	23,958	19,076

* Áirítear ann Clár Cúnaimh d’Fhostaithe agus ranníocaíochtaí le Clubanna Spóirt agus Sóisialta Foirne.

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord an Cóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cóid. Chloígh an GCC leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2025.

Sínithe thar ceann an Bhoird.



An Dr Eimear Cotter
Ard-Stiúrthóir an GCC

23 Meitheamh 2026

9.2 Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach 2025

1. Scóip na Freagrachta

Thar ceann Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), aithním an chomhfhreagracht atá ar na Stiúrthóirí as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear go himmheánach córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh maidir le cuntais GCC a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an GCC a chomhlíonadh. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh (2016).

2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint agus idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go mbraitear iad go tráthúil. Cé gur féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh athrú le himeacht ama, déanann an GCC athbhreithniú agus uasdátú ar na córais sin mar is gá.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm sa GCC don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí an dáta a rinneadh na ráitis airgeadais a cheadú.

3. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe chun Rialú Inmheánach Éifeachtach a Sholáthar

i) Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe

Rinne an Bord Feidhmiúcháin (an Bord) athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha a tháinig chun críche i mí Feabhra 2026. Agus iad ag tabhairt faoin athbhreithniú sin rinne na Stiúrthóirí an méid seo a leanas a mheas:

- Sonraí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánacha in 2025, lena n-áirítear Bainistiú Riosca, Bainistiú Airgeadais, Iniúchóireacht Inmheánach, Eitic, Córais Faisnéise, Pleanáil agus Tuairisciú Gnó,
- Tuairisc ar Chomhlíontacht TF 2025,
- Tuarascáil Bhliantúil ar Chomhlíonadh Reachtaíocht Chorparáideach 2025,
- Tuarascáil ar Chomhlíonadh Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa 2025,
- Ráitis Dearbhaithe um Bainistiú Riosca 2025,

- Tuarascáil Chathaoirleach an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca 2025,
- Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha 2025, agus
- Tuarascáil Chathaoirleach an Coiste um Iniúchóireacht & Riosca 2025.

Cuireadh Ráitis Bhliantúla Dearbhaithe maidir le Freagrachtaí Buiséadacha le haghaidh 2025 faoi bhráid Bhord an GCC ag a gcuinniú i mí Eanáir 2026 i gcomhréir le forálacha Lámhleabhar Airgeadais an GCC.

ii) Sárúithe ar Rialú

Níor tuairiscíodh aon sárúithe ar rialú in 2025.

iii) Caillteanais Ábhartha nó Calaois

Níor tuairiscíodh aon chaillteanais ábhartha ná calaois in 2025.

iv) Athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) de chuid an GCC agus na Stiúrthóirí athbhreithniú ar an Ráiteas seo ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh 2025 i mí Feabhra 2026 lena chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn 2025.

v) Céimeanna a Glacadh Chun

Timpeallacht Chuí Rialaithe a Chinntiú

Tá céimeanna glactha ag Stiúrthóirí an GCC chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú laistigh den GCC leis na nithe seo a leanas:

- Plean Straitéiseach GCC 2022–2026 a fhorbairt agus a fhoilsiú. Foilsíodh an straitéis seo, arb í an séú ceann de chuid an GCC í, i mí na Bealtaine 2022 agus leagtar amach inti an méid atá beartaithe againn a bhaint amach sna cúig bliana chun ár sainordú agus ár gcuspóir a chur i bhfeidhm maidir leis an gcomhshaol a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú trí rialú, eolas eolaíochta agus obair le daoine eile. Rinneadh athbhreithniú meántearma ar an bPlean Straitéiseach in 2024 chun an dul chun cinn i dtreo na dTorthaí Straitéiseacha a mheasúnú agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí beartaithe de réir mar is gá.
- Clár oibre mionsonraithe a chomhaontú gach bliain agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go míosúil ar dhul chun cinn in aghaidh an chláir oibre sin.
- Cruinnithe Boird a reáchtáil go rialta, lena n-áirítear cruinnithe míosúla den lucht bainistíochta ina mbíonn saincheisteanna straitéiseacha san áireamh sa chlár oibre, amhail Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais, Straitéis Chorparáideach agus cúrsaí Acmhainní Daonna.
- Lámhleabhar Airgeadais GCC agus sraith de bheartais agus nósanna imeachta airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm chun gnéithe suntasacha airgeadais de ghnó an GCC a rialú.

- Cloí le Creat Rialachais Chorporáidigh a sholáthraíonn achoimre shoiléir chuimsitheach ar na príomhghnéithe de rialachas corparáideach le haghaidh na Stiúrthóirí agus na bainisteoirí sinsearach.
- Sceideal cuimsitheach ar shocrúithe árachais a choimeád chun leasanna an GCC a chosaint.
- Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) a bhunú agus a choinneáil. (Féach ar Chuid 3(ix) Monatóireacht ar Éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach)
- Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca a chur i bhfeidhm, Coiste Feidhmiúcháin Riosca (CFR) agus Príomhoifigeach Riosca a cheapadh. (Féach ar Chuid 3(vi) Creat Riosca agus Rialaithe)
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chloí le reachtaíocht corparáideach i gcomhréir le Beartas GCC.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú, feidhmeanna oiriúnacha a tharmligean, agus polasaithe agus nósanna imeachta uile GCC a athbhreithniú agus a fhaomhadh.
- Cód Iompraíochta Gnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh de réir na gceanglas sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- Cinntiú go gcomhlíontar ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus Ailt 37 agus 38 d'Acht an GCC, 1992, a bhaineann le Leasanna a Dhearbhú agus a Nochtadh.
- Meicníochtaí a bhunú lena háirithiú go bhfuil sláine na gcóras GCC um theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) leordhóthanach, lena n-áirítear;
 - bunú beartas cuí agus nósanna imeachta cuí um rialú,
 - struchtúir eagraíochtúla éifeachtacha lena n-áirítear dealú cúraimí
 - freagracht as athbhreithnithe agus measúnachtaí sonracha ar chórais TFC a tharmligean chuig an aonad iniúchta inmheánaigh trí phróiseas na bPleananna Bliantúla um Iniúchadh Inmheánach.

Ó thaobh na reachtaíochta, tá freagracht ar an mBord as bainistíocht GCC, ach tá cumhacht aige freagracht a tharmligean do chomhaltaí foirne eile le haghaidh cuspóirí oibriúcháin. Faoi réir alt 25(6) den Acht GCC féadfaidh an Gníomhaireacht aon cheann dá feidhmeanna a chomhlíonadh nó a fheidhmiú trí aon stiúrthóir nó trí aon duine eile nó aon chomhlacht a bheidh údaraithe go cuí ag an GCC chun na críche sin. Tugtar freagracht oibriochtúil as obair an GCC a dhéanamh do na Clárghabhainisteoirí atá i gceannas ar fheidhmeanna éagsúla.

Ó bunaíodh an GCC, tá cumhachtaí lánroghnacha tarmilgthe ag Bord na Gníomhaireachta chuig leibhéil éagsúla sa GCC. Tá fás leanúnach ag teacht ar tharmligean cumhachtaí de réir is a shanntar tuilleadh freagrachtaí

reachtúla don GCC le himeacht ama. Coimeádann an GCC clár cuimsitheach de reachtaíocht chomhshaoil ábhartha, clár de chumhachtaí tarmilgthe ag an mBord agus Feidhmeanna Forchoimeáda an Bhoird. Tá córas i bhfeidhm ina ndéantar monatóireacht ar Leabhar Reachtanna na hÉireann gach mí agus tuairiscítear reachtaíocht ar bith a thugann freagrachtaí don GCC chuig an mBord agus iarrfar ar cheaduithe na dtoscaireachtaí. Nuashonraíodh na clárúcháin ansin agus cuireadh ar fáil iad chuig foireann an GCC uile.

vi) Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an GCC a aithníonn agus a thugann tuairisc ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ghlacadh chun déileáil leo agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Críochnaíodh athbhreithniú riosca cuimsitheach ar Phlean Straitéiseach an GCC 2022– 2026 in 2023. Aithníodh aon sainrioscaí do bhaint amach ár Straitéis agus áiríodh iad ar Chlár Rioscaí Corparáideacha. Sa bhliain 2024, rinne an GCC nuashonrú ar a Bheartas Bainistíochta Riosca agus chuir sé a Ráiteas ar Inghlacthacht Riosca san áireamh. Tá sé mar aidhm ag an Ráiteas sin a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí glactha riosca laistigh de theorainneacha inghlactha. Tá Beartas agus Struchtúir Bainistíochta Riosca an GCC fós ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Aithnítear sa Chlár Rioscaí Corparáideacha na rioscaí lárnacha atá os comhair an GCC agus tugtar sonraí ann faoi na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú, chomh maith leis an bhfreagracht as oibriú rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha. Déantar an Clár Rioscaí Corparáideacha a fhorbairt agus a bhainistiú ag an gCoiste Feidhmiúcháin Riosca agus a athbhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus cuirtear i láthair do Bhord an GCC é lena cheadú. Chomh maith leis sin, rinneadh measúnú riosca ar sheirbhísí criticiúla mar chuid de Thionscadal um Leanúnachas Gnó.

Cuireann gach Stiúrthóir ráitis urrúis leathbhliantúla ar fáil don Bhord ina nglactar le freagracht as nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an gClár Rioscaí dá nOifig féin agus as a chinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm.

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- tá taifead déanta ar nósanna imeachta um próisis ghnó lárnacha,
- tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith ceaptha ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,

- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach,
- tá córais ann a bhfuil mar aidhm acu slándáil chórais theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní, agus
- córas um rialú ar chaiteachas clár lena n-áirítear nósanna imeachta um cheadú agus íocaíocht deontas agus próisis chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na cuspóirí a bhaint amach.

vii) Faisnéis Airgeadais agus Bhuiséadach

Tá córas na rialuithe inmheánacha bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmiligin agus cuntasachta, agus ar thacar nósanna imeachta airgeadais agus riaracháin, lena n-áirítear deighilt na ndualgas. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil, a dhéanann an Bord é a athbhreithniú agus a cheadú. Cuimsítear sa chóras buiséadaithe freisin dhá bhuiséad athbhreithnithe fhoirmiúla a ullmhú i mí an Mheithimh agus i mí Mheán Fómhair, agus cuirtear an dá cheann acu faoi bhráid an Bhoird le faomhadh.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht as feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe.
- Socruithe chun an ceannach ar fad a bheith déanta agus rialaithe trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais GCC.
- Athbhreithnithe míosúla ag an mBord ar thuarascálacha bainistíochta airgeadais.
- Glacadh le Plean Soláthair Chorporáidigh bliantúil agus Oifigeach Soláthair a cheapadh.

Lean na rialuithe ionsuite laistigh de na Córais Airgeadais de bheith ag feidhmiú mar is gnáth le linn 2025.

viii) Nósanna Imeachta chun Aghaidh a Thabhairt ar na hImpleachtaí Airgeadais a Bhaineann le Mór-rioscaí Gnó

Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas foirmiúil chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí gnó agus maidir le Pleananna Iniúchóireachta Inmheánaí GCC a ullmhú. Déantar tuilleadh measúnaithe agus meastóireachta orthu agus Plean an GCC um Iniúchóireacht Inmheánach á chur i bhfeidhm go céimneach.

ix) Monatóireacht ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach

Bhunaigh agus choimeád an GCC Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, atá comhdhéanta de sheisear baill sheachtracha, duine amháin diobh atá ina Chathaoirleach, agus bainisteoir sinsearach GCC amháin, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den GCC. Rinneadh é sin chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí agus chun comhairle a thabhairt don Bhord maidir le feidhmiú agus forbairt na feidhme sin.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an GCC ag a bhfuil dóthain acmhainní agus a chuireann clár oibre i gcrích a n-aontaítear air leis an CIR. Fostaíonn an GCC saineolaithe seachtracha chun iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh.

Cuireadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2025-2026 de chuid an GCC chun cinn i rith na bliana agus rinneadh athbhreithniú go rialta ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na ngníomhartha a ceanglaíodh de thoradh gach iniúchta, agus tugadh tuairisc don Choiste um Iniúchóireacht & Riosca ag gach ceann de chruinnithe den CIR agus don Bhord maidir leis sin.

Rinneadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2026-2027 a forbairt le linn 2025 agus tugtar léargas ann ar na rioscaí corparáideacha a shainithin an Coiste Feidhmiúcháin Riosca don GCC, ar na hiniúchtaí a shainithin Lucht Bainistíochta an GCC agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca, agus ar na forbairtí agus ar na saincheistean na dtaca le Rialachas Corparáideach atá tagtha chun cinn san Earnáil Phoiblí go ginearálta. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an bPlean Iniúchóireachta Inmheánaí agus rinne Bord an GCC an plean a cheadú i nDeireadh Fómhair 2025.

4. Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an GCC chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha i leith an tsoláthair. Ní raibh aon chásanna ann a bhí bainteach le soláthar neamhchomhlíontach in 2025.

5. Maoiniú Taighde

I gCiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontas ó Fhoinsí Státhchiste (an Ciorclán), leagtar amach na prionsabail phoiblí, na nósanna imeachta agus na ceanglais tuairiscithe bhreise um bhainistíocht airgeadais atá le comhlíonadh agus maidir le maoiniú deontais a sholáthraítear ó airgead poiblí á bhainistiú.

Tá an GCC i gcomhréir leis an gCiorclán seo agus tá nósanna imeachta maidir le deontais a cheadú agus a íoc, agus tá próisis ann chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí taighde a bhaint amach.

Gach bliain, cuireann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an GCC ar an eolas gur féidir leanúint de na socruithe réamh-mhaoinithe atá ann cheana a oibriú faoi Chlár Taighde an GCC go dtí go bhfaightear cead foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Phoiblí agus Digitiúcháin maidir le Seachadadh agus Athchóiriú PFN.

6. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an GCC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Le monatóireacht agus athbhreithniú GCC ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh cuirtear san áireamh obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus na hardbhainistíochta sinsearaí sa GCC atá freagrach as forbairt agus cothabháil chreat an rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna na Stiúrthóirí athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2025 i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2026, agus go bhfuil siad sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh iontaofa.

Sa bhliain 2025, rinne an GCC Iniúchadh Inmheánach ar an Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Rialuithe Airgeadais Inmheánacha. Rinneadh san iniúchadh sin anailís chríochnúil agus mhionsonraithe ar shocruithe rialachais airgeadais an GCC. Léirítear leis na torthaí gur féidir dearbhú suntasach a chur i leith leordhóthanacht agus éifeachtacht oibriochtúil na rialuithe chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus/nó a bhainistiú.

7. Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Ní aithníodh aon sárúithe ar rialuithe inmheánacha maidir le 2025 a bhfuil gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird.



An Dr Eimear Cotter

Ard-Stiúrthóir an GCC

23 Meitheamh 2026

9.3 Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoi staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta thábhachtacha.

I mo thuairimse, tugtar léargas fíor agus cruinn sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2025 i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (CIIInna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an International Organisation of Supreme Audit Institutions. Cuirtear síos san aguisín leis an tuarascáil seo mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam le bheith mar bhonn do mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i dteannta leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na Stiúrthóirí agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam chuige sin.



Colette Drinan

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

26 Meitheamh 2026

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na Stiúrthóirí, tá na Stiúrthóirí freagrach as

- na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992
- déanamh cinnte go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir i gcomhréir le CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé acu an cuí bonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- pé rialú inmheánach a mheasann siad gur cuí é le go mbeidh siad in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de thoradh calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus tuairisciú air sin do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíráiteas airgeadais de thoradh calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe atá i gceist le dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus gealltanais go mbraithfear i gcónaí míráiteas ábhartha más ann dó in iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na CIlInna. Féadann míráitis teacht chun cinn de thoradh calaoise nó earráide agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu, ina n-aonar nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na CIlInna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaím amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábharach sna ráitis airgeadais a aithint agus a mheasúnú cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a dhéanamh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá dóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh, ionas gur féidir liom nósanna imeachta a dhearadh a oireann do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtáí gaolmhara.
- Tugaim conclúid faoi oiriúnacht úsáid bhonn cuntasáíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise cuntasáíochta arna fáil, faoi cibé acu gurb ann d'éiginnteacht ábhartha maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh, mar gheall ar imeachtaí nó ar choinníollacha sa todhchaí, áfach, go stadfadh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil de bheith ina gnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtáí agus cibé acu an léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha sna ráitis airgeadais ar bhealach ina mbaintear amach cur i láthair cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram leagtha orthu as rialachas maidir le, i measc ábhar eile, scóip agus tráthúlacht beartaithe an iniúchta agus fionnachtana tábhachtacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár bh leor na taifid chuntasáíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile arna cur i láthair in éineacht leis sna ráitis sin, agus ní thugaim aon chonclúid chinnteachta maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá ceanglas orm faoi na CIlInna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, ar an dóigh sin, a mheas ar cibé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas i rith an iniúchta, nó má dhealraítear go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith ar aon slí eile. Má thagaim ar an gconclúid, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, ceanglaítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh agus aird á tabhairt ar na comaoineacha speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc má aithním ábhair ábhartha maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim chuig fianaise a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má aithním aon chás ábhartha, áit nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm do na cuspóirí dá raibh sé beartaithe nó áit nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

9.4 Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Ioncam			
Deontais Oireachtais - RAFC	2(a)	59,919	57,260
Deontais ón gCiste um Gheilleagar Ciorclach	2(b)	2,687	1,500
Deontais Oireachtais – RTRAO	2(b)	7,515	7,099
Costais Aisghafa maidir le Trádáil ina Astúcháin	3	3,449	2,446
Ioncam ó Gníomhaíochtaí Raideolaíocha	4	939	903
Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe	5	854	710
Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe	6	13,339	12,049
Fáltais Ilghnéitheacha	7	542	831
Admhálacha Taighde*	15	952	761
Glan Chistiú Shochair Iarchurtha	23(c)	9,030	10,774
Ioncam Iomlán		99,226	94,333
Caiteachas			
Luach Saothair	8	40,296	36,392
Costais Sochair Scoir	23(a)	13,196	13,666
Speansais Taistil	9	2,006	1,794
Costais Saotharlainne agus Allamuigh	10	1,997	1,730
Costais Chóiríochta	11	2,441	2,585
Costais Riaracháin	12	10,743	11,347
Sainchomhairleoirí	13	364	410
Deontais, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	14	8,132	9,417
Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde Comhshaoil*	15	11,816	11,599
Dímheas	16	7,918	5,572
Caiteachas Iomlán		98,908	94,512
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain roimh Leithghabhálacha		318	(179)
Aistriú ón/(go dtí) an Cuntas Caipitil	17	2,650	108
(Easnamh) / Barrachas ar Dhiúscairt/athaicmiú Sócmhainní Seasta		(56)	(106)
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain tar éis Leithghabhálacha		2,912	(177)
Barrachas amhail an 1 Eanáir		1,983	2,160
Barrachas amhail an 31 Nollaig		4,895	1,983

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag an dáta tuairiscithe. Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 27 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

* Sna blianta roimhe seo ní dhearnadh na hAdmhálacha Taighde a ghlanluacháil i gcoinne Caiteachas Taighde laistigh den I&E, in 2025 léirítear é seo anois mar líne éagsúil ioncaim agus athshonraíodh figiúirí comparáideacha 2024.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:



An Dr Eimear Cotter
Ard-Stiúrthóir



An Dr Tom Ryan
Leas-Ardstiúrthóir

23 Meitheamh 2026

9.5 Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
(Easnamh) / Barrachas tar éis leithghabhálacha		2,912	(177)
Gnóthachain/(Caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	23(d)	1,243	(2,316)
Athruithe ar an mbonn tuisceana maidir le luach reatha oibleagáidí sochar scoir		32,543	25,913
(Caillteanas)/Gnóthachan Achtúireach le linn na bliana		33,786	23,597
Coigeartú ar Mhaoiniú Sochar Scoir larchurtha		(33,786)	(23,597)
Ioncam Cuimsitheach Eile don Bhliain		2,912	(177)

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 27 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:



An Dr Eimear Cotter
Ard-Stiúrthóir

23 Meitheamh 2026



An Dr Tom Ryan
Leas-Ardstiúrthóir

9.6 Ráitis ar an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €'000	2024 €'000
Sócmhainní Seasta – Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	19	35,064	37,714
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	20	6,372	4,526
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	21	7,900	8,362
		14,272	12,888
Dlíteanais Reatha (Méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin)			
Suímeanna iníoctha	22	(9,384)	(10,911)
Glansócmhainní Reatha		4,888	1,977
Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha roimh Shochair Scoir		39,953	39,691
Sochair Scoir			
Oibleagáidí sochar scoir	23(b)	(209,535)	(234,291)
Sócmhainní maoinithe sochar scoir iarchurtha	23(c)	209,535	234,291
		0	0
Glansócmhainní Iomlána		39,953	39,691
Lena léirítear			
Cuntas caipitil	17	35,058	37,708
Cúlchistí ioncaim coinnithe		4,895	1,983
		39,953	39,691

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 27 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:



An Dr Eimear Cotter
Ard-Stiúrthóir

23 Meitheamh 2026



An Dr Tom Ryan
Leas-Ardstiúrthóir

9.7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	2025 €'000	2024 €'000
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
(Easnamh) / Barrachas loncaim thar Chaiteachas	2,912	(177)
Dímheas agus Bearnúchán ar Shócmhainní Seasta	7,918	5,572
(Méadú) ar Infháltais	(1,846)	(382)
Ardú / (Laghdú) i Suimeanna Iníoctha	(1,527)	245
Easnamh/(Barrachas) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	56	106
Aistriú (ón) / chuig an gCuntas Caipitil	(2,650)	(108)
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	4,863	5,256
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh a fháil	(5,343)	(5,570)
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta	18	0
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(5,325)	(5,570)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais		
Ús Bainc Íoctha	0	0
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais	0	0
Glanardú/(Glanlaghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	(462)	(314)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir	8,362	8,676
Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig	7,900	8,362
Cistí amhail an 31 Nollaig - In Aghaidh an Chláir Chomhordaithe	7,900	8,362

9.8 Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2025

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a ghlac an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chuici féin leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad ar fad go seasta i rith na bliana agus don bhliain roimhe seo.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, lena cheanncheathrú ag Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman.

Príomhchuspóirí - tá cur síos ar oibríochtaí agus ar phríomhghníomhaíochtaí GCC leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil atá leis na Ráitis Airgeadais seo. Is Aonán Sochair Poiblí (ASP) í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 de réir CTA 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA).

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ar an mbealach atá ceadaithe ag an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin de réir Alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a cheaptar a bheith ábhartha.

d) Ioncam

Deontais Stáit

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhráithe; eisceacht amháin air sin is ea Deontais Stáit, a aithnítear ar bhonn fáltais airgid thirim.

Ioncam Gníomhaíochta Ceadúnais

Ceanglaítear ar iarratasóirí ar cheadúnais chomhshaoil táille iomlán an iarratais ar cheadúnas a íoc nuair a dhéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus do Chúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, Ceadúnais um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú agus Ceadúnas Bainistithe Dramhaíola agus Astarraingtí:

Iarratas	30%
Cinneadh Beartaithe	50%
Eisiúint Ceadúnais	20%

Ceadúnais um Scaradh Fuíolluisce:

Iarratas	10%
Admháil an iarratais iomláin	40%
Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas	50%

Ioncam eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhráithe.

e) An tAonad Trádála in Astúcháin

Bunaíodh an tAonad Trádála Astaíochtaí laistigh den Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2003. Déanann an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil na costais a bhaineann leis an scéim trádála astaíochtaí a riaradh, a aisíoc leis an GCC, ó fháltais dhíol lamháltas a íoctar go díreach leis an Roinn.

f) Íocaíochtaí um Dheontais Taighde

Glacann an GCC gealltanais ar láimh maidir le tionscadail taighde dá ndéantar maoiniú a bhronnadh. Gearrtar caiteachas i leith na dtionscadal taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú dhámhachtain an deontais, ar bhonn na n-íocaíochtaí eatramhacha a d’fhéadfadh a bheith faoi réir ag feidhmíocht shásúil agus ar bhonn íocaíochtaí breise arna n-eisiúint ar ghlacadh agus ar fhíorú éileamh maidir le hobair a críochnaíodh. Gearrtar costais a thabhaíonn an GCC i bhfeidhmiú na gclár taighde sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

g) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a shonrú ag costas lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe maidir le haon fhoráil le haghaidh bearnúcháin. Bíonn dímheas á sholáthar ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar go ndíscríobhfaidh siad na costais lúide an luach iarmharach measta ar gach sócmhainn ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach measta, mar a leanas:

Foirgnimh	2% in aghaidh na bliana
Léasach	10% in aghaidh na bliana
Troscán agus Feistis	10% in aghaidh na bliana
Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh	15% in aghaidh na bliana
Trealamh	20% in aghaidh na bliana
Trealamh TF agus Ríomhaireachta	25% in aghaidh na bliana
Mótarfheithiclí	20% in aghaidh na bliana

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a d’fhéadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta a bhaint as, dá mbeadh an tsócmhainn ar an aois agus sa staid a mbeifí ag súil leis ag deireadh a shaoil úsáideach.

h) Caipitliú Bogearraí arna bhForbairt go hInmheánach

Déantar caipitliú ar chostais sheachtracha na mbogearraí a fhorbraíonn an Ghníomhaireacht, áit ar féidir iad a aithint go leithleach mar bhogearraí ar féidir leis an GCC úsáid a bhaint astu agus áit a bhfuil súil go mbeidh buntáistí gnó ag eascairt astu ar feadh roinnt blianta amach anseo. Déantar costais tuarastail bhaill foirne fhorbairt na mbogearraí a chaipitliú chomh maith.

i) Maoiniú Caipitil

Comhlíontar sócmhainní seasta an GCC agus céimeanna chun cinn chun obair atá ar siúl, agus ceannachán sócmhainní, a mhaoiniú ó theaghlaim de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus leithroinntí as ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir dímheas na sócmhainní gaolmhara.

j) Fardal

Díscríobhtar iomlán na bhfardal, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

k) Infháltais

Déantar suimeanna infhaighte a thomhas ar phraghas idirbhirt ar dtús agus ansin tugtar anonn iad ag an méid sin, lúide soláthar d’aon fhiacha amhrasacha. Bunaítear soláthar d’fhiacha amhrasacha nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in ann na méideanna go léir atá ag dul di a bhailiú. Aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Coinnithe loncaim na gluaiseachtaí go léir ar sholáthar d’fhiachais amhrasacha.

I) Léasanna Oibríochta

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibríúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Coinnithe thar shaol an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne díri thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair atá arduithe léasa ceangailte le ráta ionchais boilscithe, sa chás sin aithnítear na harduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear dreasacht léasa ar feadh shaolré an léasa.

m) Sochair Fostaithe

Sochair Gearrthéarma

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire le linn na bliana, agus maidir le sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana, cuimsítear i bhfigiúr na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais iad.

Sochair Scoir

Bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a scéimeanna pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, scéimeanna a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn ‘íoc mar a úsáidtear’ as airgead atá ar fáil di, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, agus as ranníocaíochtaí a bhaintear de thuarastail foirne agus comhaltaí. Oibríonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”), ar scéim le sochar sainithe í d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a bhíonn tuillte ag fostaithe agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne ó fhostaithe. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille phinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go ndéanann deontais a fhaightear i rith na bliana é a fhritháireamh sa chaoi gur féidir íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais is toradh ar oibleagáidí pinsin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasáíochta ina saothraíonn na fostaithe iad. Déantar dliteanais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

Is ionann na dliteanais phinsin agus luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Is éard atá i maoiniú pinsin iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil amach anseo ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

n) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Ceanglaíonn ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar na méideanna a tuairiscíodh mar shócmhainní agus dliteanais amhail dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus na méideanna a tuairiscíodh mar ioncam agus speansais le linn na bliana. Mar sin féin, is é an nádúr atá le meastacháin go bhféadfadh an toradh iarbhrí a bheith difriúil ó na meastacháin. Tá an toradh is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar nuashonrú bliantúil ar na boinn tuisceana atá mar bhunús ag na luachálacha achtúireacha a gcinntítear ina leith, na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (ar a n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus treochtaí maidir le rátaí chostais cúram sláinte), agus bíonn an nuashonrú seo bunaithe ar thosca eacnamaíocha reatha, agus ar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

D’fhéadfadh tionchar a bheith acu seo a leanas ar na boinn tuisceana:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta brabúis ar bhannaí ardchaighdeáin corparáideacha.
- (ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, tosca mhargadh an lucht oibre sa todhchaí.

2. Deontais Stáit

		2025	2024
		€'000	€'000
Deontais ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide:			
(a) Deontas Oireachtais – Deontais ó Vóta na Roinne:			
Reatha	Fotheideal – A3 agus A4	43,089	39,642
Caipiteal	Fotheideal – A3 agus A4	15,953	16,518
Cláir Eile	Fotheideal – A3 agus A4	877	1,100
Iomlán na nDeontas Oireachtais RAFC		59,919	57,260

Tá an Deontas reatha atá léirithe glan ar ranníocaíochtaí fostaithe sa scéim aonair €808K (2024: €640K) á tarchuireadh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

		2025	2024
		€'000	€'000
(b) Deontais ón gCiste um Gheilleagar Ciorclach:			
Cláir Eile		2,687	1,500
Deontais Iomlána ón gCiste um Gheilleagar Ciorclach		2,687	1,500

		2025	2024
		€'000	€'000
Deontais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht:			
(c) Deontas Oireachtais – Deontais ó Vóta na Roinne:			
Reatha	Fotheideal – B3	6,253	6,058
Caipiteal	Fotheideal – B3	1,262	1,041
Deontais Iomlána Oireachtais ón RTRÁO		7,515	7,099
Iomlán na nDeontas ón Stát		70,121	65,859

Maoiniú Taighde de €12.1M (2024: €12.1M) arna chur ar fáil ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide mar leithdháileadh speisialta chun freastal ar chostas taighde comhshaoil. Caitheadh €13.471M ar na gníomhaíochtaí taighde seo in 2025 (2024: €13.169M). Féach Nóta 15.

3. Gníomhaíochtaí Ionad Trádála Astaíochtaí

		2025	2024
		€'000	€'000
Costais an Aonaid Trádála in Astaíochtaí a aisghabhadh ó Chistí Ceantála, etc.		3,449	2,446
Maoiniú Iomlán Chostais an ETU		3,449	2,446

4. Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha

		2025	2024
		€'000	€'000
Seirbhís Calabrúcháin		41	41
Seirbhís Mhonatóireachta ar Radaíocht		220	243
Ceadúnú agus Forfheidhmiú Raideolaíoch		678	619
Ioncam Iomlán ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha		939	903

5. Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe - Ceadúnú maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, Rialú Comhtháite ar Thruailliú, Dramhaíl agus Sceitheadh Fuíolluisce

	2025 €'000	2024 €'000
Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 1 Eanáir	1,833	1,940
Táillí a Fuarthas	935	628
Lúide Aisíocaíochtaí Íoctha	(96)	(25)
Táillí Ceadúnais réamhíoctha ar an 31 Nollaig (féach Nóta 22)	(1,819)	(1,833)
An tsuim a cuireadh chun sochair don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus do na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	854	710

Ceadúnú: An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED), Rialú Comhtháite ar Thruailliú (IPC) agus Ceadúnas Bainistithe Dramhaíola agus Astarraingtí:

Faoi Alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an GCC freagrach as ceadúnú gach mórghníomhaíochta aisghabhála dramhaíola & diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

Ceadúnú: Sceitheadh Fuíolluisce (WWD)

Déantar foráil sna Rialacháin um Sceitheadh Fuíolluisce (Údarú) 2007 chun sceitheadh fuíolluisce uirbigh a cheadúnú. Ní mór ceadúnas a fháil ón GCC i gcás sceitheadh i gceantair a fhreastalaíonn ar choibhéis daonra de bhreis is 500. Ní mór do cheantair a fhreastalaíonn ar choibhéis daonra de níos lú ná 500 a bheith deimhnithe ag an GCC. Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratas ar cheadúnais den sórt sin a fhaigheann an GCC a hioncam ceadúnaithe.

6. Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin - Astaíochtaí Tionsclaíocha, Rialú Comhtháite ar Thruailliú, Dramhaíl, Sceitheadh Fuíolluisce agus Uisce Óil

	2025 €'000	2024 €'000
Muirir Fhorfheidhmithe ar gearradh sonrasc orthu	13,183	11,833
Fíneálacha lonchúisimh agus Costais a Gnóthaíodh	156	216
Ioncam Iomlán ó Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe	13,339	12,049

Faoi Alt 96 d'Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, tá an GCC freagrach as rialú a dhéanamh ar phróisis tionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh mórthruailliú tarlú dá mbarr. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, tá an GCC freagrach as rialáil a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

Faoi na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) 2007, tá an GCC freagrach as sceitheadh fuíolluisce a rialáil. Faoi rialacháin (Uisce Óil) an Aontais Eorpaigh 2014, is féidir leis an GCC táille a ghearradh as monatóireacht a dhéanann sé ar cháilíocht sholáthair uisce óil an phobail.

Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair fhorfheidhmithe sin a fhaigheann an GCC a ioncam forfheidhmithe.

Tagraíonn Fíneálacha lonchúisimh agus costais a gnóthaíodh d'aisghabháil costais a chaithfear agus íocaíocht fíneálacha leis an nGníomhaireacht, mar a fhoráiltear faoin reacht ag an Acht um an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 arna leasú agus an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996.

7. Fáltais Ilghnéitheacha

	2025	2024
	€'000	€'000
Ús ar thaisce bhainc	2	0
Táillí agus ioncam DTLL	173	163
Ioncam an Chláir BEATHA	0	169
Seirbhís Idirchalabraithe Saotharlainne	73	77
Táillí Clárúcháin Breosla Sholadaigh	14	19
Cás Dlí a Shocrú	0	286
Ioncam Ilghnéitheach	280	117
	542	831

8. Luach Saothair

a) Sochair Fostaí Chomhiomlána

	2025	2024
	€'000	€'000
Sochair Ghearrthéarmacha do Bhaill Foirne	36,775	33,279
Sochair foirceanta	0	0
Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialta ÁSPC	3,755	3,339
Costais Iomlána Tuarastal	40,530	36,618
Costais Tuarastail Fhorbairt TF caipitlithe	(234)	(226)
Gearrtar Costais Tuarastail ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	40,296	36,392

Áirítear le costas iomlán an tuarastail €40.5M fabhrú de €1,040,000 (2024: €1,084,000) maidir le teidlíochtaí carntha i dtaca le saoire bhliantúil foirne. €809,000 (2024: €640,000) de ranníocaíochtaí pinsin bhaill na Scéime aonair a rinneadh a bhaint agus a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Ba é líon iomlán na mball den Scéim Aonair ag deireadh na bliana ná 313 (2024: 267).

In 2025, €1,335,215 de Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (2024: €1,255,881) a asbhaineadh de bhaill foirne agus a íocadh leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

b) Anailís ar bhaill foirne de réir ionaid:

	2025	2024
Ceanncheathrú	232	226
Cigireacht Réigiúnach Caisleán an Bharraigh	37	34
Cigireacht Réigiúnach Corcaigh	75	71
Cigireacht Réigiúnach Baile Átha Cliath	161	150
Cigireacht Réigiúnach Cill Chainnigh	27	28
Cigireacht Réigiúnach Muineachán	15	16
Oifigí Réigiúnacha	1	1
	548	526

c) Anailís ar chostais tuarastail foirne níos mó ná €60,000:

Is iad seo a leanas líon na bhfostaithe ar thit a gcuid sochar fostaí laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000:

	2025	2024
€60,000 go €70,000	110	83
€70,000 go €80,000	95	95
€80,000 go €90,000	54	49
€90,000 go €100,000	24	17
€100,000 go €110,000	23	19
€110,000 go €120,000	6	6
€120,000 go €130,000	6	3
€130,000 go €140,000	1	0
€140,000 go €150,000	1	0
€150,000 go €160,000	0	0
€160,000 go €170,000	2	4
€170,000 go €180,000	1	1
€180,000 go €190,000	0	0
€190,000 go €200,000	0	1
€200,000 go €210,000	1	0

Ba é líon iomlán na mball foirne a bhí fostaithe (CLA) ag deireadh na bliana ná 541 (2024:508.4).

d) Sochair Ghearrthéarmacha do Bhaill Foirne

	2025 €'000	2024 €'000
Pá Bunúsach	36,712	33,215
Liúntais	63	64
	36,775	33,279

e) Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá an tArd-Stiúrthóir agus cúigear comhaltaí den Bhord Stiúrthóirí mar phríomhphearsanra bainistíochta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Íoctar tuarastal cuimsitheach leo agus dá bharr sin ní íoctar aon táillí Stiúrthóirí ná Boird leo. Tá luach iomlán na sochar fostaí don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

	2025 €'000	2024 €'000
Tuarastal	1,026	1,013
Liúntais	14	14
	1,040	1,027

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus ní shíneann a gcuid teidlíochtaí chuige sin thar théarmaí shamhail scéim na bpinsean seirbhíse poiblí.

f) Tuarastal agus Sochair an Ard-Stiúrthóra

Seo a leanas pacáiste luach saothair an Ard-Stiúrthóra don tréimhse airgeadais:

	2025 €'000	2024 €'000
Tuarastal	206	199

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de scéim pinsin foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir) agus ní théann a theidliochtaí chuige sin thar théarmaí shamhail na scéime pinsin seirbhíse poiblí.

9. Speansais Taistil

	2025 €'000	2024 €'000
Taisteal agus Cothú	1,851	1,636
Speansais Mhótarfheithiclí	155	158
	2,006	1,794

Áirítear leis sin caiteachas taistil an Bhoird Feidhmiúcháin de €69,607 (2024: €91,880). Déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin na costais a bhaineann leis an caiteachas Taistil agus Cothaithe a riaradh, a aisíoc de réir na ngnáth rátaí leis an GCC.

10. Costais Saotharlainne agus Allamuigh

	2025 €'000	2024 €'000
Speansais Saotharlainne agus Allamuigh	1,067	953
Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil	865	710
Éadaí Cosanta	65	67
	1,997	1,730

11. Costais Chóiríochta

	2025 €'000	2024 €'000
Cíos agus Rátaí	669	663
Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht	781	811
Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil	991	1,111
	2,441	2,585

12. Costais Riaracháin

	2025 €'000	2024 €'000
Teileafón agus Postas	463	487
Cló Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta	374	502
Árachas	250	234
Caiteachas TFC	5,559	5,858
Táillí Iniúchóireachta	33	30
Costais a bhaineann le Rialú Corparáideach agus Iniúchóireacht Inmheánach	69	97
Táillí dlí, comhairle agus costais a bhaineann leo	1,480	1,371
Speansais Cruinnithe, Coiste Sheachtraigh agus Aoichainteoirí	389	488
Ceapachán Foirne agus costais ghaolmhara eile	200	203
Ús agus Muirir Bhainc	11	15
Leabhair, Tréimhseacháin, agus Leabharlann	83	105
Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne	636	585
Fógraíocht	45	66
Cumarsáid	937	1,094
Ilearraí	215	212
	10,743	11,347

13. Costais Sainchomhairleoireachta

	2025 €'000	2024 €'000
Sainchomhairleoirí	364	410
	364	410
Ar na hOifigí GCC a bhain leas as na comhairliúcháin seo, bhí:	€'000	€'000
An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha	91	108
An Oifig um Fhianaise agus Measúnú	167	201
An Oifig um Chosaint ar Radaíocht agus Monatóireacht Chomhshaoil	76	55
Oifig an Ard-Stiúrthóra/Trasoifig	30	46
	364	410

14. Deontais, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha

	2025 €'000	2024 €'000
Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhísí Seachtracha	7,527	8,074
Deontais	605	1,343
	8,132	9,417
Seo a leanas na hOifigí GCC inar tabhaíodh costais faoin gceannteideal seo:	€'000	€'000
An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha	1,063	691
An Oifig um Inbhuanaitheacht Comhshaoil	970	2,130
An Oifig um Fhianaise agus Measúnú	3,471	3,823
An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil	930	1,014
An Oifig um Chosaint ar Radaíocht agus Monatóireacht Chomhshaoil	1,697	1,759
	8,132	9,417

15. Taighde Comhshaoil

	2025 €'000	2024 €'000
Clár Taighde an GCC	11,816	11,599
Clár Taighde an GCC	(34)	(188)
Ioncam Taighde Cómhaoinithe	(918)	(573)
Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde	10,864	10,838

Seoladh clár reatha an GCC um thaighde comhshaoil in 2021. Tá sé á chómhaoiniú le meascán de mhaoiniú ón Státchiste agus cómhaoiniú a sholáthraíonn eagraíochtaí maoinithe taighde eile. Tá sé mar aidhm ag Clár Taighde an GCC an eolaíocht agus an nuálaíocht a chur i gceartlár chosaint an chomhshaoil in Éirinn agus eolas á fhorbairt agus á aistriú go réamhghníomhach.

Cómhaoiniú Taighde

	2025 €'000	2024 €'000
Chomh maith leis an maoiniú a chuir an RAFC ar fáil, aithníodh an cómhaoiniú taighde seo a leanas:		
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	342	177
Met Éireann / An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	167	192
Agence Nationale de la Recherche	0	11
Foras na Mara	32	6
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	23	4
Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann	0	18
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann	0	64
An Roinn Iompair	108	48
An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil	0	24
Ilghnéitheach/Eile	246	29
Cómhaoiniú Iomlán	918	573

Le linn 2025, ba é caiteachas an GCC ar Chláir Taighde ná €13.471M lenar áiríodh íocaíochtaí Deontais de €11.816M, mar a thaispeántar thuas, agus costais um chur i bhfeidhm agus gníomhaíochta de €1.655M, atá tuairiscithe faoi na ceannteidil costais seo a leanas: Taisteal, Saotharlann agus Allamuigh, Riarachán agus Conraitheoirí.

Le linn 2024, ba é caiteachas an GCC ar Chláir Taighde ná €13.169M lenar áiríodh íocaíochtaí Deontais de €11.599M, mar a thaispeántar thuas, agus costais um chur i bhfeidhm agus gníomhaíochta de €1.570M, atá tuairiscithe faoi na ceannteidil costais seo a leanas: Taisteal, Saotharlann agus Allamuigh, Riarachán agus Conraitheoirí.

Tá €128K d'íocaíochtaí deontais breise (2024: €437K) le haghaidh cláir taighde san áireamh san fhigiúr a bhaineann le Deontais i Nóta 14.

An 31 Nollaig 2025, b'ionann na gealltanais a bhí déanta ach nach raibh gearrtha go fóill ar na ráitis airgeadais maidir le Tionscadail taighde agus €46,151K (2024: €42,021K) leis an miondealú seo a leanas:

	2025 €'000	2024 €'000
Gealltanais Deontais le híoc amhail an 1 Eanáir	42,021	34,869
Deontais a Ceadáíodh le linn na bliana	17,034	20,315
Deontais atá Dídhílsithe le linn na bliana	(1,122)	(1,752)
Íocaíochtaí Deontais a rinneadh sa bhliain	(11,816)	(11,599)
Aisíocaíochtaí íocaíochtaí Deontais a fuarthas sa bhliain	34	188
Gealltanais le híoc amhail an 31 Nollaig	46,151	42,021

Níl costais feidhmiúcháin an GCC maidir leis na Cláir thaighde san áireamh sna figiúirí seo.

16. Dímheas Sócmhainní Seasta

	2025	2024
	€'000	€'000
Dímheas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 19)	5,932	5,572
Muirear Dímheasa roimhe sin mar gheall ar athaicmiú (Nóta 19)	1,987	0
	7,918	5,572

17. Cuntas Caipitil

	€'000	€'000
Amhail an 1 Eanáir 2025		37,708
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Ioncam Leithdháilte chun críche Caipitil	- Breiseanna Sócmhainní Seasta	
	5,343	
	5,343	
Lúide:		
Diúscairtí ar chostas	(1,545)	
Lúide dímheas roimhe sin ar dhiúscairtí	1,470	
	(75)	
Muirear dímheasa don bhliain	(5,932)	
Muirear Dímheasa roimhe sin mar gheall ar athaicmiú	(1,987)	
Aistriú glan (go dtí)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		(2,650)
Amhail an 31 Nollaig 2025		35,058

Rinneadh athaicmiú ar shócmhainní áirithe i ndiaidh athbhreithniú a rinneadh ar chatagóiriú na sócmhainní agus ar bheathaí eacnamaíocha úsáideacha, agus cuireadh dímheas cúlghabhálach i bhfeidhm nuair is iomchuí. Ní raibh tionchar ar bith ag an athaicmiú ar bharrachas/easnamh iomlán don bhliain. (Nóta 19)

18. Cánachas

Tá an GCC díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin, níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

19. Sócmhainní Seasta – Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Iomlán €'000	Foirgnimh €'000	Léasach €'000	Troscán & Feistis €'000	Trealamh TF agus CE €'000	Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh €'000	Mótarfheithicilí €'000
Costas							
Amhail an 1 Eanáir 2025	105,343	47,204	0	7,313	35,361	13,846	1,618
Breiseanna	5,343	82	107	973	3,257	694	229
Athaicmiú	(0)	(6,871)	2,923	3,871	23	53	0
Diúscairtí	(1,545)	(85)	0	(193)	(635)	(517)	(115)
Amhail an 31 Nollaig 2025	109,141	40,331	3,031	11,965	38,007	14,075	1,732
Dímheas							
Amhail an 1 Eanáir 2025	67,629	18,100	0	6,026	31,161	11,090	1,252
Athaicmiú	1,987	(1,779)	2,140	1,562	23	41	0
Muirear don Bhliain	5,932	806	148	964	2,838	1,030	146
Ar Dhiúscairtí	(1,470)	(31)	0	(193)	(622)	(510)	(115)
Amhail an 31 Nollaig 2025	74,077	17,097	2,287	8,359	33,401	11,650	1,283
Glanluach de Réir na Leabhar							
Amhail an 31 Nollaig 2025	35,064	23,234	744	3,606	4,606	2,425	450
Amhail an 31 Nollaig 2024	37,714	29,104	0	1,287	4,200	2,756	366

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) foirgneamh cigireachta réigiúnaí GCC ag Lóiste Seville, Cill Chainnigh ar láithreán a fuarthas don GCC. Tá aistriú dlíthiúil an láithreáin chuig an GCC á phróiseáil ag an OOP trí Oifig an Phríomh-Atur na Stáit. In 2025, rinne an GCC caipitliú de €2.668M (2024: €2.476M) maidir leis an gcostas seachtrach agus €234K (2024: €226K) maidir le costas an tuarastail inmheánaigh a bhain le forbairt bogearraí ar mhaithe le húsáid inmheánach. Tá sé sin ag teacht lenár mBeartas Cuntasaíochta maidir le Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach. €5.559M sa bhreis (2024: €5.858M) de chaiteachas oibríochta TFC a gnóthaíodh agus tá sé san áireamh faoi Chostais Riaracháin ag 12 thuas.

20. Infháltais

	2025 €'000	2024 €'000
Féichiúnaithe	3,572	2,617
Réamhíocaíochtaí	2,800	1,909
	6,372	4,526

21. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

	2025 €'000	2024 €'000
Airgead Tirim agus Iarmhéideanna Bainc	7,900	8,362

22. Suimeanna iníoctha

	2025 €'000	2024 €'000
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
Táillí Ceadúnas Réamhíoctha	1,819	1,833
Ioncam Iarchurtha Eile	569	482
Trádáil agus Speansais Eile	6,997	8,596
	9,384	10,911

Tá na suimeanna seo a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh i dTrádáil agus Speansais Eile thuas:

	2025 €'000	2024 €'000
Cáin Shiarchoinneálach i leith Seirbhísí Gairmiúla	398	295
ÍMAT/ÁSPC/MSU	1,134	1,055
CBL	224	210
Cáin Chonarthaí Iomchuí	1	7
	1,756	1,567

23. Costais Sochair Scoir

a) Anailís ar chostais iomlána sochair scoir a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe:

	2025 €'000	2024 €'000
Costas Seirbhíse Reatha	7,104	7,687
Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir	7,972	7,699
Ranníocaíochtaí Fostaí	(1,880)	(1,720)
	13,196	13,666

b) (b) Gluaiseacht sna glanoibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

	2025 €'000	2024 €'000
Glanoibleagáid shochair scoir ar 1 Eanáir	234,291	247,114
Costais seirbhíse reatha	7,104	7,687
Costais Úis	7,972	7,699
(Gnóthachan)/Caillteanas achtúireach	(33,786)	(23,597)
Pinsin a íocadh sa bhliain	(6,046)	(4,612)
Glanoibleagáid shochair scoir ar 31 Nollaig	209,535	234,291

c) Maoiniú larchurtha le haghaidh Sochar Scoir

Aithníonn an GCC gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir atá sna suimeanna sin ar bhonn na mbonn tuisceana a ndéantar cur síos orthu thíos agus roinnt teagmhas san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin. Níl aon fhianaise ag an GCC nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin chun suimeanna den chineál sin a chlúdach i gcomhréir le cleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha i gcomhair aoisliúntais a aithníodh sna Cuntais loncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí loncaim Coinnithe:

	2025	2024
	€'000	€'000
Maoiniú In-aisghabhála maidir le costais aoisliúntais na bliana reatha	15,076	15,386
Acmhainní curtha i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc	(6,046)	(4,612)
	9,030	10,774

B'ionann agus €209.5M an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2025 (2024: €234.3M).

d) Stair na nOibleagáidí Sochair Shainithe

	2025	2024	2023	2022	2021
	€ M	€ M	€ M	€ M	€ M
Oibleagáidí sochair shainithe	209	234	247	234	335
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime sochair sainithe:					
Méid (€ M)	1.243	(2.316)	4.182	(5.489)	3.143
Céatadán na nDlíteanas Scéime	0.6%	-1.0%	1.7%	-2.3%	0.9%

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach agus €33.5M (2024: €67.3M).

e) Tuarisc Ghinearálta ar na Scéimeanna

Is socruithe pinsin sochair shainithe bunaithe ar an tuarastal deiridh iad na scéimeanna, ina sainítear na sochair agus na ranníocaíochtaí a bhaineann leo trí thagairt do “samhail” reatha na rialachán i dtaca le scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do na baill foirne (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), mar aon le haisce nó cnapshuim (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é an Ghnáthaois Scoir an dáta a shlánóidh an ball 65 bliain d’aois, agus i gcás baill a bhí ann roimh 2004, tá siadsan i dteideal dul ar scor a luaithe a shlánóidh siad 60 bliain d’aois gan laghdú achtúireach a bheith i gceist. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean (1/48 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (1/32 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí do chomhaltaí den Bhord. Tá comhaltaí den Bhord i dteideal dul ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. De ghnáth, tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ag teacht leis an mboilsciú tuarastail ghinearálta san earnáil poiblí.

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochta faoi CTA 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách ar an 31 Márta 2026, agus riachtanais an CTA á gcur san áireamh, d’fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú an 31 Nollaig 2025.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

	2025	2024
Arduithe tuarastail amach anseo	3.05%	3.30%
Arduithe sochair scoir amach anseo	2.55%	2.80%
Arduithe sa phinsean stáit amach anseo	2.05%	2.30%
Ráta lascaine	3.45%	3.15%
Boilsciú amach anseo	2.05%	2.30%
Athluacháil iarchuir	2.55%	2.80%

Básmhaireacht Réamhscoir

100% S4PMA le feabhsuithe CMI 2024 le ráta fadtéarmach 1.25% sa bhliain agus breisiú tosaigh 0.5% (fireannaigh).
100% S4PFA le feabhsuithe CMI 2024 le ráta fadtéarmach 1.25% sa bhliain agus breisiú tosaigh 0.5% (baineannaigh).

Básmhaireacht tar éis Scoir

100% S4PMA le feabhsuithe CMI 2024 le ráta fadtéarmach 1.25% sa bhliain agus breisiú tosaigh 0.5% (fireannaigh).
100% S4PFA le feabhsuithe CMI 2024 le ráta fadtéarmach 1.25% sa bhliain agus breisiú tosaigh 0.5% (baineannaigh).

Ionchas Saoil

Ceadaítear leis an mbunús básmhaireachta a glacadh go sainráite feabhsuithe a dhéanamh ar ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil nuair a théann duine ar scor ag brath ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir (65 bliain d'aois). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a bheidh ag baill a shlánóidh 65 bliain d'aois in 2025 agus in 2045.

An bhliain ina slánóidh an duine 65 bliain d'aois	2025	2024
Ionchas saoil - fir	87.0	86.7
Ionchas saoil - mná	89.3	89.1

24. Gealltanais Léasa

An 31 Nollaig 2025, bhí na híocaíochtaí íosléasa seo a leanas, agus iad faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe, ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

	2025	2024
	€'000	€'000
Iníochta laistigh de bhliain amháin	641	661
Iníochta laistigh de dhá go cúig bliana	883	1,261
Iníochta tar éis cúig bliana	1,127	1,176

B'ionann luach na n-íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas agus €653K (2024: €654K).

25. Nochtaí Páirtithe Gaolmhara

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinneadh glactha ag an GCC de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialacháin a ritheadh faoi. Chloígh an GCC leis na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

Ar phríomhphearsanra bainistíochta an GCC tá an tArd-Stiúrthóir agus comhaltaí den Bhord Stiúrthóirí. Íocadh €1,110K san iomlán leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear tuarastail Stiúrthóirí, speansais dhearbhaithe agus luach saothair an Ard-Stiúrthóra (2024: €1,119K).

I ngnáthchúrsaí gnó d'fhéadfadh an Gníomhaireacht deontais a cheadú agus dul isteach i socruithe conarthacha eile le gnóthais ina bhfuil leas ag Príomhphearsanra Bainistíochta an GCC, ní raibh idirbhearta den sórt sin in 2024 ná 2025.

26. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh roinnt athruithe ar chur i láthair míreanna sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí inchomparáide a athaicmiú áit ba ghá, ar bhonn atá ar aon dul le cur i láthair na bliana reatha.

27. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Bord na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais an 23 Meitheamh 2026.

Ceanncheathrú

Bosca Oifige Poist 3000,
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin,
Contae Loch Garman, Éire
T: +353 53 916 0600
F: +353 53 916 0699
R: info@epa.ie
SG: www.epa.ie
Glao Áitiúil: 1890 33 55 99

Cigireacht Réigiúnach

Teach Mhic Cumascaigh,
Richview, Bóthar Chluain Seach,
Baile Átha Cliath 14, Éire

T: +353 1 268 0100
F: +353 1 268 0199

Cigireacht Réigiúnach

Inis Cara, Co. Chorcaí,
Éire

T: +353 21 487 5540
F: +353 21 487 5545

Cigireacht Réigiúnach

Lóiste Sevilla, Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh, Éire

T: +353 56 779 6700
F: +353 56 779 6798

Cigireacht Réigiúnach

Bóthar Sheáin de Móra, Caisleán an Bharraigh
Co. Mhaigh Eo, Éire

T: +353 94 904 8400
F: +353 94 902 1934

Cigireacht Réigiúnach

An Gleann, Muineachán, Éire

T: +353 47 77600
F: +353 47 84987

